- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin má tá sé míchuí talamh slán a dhéanamh go leanfaidh sé air ag feidhmiú; agus
- A bheith in ann a rá ar leanadh caighdeáin chuntasáiochta infheidhmithe, faoi réir aon imeacht ábhartha a noctar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as taifid chuntasáiochta shásula a choinneáil a nochtann, le cruinneas réasúnta ag aon tráth, a staid airgeadais agus a chuireann ar a chumas a chinntí go gcomhlónann na ráitis airgeadais Alt 18(a) den Ordú um Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (Bunú), 2012. Is é an Bord atá freagrach as sláine agus cothabháil na faisnéise corporáidí agus airgeadais ar shuíomh gréasáin GBRÁ.

Tá an Bord freagrach as an bplean agus an buiséad bliantúil a fhaomhadh. D'fhaomh an Bord an Buiséad an 23 Meán Fómhair 2021 agus an Plean Corparáideach 2020-2022 an 28 Samhain 2019.

Tá an Bord freagrach freisin as a shócmhainní a chosaint agus as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Measann an Bord go dtugann ráitis airgeadais GBRÁ léargas fíor agus cothrom ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais GBRÁ amhail an 31 Nollaig 2021.

### Sceideal na gCúrsaí

I measc na bhfreagrachtaí sonracha atá ag comhaltaí Boird tá:

- Sócmhainní GBRÁ a chosaint trí bhearta réasúnacha a ghilcadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.
- Sócmhainní a dhiúscairt agus a chur ar scor ar fiú níos mó ná €70,000.
- The approval of significant acquisitions above €100,000.
- éadálacha suntasacha a fhaomhadh ar fiú níos mó ná €100,000.
- Faomhadh téarmaí conarthaí móra os cionn €100,000.
- Ceadú Buiséid Bliantúla agus Pleananna Corparáideacha.
- Céadú Tuarascálacha Bliantúla agus cuntais..
- Comhlónadh ceanglais reachtúla agus riarrachán maidir le ceapadh, líon, grádú, agus coinníollacha ceapacháin na bhfostaithe go léir, lena n-áirítear luach saothair agus aoisliúntas, a cheadú.
- Infheistíochtaí móra agus tionscadail chaipítil a cheadú
- A chinntíú go bhfuil leibhéal údaráis tarmligthe, beartas cistíochta agus beartais um bainistíocht riosca i bhfeidhm agus go gcloítear leo.
- Go gcoimeádfar leabhair chuntais chearta a nochtfaidh le cruinneas réasúnta ag aon tráth staid airgeadais GBRÁ agus a chuireann ar a chumas a chinntíú go gcomhlónann na ráitis airgeadais alt 18(a) den Ordú Bunaithe 2012.
- Ceapachán, luach saothair agus measúnú ar fheidhmíocht an Phríomhfheidhmeannáigh, agus ar phleanáil comharbais, don Phríomhfheidhmeannach, de réir bheartas an rialtais.
- Go ndéanfar measúnú cothrom sothuigthe ar sheasamh GBRÁ agus a Tuarascáil Bhliantúil agus cuntais á gcur faoi bhráid an Aire.

- Cloí le gach oibleagáid reachtúil a bhaineann leis an GBRÁ. Sa chás go dtugann comhaltaí Boird aonair faoi deara neamhchomhlónadh i leith aon oibleagáid dá leithéid, ba chóir dóibh é sin a chur in iúl dá gcomhaltaí Boird láithreach d'fhonn an cheist a chur ina cheart. Ba cheart neamhchomhlónadh a chur in iúl don Aire ábhartha agus Rúnaí an Bhoird a chur ar an eolas faoin ngníomh seo freisin.
- Breithiúnas neamhspleáach a thabhairt ar shaincheisteanna straitéise, feidhmíolta, acmhainní, príomhcheapacháin agus caighdeáin iompair.
- Leasuithe suntasacha ar shocair phinsin an Phríomhfheidhmeannáigh agus na bhfostaithe.
- Cuirfidh an Cathaoirleach in iúl don Aire ábhartha má tá riarr scileanna ar leith de dhíth ar an mBord.
- De réir alt 3.9 den Chód Cleachtais um Rialachas Comhlactaí Stáit, táthar ag súil le freastal 100% ar chruinnithe Boird.

### Na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí agus um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí

Ceanglaítear ar phearsanra sinsearach GBRÁ, ar chomhaltaí Boird agus ar aon sealbhóir poist ainmhithe san eagraíocht ráitis bhliantúla a chur isteach de réir na nAchtanna seo.

### Nochtuithe Cosanta

Níor cuireadh aon nochtadh cosanta faoi bhráid an GBR le linn 2021.

### Soláthar Corparáideach

Tá gníomhaíocht soláthair GBRÁ ar fad treoraithe ag na Treoirínte agus Beartais um Sholáthar Poiblí arna bhfoilsíú ag an Róin Airgeadais. Baineann GBRÁ leas as creatáil soláthair a bunaíodh faoin tSeirbhís Náisiúnta Soláthair do sheirbhísí lena n-áirítear Stáiseanóireacht, Leictreachas agus Gás. Cloíonn nósanna imeachta soláthair inmheánacha leis an deachleachtas molta lena n-áirítear leithscaradh dualgas, tuairisciú rialta bainistíochta agus córas chun caiteachas a údarú. Faoi Nósanna Imeachta Soláthair GBRÁ, éilítear ceadú ón mBord do gach caiteachas os cionn na tairsí comhaontaithe.

## Tuarascáil Bhliantúil ar Fhuinneamh GBRÁ 2021

Tá 34,002 troigh cearnach de spás oifige ag oifigí GBRÁ i mBaile Átha Cliath 8 thar dhá fhoirgneamh. Tá gá le tuairisciú bliantúil ar shonraí fuinnimh ó chomhlacthaí poiblí faoi IR 426 de 2014 (agus roimhe sin faoi IR 542 de 2009). Chuir an GBRÁ túis lena húsáid fuinnimh a thuairisciú in 2009 (an Bhonnlíne) agus úsáid á baint as an gCóras M&R ar líne (arna fhorbairt ag an SEAL agus an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithé ar son na hAeráide agus Comhshaoil). Go dtí seo, tá an Ghníomhaireacht tar éis 52.8% a choigilt i gcomparáid leis an mbonnlíne (2009) mar a foilsíodh é i Tuarascáil Bhliantúil an SEAL 2021 ar Fheidhmíocht Éifeachtúlachta Fuinnimh san Earnáil Phoiblí. Léiríonn sé seo gur sháraigh an GBRÁ an ráta bonnlíne éifeachtúlachta agus gur bhain sí amach sprioc 2021.

### Cód Cleachtais le haghaidh Comhlacthaí Stáit a rialú: Iarscríbhinn maidir le Cothromaíocht Inscne, Éagsúlacht, agus Ionchuimsitheacht

Amhail ón 31 Nollaig 2021, tá ceathrar (40%) ban agus seisear fear 60% ar an mBord, agus gan aon post folamh air. Baineann an Bord sprioc an Rialtais amach mar sin agus ionadaíocht de 40% ar a laghad de gach inscne i mballraíocht na mBord Stáit. Is iad Cumann Bainistíochta Contae agus Cathrach agus RTRAO a dhéanann ballraíocht a rialú trí ionadaithe a ainmniú don Bhord. Ainmníonn an CBCC ochtar ionadaithe agus ainmníonn RTRAO beirt ionadaithe. Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil an rogha ag RTRAO an tríú ionadaí a ainmniú, agus go bhfuil rogha ag an Aire freisin comhalta seachtrach Boird a ainmniú. Tarraingíonn an GBRÁ comhdhéanamh inscne an Bhoird aníos agus iad i mbun comhráite le CBCC agus

RCAL agus comhaltaí Boird nua á n-ainmniú. Aithníonn an GBRÁ tábhacht na héagsúlachta lena n-áirítear éagsúlacht inscne agus na buntáistí a thugann sé seo don eagraíocht.

Tá an POF agus na fostaithe faoi réir Chód lompraíochta agus ní mór dóibh cloí leis na ceanglaíse reachtúla go léir, is é sin an tAcht um Stádas Comhionann, 2000, an tAcht um Chomhionannas, 2004 agus an tAcht um Míchumas 2005, lena chinntí go bhfuil an timpeallacht oibre saor ó leatrom bunaithe ar bhallaíocht de Phobal an Lucht Siúil, cine, náisiúntacht, dath nó bunús eitneach, reiligiún nó creideamh, aois, míchumas, gnéaschlaonadh, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh nó inscne i dtaca le fostáiocht agus oiliúint cheirde nó gairmoiliúint.

Tá an GBRÁ i mbun cultúr faoi thionchar a cuid luachanna a chothú a bheidh ríthábhachtach ó thaobh cothromaíocht inscne, éagsúlacht agus ionchuimsitheacht a chur chun cinn agus í i mbun a cuid oibre.

### Struchtúr an Bhoird

Tá an Bord comhdhéanta de 10 comhalta (ochtár Príomhfeidhmeannach údarás áitiúil arna n-ainmniú ag Comhairle an Bhoird agus suas le ceathrar ainmnithe ag an Aire). Bíonn Príomhfeidhmeannach arna n-ainmniú do Bhord GBRÁ ina mbaill d'Fheidhmeannas an CBCC ag an am céanna. Mairfidh ceapacháin an Aire ar feadh tréimhse trí bliana.

**Tugann an tábla ar chál an leathanaigh sonrai faoi cheapacháin comhaltaí an Bhoird agus na cruinnithe ar ar fhreastail siad:**



## Bord GBRÁ - Dáta Ceapacháin agus Taifead Tinrimh ag Cruinnithe Boird 2021

Ball	Post	Nótaí	Freastalta	I dteideal freastal orthu
<b>Iníon J Maguire (Cathaoirleach)</b>	POF, Comhairle Contae na Mí	Cathaoirleach – ó 11/20 Feidhmeannach 10/16	6	6
<b>An tUasal Keegan</b>	POF, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	Ainmnithe chuig an mBord 10/14	6	6
<b>An tUasal T Lucey</b>	POF, Comhairle Contae Chorcaí	Ceaptha mar POF Chorcaí 05/14	6	6
<b>An tUasal M Walsh</b>	POF, Údarás Áitiúla Phort Láirge	Feidhmeannach CBCC 10/18	4	6
<b>An tUasal B McGrath</b>	POF, Comhairle Cathrach na Gaillimhe	Ainmnithe chuig an mBord 10/20	5	6
<b>Iníon C Byrne</b>	POF, Comhairle Contae Chill Chainnigh	Ainmnithe chuig an mBord 10/20	4	6
<b>An tUasal T Enright</b>	POF, Comhairle Contae Loch Garman	Ainmnithe chuig an mBord 10/20	3	6
<b>An tUasal E O'Sullivan</b>	POF, Comhairle Contae Muineacháin	Ainmnithe chuig an mBord 10/20	3	5
<b>An tUasal E Cummins</b>	POF, Comhairle Contae Ros Comáin	Ainmnithe chuig an mBord 11/21	0	1
<b>Iníon M Hurley</b>	Rúnaí Cúnta, RTRAO	Ainmnithe chuig an mBord 09/20	5	6
<b>Iníon S Neary</b>	Príomhoifigeach, RTRAO	Ainmnithe chuig an mBord 06/19	5	6

Chuir an Bord an cúig choiste seo a leanas ar bun:

### Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca

Maidir le comhdhéanamh an Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca, caithfidh comhalta amháin a bheith ina POF ar údarás áitiúil, comhalta amháin eile a bheith ina POF ar údarás áitiúil, beirt chomhaltaí a bheith ainmnithe ag CBCC agus comhalta amháin eile a bheith neamhspleách. Is é ról an Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca (CIR) ná tacú leis an mBord maidir lena fhreagrachtaí i dtaobh saincheisteanna riosca, rialaithe agus rialachais agus dearbhú bainteach le seo. Tá an CIR neamhspleách ó bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Cinntíonn an Coiste go háirithe go ndéantar monatóireacht ghníomhach neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchta. Tuairiscíonn an CIR tuairisc chuig an mBord tar éis gach cruinniú agus go foirmiúil i scíobhinn gach bliain.

Tharla ceithre chruinniú den Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca i rith 2021. Is iad a chomhalta ná:

Ball	Post	Freastalta	I dteideal freastal orthu
<b>An tUasal M Walsh (Cathaoirleach)</b>	POF, Comhairle Contae Phort Láirge	3	4
<b>An tUasal E O'Sullivan</b>	POF, Comhairle Contae Muineacháin	2	4
<b>An tUasal A Connolly</b>	Oifigeach Neamhphoiblí	4	4
<b>An tUasal J McKeon</b>	Ceannasaí Airgeadais, Comhairle Contae Longfoirt	4	4
<b>Iníon H Cunningham</b>	Ceannasaí Airgeadais, Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin	4	4

## Coiste um Bainistiú Athruithe

Tá an Coiste um Bainistiú Athruithe comhdhéanta de 11 Phríomhfheidhmeannach údaráis áitiúil, ainmní amháin ó RTRAO, agus beirt Cheannasaithe AD. Tá Cathaoirleach an Choiste um Bainistíocht Athruithe ina chomhalta de Bhord GBRÁ. Cabhraíonn an Coiste um Bainistiú Athruithe le Bord an GBRÁ chun rialú agus maoirsíú a dhéanamh ar conas mar a chuireann an GBRÁ Straitéis IR agus AD agus nithe gaolmhara i bhfeidhm. Ina theannta sin, tacaíonn an Coiste leis an mBord trí chomhairle a thabhairt ar conas an straitéis a chur in oiriúint do riachtanais ghnó údarás áitiúil atá ag teacht chun cinn.

### Tharla sé chruinníú den Choiste um Bainistiú Athruithe le linn 2021. Is iad a chomhalta ná:

Ball	Post	Freastalta	I dteideal freastal orthu
An tUasal T Enright (Cathaoirleach)	POF, Comhairle Contae Loch Garman	4	6
Iníon C Byrne (Leaschathaoirleach)	POF, Comhairle Contae Chill Chainnigh	6	6
An tUasal P Carey	POF, Comhairle Contae Chill Dara	3	4
An tUasal F Curran	POF, Comhairle Contae Chill Mhantáin	5	6
An tUasal P Daly	POF, Comhairle Cathrach agus Contae Luimnígh	4	6
Iníon A Doherty	POF, Comhairle Cathrach Chorcaí	5	6
Iníon A Farrelly	POF, Comhairle Contae Fhine Gall	5	6
Iníon J Maguire	POF, Comhairle Contae na Mí	3	6
An tUasal J McLaughlin	POF, Comhairle Contae Dhún na nGall	6	6
An tUasal D McLoughlin	POF, Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas	6	6
Iníon Teresa O'Donovan	Ceannasaí Bainistíochta Acmhainní Daonna, Comhairle Contae Chorcaí	4	4
An tUasal E O'Sullivan	POF, Comhairle Contae Muineacháin	3	6
Iníon E Quinlivan	POF Cúnta/ Seirbhísí Corparáideacha, Claochlú agus Acmhainní Daonna, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	6	6
Iníon E Reeves	Príomhoifigeach, An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta	5	6

## Coiste Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide (TFC)

Tá an Coiste Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide comhdhéanta de thrí Phríomhfheidhmeannach ar údarásí áitiúla, ainmní Boird amháin, ceathrar Oifigeach Ceannasaí Córais Faisnéise (OCCF), Ceannasaí Airgeadais amháin, ionadaí amháin de chuid Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais (OPOFR), Príomhoifigeach Faisnéise amháin ó RTRAO agus beirt ionadaí GBRÁ. Tá Cathaoirleach an Choiste TFC ina chomhalta de Bhord GBRÁ.

Is é rol an Choiste TFC ná:

- rialtais áitiúil aonair cruthaithe ó thaobh Ailtireachta, TFC agus Caighdeán de.
- Obair i gcomhar le tionscadail ghnó rialtais áitiúil lena chinntíú go gcloíonn na cláir TFC gaolmhara le cuir chuige Ailtireachta ina n-iomláine agus go n-úsáideann siad Caighdeán Chomhaontaithe le haghaidh Cumarsáide agus Idir-inoibritheachta.
- Comhairle agus treoir a thabhairt maidir le TFC in aon tionscnamh gnó nua, conas is féidir leis na compháirteanna TFC oibriú le chéile agus gnó mar is gnách ar siúl agus deimhin a dhéanamh de go gcuirtear deireadh le tionscnaimh TFC níos sine i dtráth.
- Comhairle theicniúil a thabhairt maidir le túis áite a thabhairt do Thionscnaimh rialtais áitiúil agus dúshlán a thabhairt an leas is fearr agus is féidir a bhaint as réitigh teicneolaíochta ar fud na hearnála.
- A bheith ina phointe cóimheasa ailtireachta comhchoiteann, bunaithe ar chleachtas reatha, do gach córas TFC ar fud an rialtais áitiúil.

**Tharla sé chruinniú den Choiste TFC le linn 2021. Is iad a chomhalta ná:**

Ball	Post	Freastalta	I dteideal freastal orthu
An tUasal E. O'Sullivan (Cathaoirleach)*	POF, Comhairle Contae Muineacháin	4	6
An tUasal F Curran	POF, Comhairle Contae Chill Mhantáin	3	6
An tUasal T. Ryan	POF, Comhairle Contae an Chabháin	3	6
Iníon K. Quinn	Ceannasaí Airgeadais, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	4	6
Iníon M. O'Donohue	Ceannasaí Oibríochtaí, OCGIO	4	6
An tUasal G. Lynch	Ceannasaí CCF, Comhairle Contae Thiobraid Árann	1	1
An tUasal S. Brady	HIS, Dun Laoghaire Rathdown County Council CCF, Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin	6	6
Iníon N. McHugh	Príomhfheidhmeannach Cúnta, GBRÁ	6	6
An tUasal J. Flanagan	Sainchomhairleoir Sinsearach, GBRÁ	6	6
Iníon L. Guthrie	Bainisteoir GBRÁ	5	6
An tUasal E. Hunt	Príomhfheidhmeannach Cúnta, GBRÁ	4	6
Iníon B. Heneghan	CCF, Comhairle Contae Mhaigh Eo	1	2
Iníon C O'Hare	Ceannasaí Córais Faisnéise agus Nuálaíochta, Comhairle Contae Muineacháin	5	5
An tUasal Mihai Bilaucă	Príomhoifigeach Faisnéise, RTRAO	1	3

\*Is é an tUasal E. O'Sullivan an cathaoirleach reatha ag éirí as ó mhí na Nollag 2021 ar aghaidh.

## Coiste Airgeadais

Tá ceithre POF d'údaráis áitiúla ar an gCoiste Airgeadais. Tá Cathaoirleach an Choiste Airgeadais ina chomhalta de Bhord GBRÁ.

Is é rol an Choiste Airgeadais ná:

- Roimh an 30 Meitheamh gach bliain, paraíméadair an bhuiséid don chéad bliain eile a mholadh.
- Roimh 30 Meán Fómhair gach bliain, dréachtbhuiséad don chéad bliain eile a mholadh agus cionroinnt na muirear ar gach údarás áitiúil, bunaithe ar an mBeartas Muirearaithe ceadaithe.
- Na himpleachtaí a mheá ó thaobh an tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag an straitéis ar an mBeartas Muirearaithe/ar Bhuiséadú.

**Tionóladh ceithre chruinniú den Choiste Airgeadais le linn 2021. Is iad a chomhalta ná:**

Ball	Post	Freastalta	I dteideal freastal orthu
<b>An tUasal B McGrath (Cathaoirleach)</b>	POF, Comhairle Cathrach na Gaillimhe	4	4
<b>Iníon J Maguire</b>	POF, Comhairle Contae na Mí	3	4
<b>Iníon AM Delaney</b>	POF, Comhairle Contae Uíbh Fhailí	3	4
<b>An tUasal P Carey</b>	POF, Comhairle Contae Chill Dara	2	2
<b>An tUasal M Lydon</b>	POF, Comhairle Contae Shligigh	1	1

## Grúpa Maoirseachta Athchóirithe na hEarnála Poiblí (GMAEP)

Ar an gCoiste GMAEP tá Cathaoirleach GBRÁ, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin GBRÁ, Cathaoirleach an CBCC, Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Chorcaí, Príomhfheidhmeannach Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Ard-Rúnaí na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, Ard-Rúnaí Cúnta na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus ionadaí seachtrach ón Earnáil Tráchtála.

Is é ról an Choiste GMAEP ná clár athchóirithe agus éifeachtúlachta an rialtais áitiúil a stiúradh chomh maith le monatóireacht a dhéanamh air agus tuairisciú faoi. Tá Cathaoirleach an Choiste GMAEP ina chomhalta de Bhord GBRÁ.


**Tionóladh ceithre chruinniú den Choiste GMAEP le linn 2021. Is iad a chomhalta ná:**

Ball	Post	Freastalta	I dteideal freastal orthu
<b>An tUasal O. Keegan, (Cathaoirleach)</b>	POF, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	4	4
<b>Iníon J Maguire</b>	Cathaoirleach, Bord GBRÁ	4	4
<b>An tUasal B McGrath</b>	Cathaoirleach, CCMA	4	4
<b>An tUasal T. Lucey</b>	POF, Comhairle Contae Chorcaí	4	4
<b>An tUasal G. Doyle</b>	Ard-Rúnaí, RTRAO	1	4
<b>Iníon M Hurley</b>	Ard-Rúnaí Cúnta, RTRAO	1	4
<b>An tUasal J. Harford</b>	Ionadaí na hEarnála Tráchtála	4	4
<b>An tUasal P. Dunne</b>	CE, LGMA	4	4

## Táillí agus Speansais

Níor íocadh aon táille ná speansas bhliantúil le comhaltaí Boird nó Coiste ar fostaithe de chuid GBRÁ nó údarás áitiúla iad, maidir le freastal ar chruinnithe Boird nó Coiste le linn 2021.

### STRUCHTÚR RIALACHAIS AN GBRÁ



## Tacú le Comhlachas um Bainistiú Contaetha agus Cathracha

Ar an 15 Deireadh Fómhair 2020 tháinig an Coiste Feidhmiúcháin CBCC ar chomhaontú i dtaobh athstruchtúrú a dhéanamh ar chúig cinn de na seacht gCoistí GBRÁ.



# SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA / ACMHAINNÍ DAONNA

18

Comórtais  
earcaíochta

36

fostaí nua/ ardú céime  
/mac léinn

29

Reáchtáil an Clár  
Cótseála GBRÁ 91  
seisiún le 29 bhfostaí



Earcaíocht nua, ag cur  
fáilte roimh dhaoine  
chuig an eagraíocht,  
ionduchtú  
próisis ar siúl go fóill

5

Fhostaí a bhain leas  
as an Scéim  
Cúnaimh Oideachais



Ghlac fostaithe an  
GBRÁ 186 áit ar 54  
cúrsa oiliúna

## Foireann Straitéisí Daoine

Chuir an foireann an Dheais Lárnach  
Anailísíochta Sonraí AD i bhfeidhm ar bhonn  
céimneach agus í deartha mar áis chun pleanáil  
AD agus forbairt beartais a éascú.

D'éirigh go maith le cur chuige nua i leith  
Córais Forbartha Bainistíochta Feidhmíochta  
(CFBF) a tugadh isteach agus é bunaithe ar  
chreataí inniuilachta a bhaineann go sonrach  
le gráid GBRÁ. Forbraíodh foireann uirlisí nua  
fénimheasúnaithe a dearadh chun cabhrú le  
fostaithe Plean Forbartha Pearsanta níos fiúntaí  
a chríochnú chomh maith le cur ar chumas  
fostaithe a gcuid riachtanas forbartha oiliúna féin  
a stiúradh. Mar gheall ar an CFBF leasaithe fuair  
gach fostáí oiliúint CFBF in 2021.

Cuireadh oiliúint bhreise ar fáil do gach fostáí  
maidir le RGCS [an Rialachán Ginearálta maidir le  
Cosaint Sonraí] agus Cosaint Sonraí agus Saoráil  
Faisnéise. Rinne an GBRÁ éascaíocht freisin ar  
chur i bhfeidhm ar bhonn céimneach an chúrsa  
A-Z de Rialtas Áitiúil na hÉireann i gcomhar leis an  
bhForas Riaracháin.


Reáchtáil an Club Sóisialta roinnt imeachtaí  
cianda d'fhostaithe – i measc na n-imeachtaí seo  
bhí tráth na gceist, biongó, agus tóraíocht taisce.

## Cur Chuige AD i leith COVID-19

BForbraíodh nósannaimeachta dea-chleachtais  
earcaíochta, roghnóireachta, ionduchtaithe agus  
fáilte ar bord a bhaineann leis an timpeallacht  
chianoibre. Fanadh i dteagháil leis na fostaithe  
go léir trí chruinnithe forne agus crainn taca,  
seisiúin eolais i Halla an Bhaile agus scaipeadh an  
scéala is déantaí ar inlón GBRÁ.

## Clár Cúnaimh d'Fhostaithe

Lean an Clár Cúnaimh d'Fhostaithe GBRÁ air ó thaobh sraith sheachtainiúil de sheisiúin fholláine ar líne a reáchtáil d'fhostaithe a raibh topaicí leithéidí codladh, meabhairshláinte, folláine agus tuismitheoirreacht idir chamáin iontu. Cláraigh 67% d'fhostaithe le haghaidh cláir le linn 2021.



## Athchóiriú ar Theach an Phionnusce

Fuarthas Ailtirí DMOD chun tacaíocht bainistíochtaionscadail a sholáthar agus chun dearadh a ullmhú le haghaidh athchóiriú Theach an Phionnusce agus chun conraitheoir a fháil chun an dearadh a chur i bhfeidhm. Tar éis próiseas soláthair, ba é Nevin Construction a roghnaíodh mar thairgeoir agus cuireadh túis leis an obair athchóirithe ar Theach an Phionnusce ar 20 Meán Fómhair 2021.

I measc na ngnéithe nua a cuireadh leis an bhfoirgneamh tá Lárionad Nuálaíochta úrscothach mar aon le limistéir fhairsinge phlean oscailte deasca nua ar féidir obair orthu i do shuí nó i do sheasamh, áiseanna cistinéid ar urláir ar leith, seomraí cruinnithe sa bhréis, deasca sealáfochta ar fáil do dhaoine seachtracha agus limistéar ceaintín tarraingeach.

Cuireadh aláram dóiteáin nua isteach, agus rinneadh an tslándáil a uasghrádú.

Tá na painéis shíleála, nua déanta as buidéil phlaisteacha atá 100% athchúrsálte.

Tá 40% den urlár adhmaid bhréige déanta as ábhair athchúrsálte.

Maidir le hoibreacha chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú, cuireadh braiteoirí PIR agus feistis solais LED isteach.


D'fheabhsaigh an obair athchóirithe a rinneadh ar an bhfoirgneamh eispéireas an fhostaí trí fhoirgneamh níos nua-aimseartha agus níos úire a chur ar fáil mar láthair oibre agus cuireann sé leis an gcuspóir GBRÁ a leagadh síos sa Straitéis Daoine GBRÁ maidir le GBRÁ a bheith ina roghfhostóir.

## Foireann um Shlándáil Faisnéise

Reáchtail Fochoiste Cibearshlándála na gníomhaireachta dhá sheimineár don earnáil rialtais áitiúil maidir le pleánail leanúnachais gnó agus freagairt ar chibirionsaithe, agus painéalaithe ón earnáil phoiblí agus ón earnáil phríobháideach ag glacadh páirt sa dhíospóireacht.

Reáchtail an Ghníomhaireacht II fheachtas oiliúna trína ardán ar líne d'fhostaithe i rith na bliana, mar aon le feachtas ionsaí fioscaireachta ionsamhlaithe míosúil lena chinntíú go raibh Slándáil Faisnéise chun tosaigh in intinn na bhfostaithe.

Rinneadh athbhreithniú leanúnach ar an bplean Leanúnachais Gnó lena chinntíú go raibh an doiciméad ag teacht le timpeallacht oibre dinimiciúil na Gníomhaireachta.



4

# Cruinnithe Coiste CBCC 2021

Úsáid Talún agus lompar (LUTS)	Líon na gCruinnithe	lomlánacha
Feidhmeannas CBCC*	11	0
CCMA*	11	0
Coiste Tithíochta, Tógála agus Úsáide Talún CBCC (TTUT)	10	2
An Coiste CBCC um Ghníomhú ar Son na hAeráide, lompair agus Líonraí (GSAIL)	7	1
Coiste Airgeadais CBCC	6	0
An Coiste CBCC um Gnó, Fiontair, Nuálaíocht agus Athnuachan Eacnamaíochta na mBailte Móra/ Uirbeacha	10	0
Coiste Corparáideach CBCC	6	0
An Coiste Forbartha Tuaithe, Pobail, Turasóireachta, Cultúir agus Oidhreachta de chuid CBCC (FTPTCO)	10	0
An Coiste Uisce, Bainistíochta Dramhaíola, Comhshaoil agus um Pleanáil Éigeandála (UBDCPE) de chuid CBCC	7	1

\*Thionól Feidhmeannas CCMA agus CCMA cruinnithe seachtainiúla COVID-19 chomh maith lena gcuinnithe míosúla foirmiúla chun Leanúnachas Gnó a chinntí.

## Obair i gcomhar

Tá rannpháirtíocht chomhoibríoch agus obair chompháirtíochta lárnach d'éiteas agus d'obair na seacht gcoistí CBCC. I gcaitheamh 2021, cuireadh obair chun cinni gcomhar le príompháirtithe leasmhara thar réimse leathan d'earnálacha lena n-áirítear Ranna Rialtais, Gníomhaireachtaí agus go leor eagraíochtaí tábhachtacha agus éagsúla eile. Tá na príompháirtithe leasmhara a ndeachaigh gach coiste i dtéagháil leo in 2021 ar fáil thíos.

Chomh maith le dul i mbun plé leis na páirtithe leasmhara seo, ainmníodh comhaltaí na gcoistí freisin chuig Tascfhórsaí Náisiúnta agus Grúpaí Maoirseachta, Grúpaí Oibre Earnála agus Foghrúpaí i gcaitheamh na bliana. Rinne comhaltaí an choiste ionadaíocht freisin thar ceann na hearnála rialtais áitiúil ar go leor grúpaí stiúrtha/tascfhórsaí trasearnála rialtais.

Coiste Tithíochta agus Tógála		
Ranna Rialtais	Gníomhaireachtaí/Comhlachtaí Stáit/Seirbhísí Comhroinnte	Eagraíochtaí Eile
<ul style="list-style-type: none"> <li>An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (RTRAO)</li> <li>an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLO)</li> <li>An Roinn Coimirce Sóisialaí (RCS)</li> <li>An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>An Roinn Tithíochta</li> <li>Comhairle na HÉireann um Thithíocht Shóisialta (CÉTS) rialtóir Comhlachta</li> <li>Ceadaithe Tithíochta (CCT)</li> <li>Gníomhaireacht Forbartha Talún (GFT)</li> <li>Oifig Náisiúnta an Tionscadail um Rialú Foirgníochta</li> <li>Ionad Seirbhise Comhroinnte HAP</li> <li>Clár Gaeilge do Dhídeanaithe</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Housing First</li> <li>SORUM – Measúnú agus Bainistíochta Riosca Ciontóirí Gnéis</li> <li>ENRanna (Eagraíochtaí Neamhrialtasacha)</li> <li>Seirbhísí Córíochta um Chosaint Idirnáisiúnta (IPAS)</li> </ul>

### An Coiste um Gníomhú ar son na hAeráide, lompar agus Lónraí

Ranna Rialtais	Gníomhaireachtaí/Comhlacthaí Stáit/ Seirbhísí Comhroinnte	Eagraíochtaí Eile
<ul style="list-style-type: none"> <li>An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (RCAC)</li> <li>An Roinn Tithóchta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (RTRAO)</li> <li>An Roinn lompair (RI)</li> <li>An Roinn Gnóthaí Pobail agus Forbartha Tuaithe (RPFT)</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>An Garda Síochána</li> <li>Met Éireann</li> <li>An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC)</li> <li>Oifig na nOibreacha Poiblí (OOP)</li> <li>Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI)</li> <li>Bonneagar lompair Éireann (BIÉ)</li> <li>Oifig Bainistíochta Bóithre (OBB)</li> <li>an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (ÚSB)</li> <li>Oifigí Réigiúnacha um Ghníomhaithe ar son na hAeráide (ORGSAanna)</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Leathanbanda Náisiúnta Éireann (NBI)</li> <li>An Comhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide</li> <li>Comhfhoram Úsáideora na nÚdarás Áitiúil Fóntas (JULA)</li> <li>Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (IBEC)</li> </ul>

### Coiste Airgeadais

Ranna Rialtais	Gníomhaireachtaí/Comhlacthaí Stáit/ Seirbhísí Comhroinnte	Eagraíochtaí Eile
<ul style="list-style-type: none"> <li>An Roinn Tithóchta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (RTRAO)</li> <li>Seirbhís Iniúchóireachta an Rialtais Áitiúil agus Airgeadas Rialtais Áitiúil</li> <li>An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Coimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniuichta (CNMI)</li> <li>Oifig Luachála</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>IPB Insurance</li> </ul>

### Coiste Gnó, Fointair, Nuálaíochta agus Athnuachana Eacnamaíochta na mBailte Móra/Uirbeacha

Ranna Rialtais	Gníomhaireachtaí/Comhlacthaí Stáit/ Seirbhísí Comhroinnte	Eagraíochtaí Eile
<ul style="list-style-type: none"> <li>An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (RFTF)</li> <li>An Roinn Tithóchta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (RTRAO)</li> <li>An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaín, Gaeltachta, Spóirt agus Meán (RTCEGSM)</li> <li>An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail (RFTP)</li> <li>An Roinn Dlí agus Cirt</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Coimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniuichta (CNMI)</li> <li>Oifig Fointair Áitiúil • Fiontraíocht Éireann</li> <li>an Ghníomhaireacht Forbartha Tionscail</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Cnuasach Chambers Éireann</li> <li>Láirionad Éireann</li> </ul>

## Coiste Corparáideach

Ranna Rialtais	Gníomhaireachtaí/Comhlachtaí Stáit/ Seirbhísí Comhroinnté	Eagraíochtaí Eile
<ul style="list-style-type: none"> <li>An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (RTRAO)</li> <li>An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais</li> <li>An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíocha agus Óige (RLCMLÓ)</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>an Coimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí (CCOP)</li> <li>Oifig an Ombudsman</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>IAn Foras Riaracháin (IPA)</li> </ul>

## An Coiste Forbartha Tuaithe, Pobail, Turasóireachta, Cultúir agus Oidhreachta (FTPTCO)

Ranna Rialtais	Gníomhaireachtaí/Comhlachtaí Stáit/ Seirbhísí Comhroinnté	Eagraíochtaí Eile
<ul style="list-style-type: none"> <li>An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail (RFPT)</li> <li>An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaón, Gaeltachta, Spóirt agus Meán (RTCEGSM)</li> <li>An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíocha agus Óige (RLCMLÓ)</li> <li>An Roinn Sláinte</li> <li>An Roinn Dlí agus Cirt</li> <li>An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (RTRAO)</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>An Chomhairle Ealaón</li> <li>Fáilte Éireann</li> <li>Spórt Éireann</li> <li>HSE</li> <li>An Oifig Náisiúnta um Fhéinmharú a Chosc (ONFC)</li> <li>An Chomhairle Oidhreachta</li> <li>An Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialach (NES)</li> <li>Éire Ildánach</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Fís Éireann</li> <li>Caitheamh aimsire amuigh faoin spéir TÉ</li> <li>The Wheel</li> </ul>

## An Coiste Uisce, Bainistíochta Dramhaíola, Comhshaoil agus um Pleanáil Éigeandála

Ranna Rialtais	Gníomhaireachtaí/Comhlachtaí Stáit/Seirbhísí Comhroinnté	Eagraíochtaí Eile
<ul style="list-style-type: none"> <li>An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (RCAC)</li> <li>An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (RTRAO)</li> <li>An Roinn Cosanta (RC)</li> <li>An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (RTBM)</li> <li>An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (RCPA)</li> <li>an Roinn Forbartha Pobail agus Tuaithe (RFPT)</li> <li>An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (RFTF)</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Oifig na nOibreacha Poiblí (OOP)</li> <li>an Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC)</li> <li>Uisce Éireann (UÉ)</li> <li>An Coimisiún um Rialáil Fóntais (CRU)</li> <li>Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann (ÚSBÉ)</li> <li>An Stiúrthóireacht Náisiúnta um Bainistíocht Dóiteáin agus Éigeandála</li> <li>An Oifig Náisiúnta do Cheadanna Bailithe Dramhaíola</li> <li>Oifig Chlár Uiscí na nÚdarás Áitiúil (OCUÚÁ)</li> <li>Oifigí Bainistíochta Dramhaíola Réigiúnacha</li> <li>Príomhúdarás Réigiúnacha Forfheidhmiúcháin Dramhaíola</li> <li>Sábháilteacht Uisce na hÉireann</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>An Post</li> <li>Grúpa Seirbhísí Uisce Poiblí um Bunathrú Chun Feabhas</li> <li>Foireann Comhcheannaireachta</li> <li>Grúpaí Comhaontaithe Seirbhise (SLA) Náisiúnta agus Réigiúnach</li> <li>Foireann an Chláir um Bunathrú chun Feabhas</li> <li>An grúpa um Plean Seirbhise Bliantúil agus um Buiséad</li> <li>Coiste um Bainistíu Athruithe</li> <li>Cumann Bainistíochta Dramhaíola na hÉireann (CBDÉ)</li> <li>Líonra an Aontais Eorpaigh um Chur i nGníomh agus um Forfheidhmiú Dhlí na Timpeallachta (IMPEL)</li> </ul>

Soláthraítear Seirbhísí uisce trí Chomhaontú Leibhéal Seirbhise (SLA) le hUisce Éireann. Is geallsealbhóir ríthábhachtach í earnáil na n-údarás áitiúil féin don Choiste Uisce, Bainistíochta Dramhaíola, Comhshaoil agus Pleanála Éigeandála.

## Straitéis Nuálaíochta GBRÁ

Leanadh ar aghaidh leis an obair chun Straitéis Nuálaíochta GBRÁ a chur i gcrích. Cuireadh leis an ngrúpa d'ionadaithe Nuálaíochta na nÚdarás Áitiúil, agus rinne an GBRÁ gach gné den Nuálaíocht a bhí ar siúl aici a phoiblíú go rialta. Reáchtáil an OBC idirphlé ráithiúil leis an ngrúpa seo le linn 2021 lena n-áirítear:

- Reáchtáladh Ceardlann chun tacú le hionadaithe Nuálaíochta na nÚdarás Áitiúil ó thaobh straitéisí nuálaíochta dá gcuid féin a fhorbairt. Chuir Fiontraíocht Éireann, Comhairle Contae Uíbh Fhailí agus Comhairle Cathrach Chorcaí a gcuid taithí féin i láthair don ghrúpa i gcoitinne.
- Reáchtáladh seisiúin dírithe ar Nuálaíocht inar roinneadh cás-staidéir ÚÁ leis an ngrúpa.
- Is féidir le gach ceann de na 31 údarás Áitiúil rochtain a fháil ar an suíomh eislinn a sholáthraíonn nuashonruithe seachtainiúla, nuacht, agus ardán d'údarás Áitiúla chun smaointe agus tionscadail a roinnt le comhghleacaithe nuálaíochta ar fud na hearnála.

### Uathoibriú Róbatach Próiseas (URP) / Uathoibriú Chliste

I ndiaidh an ratha a bhí ar chríochnú an treoirthionscadail URP, treoirthionscadail a rinne uasdátú uathoibríoch ar chumas obair lúfar a dhéanamh sa chroíchóras AD, reáchtáladh seisiún eolais agus ceardlann faoin Uathoibriú Chliste, imeachtaí ar oscail an tAire Ossian Smyth iad agus a ndearna OBC an GBRÁ iad a óstáil agus mar a raibh ionadaíocht ó bheagnach gach údarás Áitiúil i láthair.

Leanadh ar aghaidh le plé a dhéanamh le roinnt údarás Áitiúil agus athmheasúnú á dhéanamh ar roghanna maidir le teicneolaíocht um Uathoibriú Chliste/teicneolaíocht Róbataice a chur i bhfeidhm laistigh dá n-eagraíochtaí, agus thacaigh an GBRÁ le ceardlanna indéantachta.

### an tSeachtain Nuálaíochta Náisiúnta

#### 8 – 12 Samhain 2021

Chuaigh an CBO i dteagháil leis an earnáil maidir le rannpháirtíocht an rialtais Áitiúil i Seachtain Nuálaíochta Náisiúnta na bliana seo a mhéadú, teagháil ar glacadh leis go fonnmar. Dóstáil roinnt údarás Áitiúil a gcuid imeachtaí féin le linn an fheachtais agus dhírig an GBRÁ ar thrí mhórimeacht mar seo a leanas:

**9 Samhain** – 9 Samhain – Le tacaíocht ó Chomhairle Contae Chill Chainnigh agus Oifig na nOibreacha Poiblí, rinne OBC GBRÁ Seimineár Bliantúil faoi Dhea-Chleachtais de chuid NOAC a óstáil i gCaisleán Chill Chainnigh. B'imeacht faoi thrácht é an t-imeacht seo sa Seachtain Nuálaíochta Náisiúnta agus rinneadh é a bheoshruthú. D'oscail an tAire Peter Burke, RTRAO an ócáid a thug ardán do shamplaí de thionscadail agus de thionscnaimh na nÚdarás Áitiúil ina ndéanann údarás Áitiúla a ndícheall chun seachadadh seirbhísí don saoránach a fheabhsú, chun ceantair uirbeacha agus tuaithe a athnuachan, agus chun bearta a chur i bhfeidhm d'fhoinn déileáil leis na hélimh ar an gComhairle maidir le gníomhaíocht aeráide agus clár oibre carbóin atá ag méadú i gcónaí. I measc na dtionscadal ar tarraigíodh aird orthu bhí:

- Comhairle Contae Mhaigh Eo – Aip um Tionchar Aimsire a Chlárú (WIRE)
- Comhairle Cathrach na Gaillimhe – URDF: Dul ar Aistear Trí Obair i gComhar
- Comhairle Contae na Mí – Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe ar Bhonn Áitiúil
- Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin – Plean Forbartha Fforúil an Chontae
- Comhairle Contae Longfoirt – Moil Oibre Tuaithe
- Comhairle Cathrach Chorcaí – Forbairt Sráid-Dreacha t
- Chomhairle Contae Phine Gall, – Bota Comhrá COVID

**11 Samhain** – 11 Samhain – D'eagraigh an GBRÁ seisiún de Spotsholas ar an Nuálaíocht atá ar siúl ag Údarás Áitiúla, a reáchtáladh in Amharclann na nEalaíon Rua i dTamlacht, agus bhí an tUasal Danny McLoughlin, Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Átha Cliath Theas, ina chathaoirleach air. I measc na nithe a cuireadh i láthair bhí caint ar HeatNet (Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas), MyCoCo.ie (CC Mhuineacháin) agus Cathair Chliste Lighthouse (Cathair Luimnigh agus CC) agus ina dhiaidh sin bhí plé an-spéisiúil ar na tionscadail a cuireadh i láthair, agus ar na dúshláin atá roimh an earnáil maidir le nuálaíochta i gcoitinne. Ba mhór-ócáid í seo freisin sa tSeachtain Nuálaíochta Náisiúnta a rinneadh a bheoshruthú agus inar ghlac an lucht éisteachta ar líne páirt go fonnmar ann le linn an tseisiún Ceisteanna agus Freagraí.

**12 Samhain** – 12 Samhain – Reáchtáladh seisiún de Spotsolas ar Nuálaíocht GBRÁ go himheánach laistigh den GBRÁ inar tugadh an scéala is déanaí maidir le cúrsaí nuálaíochta sna Leabharlanna, san Oifig Comhordaithe Soláthair Tithíochta agus atá idir lámha ag an bhfoireann Nuálaíochta. Ba é Príomhfheidhmeannach GBRÁ an tUasal Paul Dunne a chuir túis leis an imeacht agus d'éirigh thar barr leis agus ranpháirtíocht is plé iontach le sonrú i ndiaidh na dtrí chur i láthair.

### Ciste Nuálaíochta um Sheirbhísí Poiblí 2021

Rinne Iníon Noeleen McHugh, Príomhfheidhmeannach Cúnta - GBRÁ ionadaíocht thar ceann na hearnála rialtais áitiúil ar an gCoiste i mbun an Chiste a Mheasúnú. Uair amháin eile, d'éirigh go han-mhaith leis an earnáil maidir le 35% den chiste iomlán a bhí ar fáil a thabhairt leo trí pháirt a ghlacadh sa phróiseas fior-iomaíoch seo. Seo a leanas iad na sonraí ardleibhéil:

- Ciste lomlán de €900 míle
- D'éirigh le hiarratais ó nó bainteach le húdarás áitiúla €285,000 de mhaoiniú dheontas íosta
- 2021 ar bronnadh €25,000 suas go dtí deontas uasta de €60,000

Larratasóir	Tionscadal	Cistiú
Comhairle Cathrach Chorcaí	Feithicil Chianrialaithe do Rannóg Dhóiteáin Chathair Chorcaí	€55,000
Comhairle Cathrach Chorcaí	Leabharlann Rothar Lastais	€45,000
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	Iniúchtaí Cliste agus Rialú Tógála don Oifig Náisiúnta um Rialú Tógála	€35,000
Comhairle Contae an Chabháin	Daoine Óga agus Teiripí Ealaíon Cruthaitheach	€30,000
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	Dlús a Chur le hÚsáid Drón i measc na n-Údarás Áitiúil	€35,000
Comhairle Contae Muineacháin (i gcomhar le comhairlí contae an Chabháin, Dhún Laoghaire-Rathú an Dúin, Laoise, Liatroma, Longfoirt, Lú, agus MyCoCo)	MyCoCo	€55,000
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	Glac Seilbh ar na Lánaí Arís	€30,000


Bhainistigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe Ciste Nuálaíochta na Seirbhise Poiblí 2022 agus seoladh é i mí na Samhna 2021 d'íarratasóirí, seoladh a tharla ceithre mhí níos lúaithe ná mar ba ghnách sna blianta roimhe sin agus tabharfaidh na míonna breise sin níos mó ama d'aon duine a fuair maoiniú chun a gcuid tograí a chur i gcrích. Is iad seo a leanas sonraí an Chiste:

- Suimeanna ó €25,000 suas go €60,000 ar fáil d'aon tionscadal ar leith.
- Ba é an 17 Nollaig 2021 an spriocdháta le haghaidh iarratais a chur isteach..
- Chuidigh OBC GBRÁ ó thaobh ceisteanna a fhreagairt agus tacú le hiarratais.

### Cistiú Nuálaíochta

D'fhogair an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe seoladh ciste náisiúnta nuálaíochta dar teideal "Tech Challenge" a bhí urraithe ag Cisco, AWS, agus IBM. Bhí trí chiste de suas le €100,000 an ceann ar fáil don triúr iarratasóirí ar éirigh leo teacht slán tríd an bpróiseas roghnúcháin a chríochnaigh le cur i láthair a dhéanamh ar nós Dragons Den os comhair choiste roghnúcháin an chiste.

D'fhogair an RTP ciste €500,000 chun tacú le Nuálaíocht Dhigiteach Tuaithe a chuirfidh deontais suas le €200,000 ar fáil do thionscadail dhigiteacha agus teileachumarsáide faoi scáth údarás áitiúil.



# 6 | Eolas

## Buaicphointí Taighde

- Lean an tAonad Taighde air ó thaobh obair go dlúth le Coistí CBCC agus le foirne éagsúla GBRÁ trí thacaíocht theicniúil a thabhairt agus aighneachtaí a ullmhú.
- D'fhoilsigh an GBRÁ dhá thuarascáil taighde le linn 2021, rud a chuir le foilseachán údaráis áitiúil an Fhorais Riarrachán don earnáil.
- Ghlac an GBRÁ ceannas ó NOAC ar an bpróiseas um shásamh custaiméirí a mheas.
- Cuireadh an Láraonad Sonraí do rialtais áitiúil ar bun.
- Thacaigh an tAonad Taighde le sonraí a thírgeadh do Mhol Sonraí RTRAO COVID19.
- Tacaíodh le hobair NOAC ar na táscairí feidhmíochta bliantúla.
- Lean ar aghaidh le hionadaíocht earnála i measc réimse tionscnamh a bhain le taighde.

## Tacaíocht Taighdet

Tugann na táblaí thíos achoimre ar chúnámh teicniúil agus ar thacaíocht aighneachta a cuireadh ar fáil i rith na bliana.

- Cuireadh Cúnamh Teicniúil ar fáil d'ocht dtionscadal agus tacaíodh le ceithre aighneacht.

Cúnamh Teicniúil		
Teideal/Téama	Coiste Ábhartha	Thar ceann GBRÁ/Coiste
An Tionscnamh Glaonna Pobail le linn COVID19 de chuid RTRAO, an Feachtas Folláine agus Mol Sonraí na Leabharlanna. D'oibrigh i gcomhpháirtíocht leis an RTRAO chun bailiú sonraí a dheardadh agus a chomhordú	Coiste Corparáideach CBCC	Deireadh Fómhair 2021
Staitisticí Leabharlanna ar Sheirbhísí a Soláthraíodh agus Staitisticí Ballraíochta ag leibhéal contae	Coiste Forbartha Leabharlanna GBRÁ	Mí na Nollag 2021
Suirbhé Leabharlanna ar Fhoghlaím ar Feadh an tSaoil	Coiste Forbartha Leabharlanna GBRÁ	Mí na Nollag 2021
Athbhreithniú ar Phinsin Údaráis Áitiúil	Coiste Airgeadais CBCC	Ar Siúl go Fóill
Athbhreithniú ar Rátaí Tráchtala Údaráis Áitiúil	Coiste Airgeadais CBCC	Ar Siúl go Fóill
Grúpa Comhairleach Taighde chun PTFanna a fhorbairt do Ghníomhú ar Son na hAeráide	An Coiste CBCC um Ghníomhú ar Son na hAeráide, lompair agus Lónraí	Ar Siúl go Fóill
Maoiniú faigte don ionad um Fhorbairt Áitiúil agus Tuaithe, Ollscoil na hÉireann, Má Nuad, le haghaidh taighde ar an tionchar a bhíonn ag comaitéireacht ar bhailte	Tithíocht, Foirgníocht agus Úsáid Talún (TFÚT)	Ar Siúl go Fóill

## Comhad Lárnoch Aighneachtaí

I gcaitheamh na bliana, rinneadh 57 aighneacht chuig 19 roinn nó gníomhaireacht rialtais éagsúla..

**Tábla 1:** Na haighneachtaí a rinne coistí CBCC le linn 2021


Aighneachtaí	Tithíocht, Foirgníocht agus Úsáid Talún	Gnó, Fointair, Nuálaíocht agus Athnuachan Eacnamaíochta na mBailte Móra/ Uirbeacha (GFNAEBMU)	Forbairt Tuaithe, Pobail, Turasóireacht, Cultúir agus Oidhreacht	Gníomhú ar son na hAeráide, lompar agus Lónraí (GSAIL)	Uisce, Bainistíocht Dramhaíola, Comhshaol agus Pleanáil Eigeandála (UBDCPE)	Corparáideach	Airgeadas	lomlán
DHLGH	6	4	(RDCTCH)	1	3		5	19
DECC				3	2			5
DAFM					2			2
DCEDIY	1		1					2
RT			11					11
RFTP		3	2					5
RFTF		1						1
JOC	2	2		3	1			8
GCC	1				3			4
AO	1							1
CAC					1			1
ABP					1			1
CRU				1				1
CCAC				1				1
BSL				1				1
ÚSB				1				1
AGS					1			1
SIPO						1		1
FR						1		1
<b>lomlán</b>	<b>11</b>	<b>10</b>	<b>14</b>	<b>11</b>	<b>14</b>	<b>2</b>	<b>5</b>	<b>67</b>

## Tuarascálacha Taighde

### Tuarascáil Treochtaí Táscaire Feidhmíochta Náisiúnta na nÚdarás Áitiúil 2014 - 2019

Tugann na torthaí atá sa tuarascáil treochtaí léargas tábhachtach ar fheidhmíocht na n-údarás áitiúil ó ghlac NOAC freagracht reachtúil in iniúchóireacht a dhéanamh ar rialtas áitiúil in 2014. Cuireann an tuarascáil seo feidhmíocht earnála comhiomlán i láthair do gach ceann de na 11 réimse feidhme. Cé go bhfuil feabhas tagtha ar fheidhmíocht na hearnála i go leor croíréimsí feidhme, tá scóip fós ag leibhéal earnála chun leanúint ar aghaidh ó taobh feabhas a chur i bhfeidhm ar fud an tsoláthair seirbhíse.

Ba é an rud is mó a thug an tuarascáil chun solais ná go raibh gá go minic le mionathrú a dhéanamh ar tháscairí nua tar éis iad a thabhairt isteach agus dá bhrí sin bhí sceabha sna sonraí treochtaí de bharr torthaí na bliana tosaigh. Mar gheall air seo, ghlac NOAC leis an moladh sa tuarascáil go ndéanfaí gach táscaire nua a thriail ar feadh bliana sula gcuirfí isteach iad sa tuarascáil bhliantúil foilsithe.



### Léirbhreithniú ar an litríocht maidir le Príomhtháscairí Feidhmíochta Gníomhaithe ar Son na hAeráide de chuid an Rialtais Áitiúil

Choimisiúnaigh Grúpa Oibre PTF um Ghníomhú ar son na hAeráide CBCC/GBRÁ/CARO tuarascáil chun léirbhreithniú ar an litríocht a dhéanamh ar mhaithe le bonn eolais a chur faoin obair chun sraith PTfanna a phorbairt don earnáil rialtais áitiúil in Éirinn. Rinne an taighde roinnt torthaí a shainaithe. Ar an gcéad dul síos, is céim thábhachtach é a bheith in ann méadracht ábhartha a ghabháil ar tháscairí próisis nó beartais ó thaobh deimhin a dhéanamh de go bhfuil na creatáí nó na beartais chuí i bhfeidhm le gur féidir leis an earnáil a thuiscint cad iad na tacaíochtaí nó na cleachtais tosaigh atá riachtanach.

Gancreat dá leithéid, d'fhéadfadh sé a bheith dúshláinach na táscairí toraidh a shainaithnítear a thomhas.

Ar an dara dul síos, is den ríthábhacht é cúrsaí a choimeád simplí ar dtús ach ní mór do na táscairí a bheith uaillmhianach freisin lena chinntíú go gcomhlíonfar na gealltanais agus na spriocanna a shonraítear sa bheartas náisiúnta um athrú aeráide.

Agus ar deireadh, moltar athbhreithnithe tréimhsíula ar tháscairí lena chinntíú go bhfanann siad ábhartha, go bhfuil siad ag teacht leis an gcleachtas idirnáisiúnta is fearr, agus go bhfuil siad infheidhme maidir le beartas reatha agus oibríochtaí údarás áitiúil.



## Comhpháirtithe Taighde

Thacaigh GBRÁ leis an bhForas Riaracháin ceithre chás-staidéar a chur le chéile dar teideal Freagairt Áitiúil i leith Covid19 a Threorú: Ról an Rialtais Áitiúil. Bhí an tuarascáil seo mar chuid de staidéar taighde níos leithne ar nuálaíocht rialtais áitiúil a rinne an GBRÁ agus an Foras Riaracháin agus tá sí ag teacht le foilseachán de chuid GBRÁ in 2020, Forléargas ar Nuálaíochtaí COVID-19 i measc Údarás Áitiúil.

## Sásamh Custaiméirí a Thomhas i réimse an Rialtais Áitiúil

I bhfianaise thorthaí na tuarascála, rinne RedC suirbhé náisiúnta chun leibhéal úsáide seirbhíse, feasachta agus dearctaí i leith údarás áitiúla a mheas agus cuireadh tús le hobair ar uirlis shuirbhé leabaithe a thabhairt isteach ar bhonn píolótach mar bhealach chun teaghmáil a dhéanamh le custaiméirí le linn dóibh seirbhísí á úsáid.



## Sásamh Custaiméirí

Ghlac an GBRÁ an cúram chuici féin tuarascáil bhliantúil ar shásamh custaiméirí a chur le chéile ar iarratas ó NOAC. D'ullmhaigh an Foras Riaracháin tuarascáil dar teideal Sásamh Custaiméirí a Thomhas i réimse an Rialtais Áitiúil ar mhaithle le bonn eolais a chur faoi córas a dhearadh ar féidir leis eolais a ghabháil go héifeachtach faoi leibhéal sásaimh custaiméirí.

Thug an tuarascáil breac-chuntas ar an ngá atá le sonraí pointe teaghmála a chur le suirbhéanna agus le cás-staidéir ionas gur féidir tuairisciú cuimsitheach a dhéanamh ar shásamh custaiméirí.



## Láraonad Sonraí

### Bord na dTionscadal


Cuireadh Bord na dTionscadal ar bun don Láraonad Sonraí ar a raibh ionadaíocht ag údaráis áitiúla, an RTRAO, an Phríomh-Oifig Staidrimh, an CBCC agus an GBRÁ.

### Fostaithe

Thosaigh an chéad trí fhostaí ag obair in 2021.

### Ailtireacht


Cuireadh tús le hobair ar ailtireacht locha sonraí néalbhunaithe a fhorbairt don tionscadal.



## Mol Sonraí Covid

### Ag Tacú le Mol Sonraí RTRAO

Tugadh tacáiocht don fhoireann sa RTRAO agus iad i mbun an Mhoil Sonraí COVID19 a chruthú agus é a líonadh le sonraí trí chuidíú le foirmeacha a dhearadh agus dul i mbun comhairliúchán leis an earnáil chun teacht ar chomhaontú maidir leis an ábhar sonraí.



## Táscairí Feidhmíochta

### Tuarascáil ar Tháscairí Feidhmíochta d'Údarás Áitiúla NOAC 2020

Thacaigh an tAonad Taighde le sonraí 2020 a bhailiú do tháscairí feidhmíochta na n-údarás áitiúil trí thacaíocht theicniúil a thabhairt do NOAC agus tacair shonraí seachtracha a thiomsú. Glacadh tuarascáil achomair feidhmíochta GBRÁ isteach i dtuarascáil bhliantúil NOAC, a foilsíodh agus a seoladh i Meán Fómhair 2021.

### Déanfaidh Grúpa Comhairleach Taighde NOAC imscrídú ar fhorbairt táscaire eacnamaíoch d'údarás áitiúla

D'oibrigh Taighde GBRÁ i gcomhairle le NOAC chun maoiriú a dhéanamh ar thaighde a coimisiúnaíodh chun athbhreithniú a dhéanamh ar an réimse gníomhaíochtaí geilleagracha atá na húdarás áitiúla tar éis tabhairt faoi.

## Ionadaíocht Earnála

### Ionadaíocht Earnála a thabhairt i gcúrsaí taighde

The LGMA continued to provide sectoral representation on three national research groups:

- Oifig an Rialálaí Pleanála Lucht Eolais um Pleanáil Náisiúnta.
- DHLGH Housing Research Forum
- CSO Formal Statistician Liaison Group

### Grúpa Taighde Stiúrtha UNIOM ar Thortháí Comhtháthaithe do Dhídeanaithe Athlónnaithe in Éirinn

Bhí an GBRÁ ar cheann de roinnt gníomhaireachtaí agus ranna rialtais ar an ngrúpa stiúrtha a bunaíodh chun ionchur a thabhairt do thaighde arna coimisiúnú ag an Roinn Dlí agus Cirt Clár Cosanta Dídeanaithe na hÉireann. Rinne an tionscadal iarracht taighde cálíochtúil a dhéanamh chun léargas a fháil ar eispéisí na ndídeanaithe a chuaigh tríd an gcóras idir 2015 agus 2019.

### Cruinniú comhcháime NESC/Ollscoil Mhá Nuad ar Chathracha Athléimneacha agus Inbhuanaithe a Thuscint

Thug an GBRÁ freagra ar ‘Taithí Cathracha ar Oileán na hÉireann’ le linn an Cruinniú Comhcháime a réachtáladh an 15 Aibreán 2021.



## 7

# Abhcóideacht agus Rialtas Áitiúil

## Aighneacht Caidrimh Thionsclaíoch

Thug an GBRÁ tacaíocht leanúnach do na hÚdarás Áitiúla maidir le cúrsaí Caidrimh Thionsclaíoch lena n-áirítear beartais agus nósanna imeachta agus soiléiriú maidir le léirmhíniú Ciorclán agus fiosrúcháin a bhain le fostaithe.

Lean an GBRÁ ar aghaidh ó thaobh ionadaíochta dhéanamh thar cheann na n-údarás áitiúil agus ó thaobh tacú leo i gcaidreamh áitiúil le Ceardchumainn agus ionadaíochta dhéanamh ar a son maidir le saincheisteanna a théann ar aghaidh chuíg an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre agus chuíg an gCúirt Oibreachais lena n-áirítear Idirghabháil, Idir-réiteach, Breithníu agus Éisteachtaí Cúirte Oibreachais.

Rinne an GBRÁ ionadaíocht thar ceann Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath i gcás a chuir an Chúirt Oibreachais faoi bhráid Chúirt Bhireithiúnaí an Aontais Eorpaigh (CJEU) le haghaidh réamhthagairtha. Bhí an cás seo ar cheann de líon suntasach cásanna a bhain le comhraiceoirí dóiteáin ar coimeád a thíníg chun cinn tar éis chinneadh an CJEU i gcás Matzak.

Cé go raibh toradh dearfach ar an réamhthagairt, rachaidh an cheist ar ais chuíg an gCúirt Oibreachaisanois lena bhreithniú.

Leanamar orainn ó thaobh dul i mbun plé tríd an LANC agus Comhlacht Maoirseachta an Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais chun dul i ngleic go Rathúil le saincheisteanna CT agus AD.

## Oifig Aistrithe Seirbhísí Uisce (OASU)

**Lean Oifig Aistrithe na Seirbhísí Uisce (OASU) uirthi ó thaobh tacaíocht a thabhairt d'earnáil seirbhísí uisce na n-údarás áitiúil.**

Tá OASU ina bhall den 'Grúpa Athchóirithe Seirbhísí Uisce Poiblí' a dhéanann ionadaíocht thar ceann lucht bainistíochta in idrbheartaíochtaí.

### Aighneachtaí déanta

In 2021 d'úllmhaigh OASU aighneacht don CBCC chuíg an RTRAO maidir le tionchar Saincheisteanna a bhaineann leis an stair a thiocfaidh chun cinn nuair a bheidh an Fóntas Poiblí Aonair i bhfeidhm.

I measc na nithe a ndearnadh trácht orthu bhí Ceadúnais Oscailte Bóthair, Bonneagar arna Sholáthar ag Forbróir, Soláthairtí Beaga Poiblí, Fardal/Stórais, Clós Inneala, Táillí Bainistíochta Lárnaí, Sócmhainní sa Feidhm, Píopaí Luaidhe, srl. Tá an aighneacht á breithniú ag an Roinn.

In Aibreán 2021, cuireadh aighneacht faoi bhráid na Roinne freisin maidir le forbairt tionchair agus iarmhairtí a d'fhéadfadh tarlú amach anseo de bharr seirbhísí uisce a scaradh ó fheidhmeanna pleanaíla na n-údarás áitiúil. Fuarthas freagra i lár mhí na Samhna agus tá sé á bhreithniú faoi láthair.

### Leanúnachas gnó le linn Covid-19

Lean OASU uirthi ó thaobh comhordú a dhéanamh ar an nGrúpa Leanúnachais Gnó a ndearna maoirseacht ar fhreagairt rannóga Seirbhísí Uisce na nÚdarás Áitiúil ar an bpaindéim COVID-19.

Bhí an Grúpa comhdhéanta de Phríomhfeidhmeannaigh an Choiste Uisce, Dramaíola, Comhshaoil agus Pleanála Éigeandála, Oibríochtaí Sócmhainní in Uisce Éireann agus OASU. Tháinig an Grúpa ar chomhaontú maidir le hathruithe ar an doiciméad protácail 'Maireachtáil le Covid' a chabhraigh le hÚdarás Áitiúla bearta a dhéanamh le fostaithe a chosaint ar ghníomhaíochtaí eagsúla san earnáil uisce.

## An Fóntas Poiblí Aonair atá Beartaithe (FPA)

Leanadh den obair ar an gcreat le haghaidh Comhaontuithe Seirbhíse nua a chur in áit na seancheann amach anseo idir Uisce Éireann agus Údarás Áitiúla.

I gcaitheamh 2021 d'fhoilsigh an tAire Páipéar Beartais an Rialtais ar Bhunathrú chun Feabhas na hEarnála Uisce, dar teideal "Uisce Éireann – I dTreo Fóntas Seirbhísí Uisce Rialaithe Náisiúnta, faoi úinéireacht Phoiblí".

Leagadh amach sa pháipéar cur chuige an Rialtais i leith bunathrú chun feabhas a dhéanamh ar an earnáil uisce lena n-áirítear Uisce Éireann a bhunú mar Phóntas Poiblí Aonair.

Shocraigh sé amlínte maidir le dul chun cinn ar an gcaibidlíocht a bhí le déanamh agus cheap sé an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre (WRC) le bheith ina Chathaoirleach ar na hidirbheartaíochtaí sin.

## Saincheisteanna Pinsin a Bhaineann leis an Stair

Rinne OASU agus saineolaithe ábhair údarás áitiúil ionadaíocht thar ceann na hearnála ar na Grúpaí Oibre um Phinsin agus Muirear Bainistíochta Lárnaí (CMC) faoi cheannas RTRAO. Bunaíodh na grúpaí seo in 2019 chun tograí a fhobairt a thabharfaidh aghaidh ar na príomhcheisteanna sin a bhain leis an stair.

I rith 2021, tugadh an obair ar phinsin chun críche agus cheadaigh an CBCC é. Cuireadh faoi bhráid RTRAO é le go ndéanfaidís é a bhreithniú i rith na bliana.

## Foirne Deartha Tionscadail

Cuireadh foirne deartha tionscadail ar bun chun treoirthionscadail a éascú de réir mar ba ghá agus chomhordaigh ionadaithe ó OASU ionchur agus ballraíocht na n-údarás áitiúil. I measc seo bhí:

- Nósanna Imeachta Caighdeánacha
- Oibríochta Clár Cothabhála Pleanálte
- An Clár Teiliméadrachta Náisiúnta

## Lónra Bhainisteoirí Athruithe na nÚdarás Áitiúil

D'eagraigh OASU Lónra Bhainisteoirí Athruithe na nÚdarás Áitiúil agus a gcruiinnithe míosúla i gcomhar le hUisce Éireann. Ba é ról Bhainisteoir Athruithe na nÚdarás Áitiúil ná éascaíocht a dhéanamh ar na hathruithe a tharla de bharr na dtionscnamh éagsúla a d'eascair as an bplean bunathraithe chun feabhas. Chabhraigh an Lónra le hathruithe a chur i bhfeidhm laistigh den earnáil ar bhealach socair aonfhoirmeach. Tugadh tionscnaimh nua amhail TFC, Maximo, Aonaid Boise srl. chuige seo le haghaidh aiseolais. Reáchtáladh 11 chruinníú le linn 2021 agus reáchtáladh na cruinnithe seo ar líne mar gheall ar COVID-19.

## Coiste CBCC

Thacaigh OASU le Coiste Uisce, Dramhaíola, Comhshaoil agus Pleanála Éigeandála CBCC ina chuid oibre agus rinne sí taighde ar fud na hearnála chomh maith le haighneachtaí reachtúla agus neamhreachtúla a ullmhú ar shaincheisteanna sonracha de réir mar a tháinig siad chun cinn. I measc na míreanna a bhí ar an gClár Oibre le linn 2021 bhí Project Connect, Creatáí Soláthair, Leanúnachas Gnó, Ioncam faoi Thréimhse Rialaithe Ioncaim 3 a cheadaigh an CRU dó.

## Córas Bainistíochta Airgeadais

### Scéim Cúaimh do Ghnóthais Bheaga le haghaidh COVID (SCGBC)

Sheol an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta an Scéim Cúaimh do Ghnóthais Bheaga don Covid (SCGBC) an 11 Márta 2021 agus é mar aidhm aici díriú ar na gnólachtaí sin a raibh costais oibriúcháin acu nach raibh cáilithe don Scéim Tacaíochta Srianta Covid (CRSS) arna oibriú ag na Coimisinéir Ioncaim. Bhí na critéir incháilitheachta don dá scéim cosúil.

Ba é an príomhdhifréocht idir SCGBC agus CRSS an riachtanas, i gcás CRSS, go mbeadh rochtain ag an bpobal ar áitreabh gnó.

Bhí an deontas de €4,000 ar fáil mar ranníocaíocht i dtreo costais sheasta mar chabbair chun gnó a choinneáil ag feidhmiú sula n-athosclóidh sé faoi dheireadh agus ní raibh sé ar fáil ach d'iarratasóir a bhí ag oibriú ó réadmhaoin inrátáilte. Chlúdaigh an scéim tosaigh an tréimhse 1 Eanáir 2021 go 30 Meitheamh 2021 arbh é an 21 Aibreán 2021 an dáta deiridh. Seoladh scéim eile R2 i mí an Mheithimh 2021 agus ba é an 21 Iúil 2021 an dáta deiridh a raibh íocaíocht deontais de €4,000 nó €1,000 uirthi ag brath ar láimhdeachas bliantúil an iarratasóra.

Ba é líon iomlán na n-iarratas ar an Deontas R1 tosaigh ná 5,026 agus íocadh 2,972 iarratas ar luach €11,888,000. Ba é líon iomlán na n-iarratas do R2 ná 3,923 agus íocadh 2,533 iarratas ar luach €9,085,000.

Shocraigh an GBRÁ dhá réiteach bogearraí do SCGBC.

### Tarscaoileadh Rátaí COVID-19

Leathnaíodh an tarscaoileadh rátaí in 2021 ó ráithe go ráithe. Athraíodh an scéim ón gceann a cuireadh i bhfeidhm ar bhonn céimneach in 2020 agus bhí sí níos forordaithí maidir le catagóirí na n-íocóirí rátaí a áiríodh agus a cuireadh as an áireamh.

Sheachaid an GBRÁ pacáiste um Tharscaoileadh Rátaí a cuireadh i bhfeidhm ar fheidhmchláir Rátaí Tráchtála agus Airgeadais Agresso ar fud na hearnála.

### Uasghrádú ar an gCóras Bainistíochta Airgeadais

Eisíodh larratas ar Thairiscint le haghaidh uasghrádú a dhéanamh ar leagan Milestone 7 de chórás Bainistíochta Airgeadais Agresso i mí Feabhra 2021. Cuireadh túis leis an treoirthionscadal agus bailíochtú an chur i bhfeidhm i R2 na bliana 2021.

## Acmhainní Daonna, Párola, Aoisliúntas (ADPA)

### COVID-19

#### Treoir Ardleibhéal Sláinte agus Sábháilteachta Údaráis Áitiúil COVID-19

Mar chuid dá tacaíocht don earnáil i mbainistiú riosca COVID-19, lean an GBRÁ uirthi ó thaobh uasdátú a dhéanamh ar an Treoir Ardleibhéal Sláinte agus Sábháilteachta na nÚdarás Áitiúil maidir le COVID-19 faoi scáth an Choiste Oibriúcháin Sláinte agus Sábháilteachta. Ba é cuspóir na cáipéisí seo dea-chleachtas náisiúnta a chomhdhlúthú, ar aon dul le moltáí an Rialtais agus FSS maidir le COVID-19 a bhainistiú agus na prionsabail ghinearálta a leagan amach atá le cur i bhfeidhm chun fostaithe a chosaint agus chun bearta rialaithe oiriúnacha a aithint agus a chur i bhfeidhm. an baol ionfhabhtaithe COVID-19 san ionad oibre a mhaolú.

#### Treoir Chaighdeánach faoi Oibríocht (TCO)

Lean an GBRÁ uirthi ó thaobh athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar an tsraith de 30 TCO a forbraíodh mar chabbair d'údaráis áitiúla chun leanúint ar aghaidh i mbun seirbhísí a sholáthar i gcaitheamh na paindéime. Rinne na cáipéisí treorach oibríochtúla seo foráil do chur chuige comhsheasmhach maidir le bainistiú COVID-19 ar leibhéal oibríochtúil ar fud na hearnála.

Cóinníodh na cáipéisí seo faoi athbhreithniú agus nuashonraíodh iad ar bhonn leanúnach faoi choimirce an Choiste Oibriúcháin Sláinte agus Sábháilteachta d'fhonn deimhin a dhéanamh go gcloítear le comhairle rialtais agus sláinte poiblí de réir mar a tháinig sé chun cinn.

#### Clár iondúchtaithe COVID-19

Faoi choimirce an Choiste Oibriúcháin Sláinte agus Sábháilteachta, forbraíodh treoirdhoiciméad chomhairleach faoi Obair go Sábháilte agus Fostaithe á n-iondúchtú le linn COVID-19. Thacaigh sé seo leis an earnáil ó thaobh oiliúint iondúchtaithe chomhsheasmhach agus chaighdeánaithe maidir le COVID-19 a sholáthar do gach fostáí de réir mar a éilítear i bPrótacal "Oibrigh go Sábháilte" an Rialtais.

Nuashonraíodh an t-iondúchtú seo de réir mar ba ghá lena chinntíú go gcomhlíontar comhairle sláinte poiblí

## Catalóg Seirbhísí an Rialtais Áitiúil

Is suíomh gréasánin nua é [Services.localgov.ie](https://Services.localgov.ie) a chuireann eolas ar fáil d'úsáideoirí faoi na seirbhísí a sholáthraíonn earnáil an rialtais áitiúil in Éirinn. Cuirtear eolas ar bheis is 1,000 seirbhís i láthair ar bhealach so-úsáidte agus inrochtana in aon áit amháin agus tá sé ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge arao

Is féidir le húsáideoirí an catalóg a bhrabhsáil ar bhealaí éagsúla agus is féidir leo nascadh go díreach lena n-údarás áitiúil chun teacht ar sheirbhís. Cuireann an tionscadal Gníomh 3 agus Gníomh 4 dár Seirbhís Phoiblí 2020 i gcrích chun cumarsáid leis an bpobal a fheabhsú agus chun seirbhísí a dhéanamh níos inrochtana. Tacaíonn an suíomh gréasánin freisin le seirbhísí digiteacha a fhorbairt ar fud na hearnála rialtais áitiúil. Bhí ionchur ag 31 údarás áitiúil sa tionscadal chomh maith le tacú leis.

Ba é an tAire a sheol an suíomh gréasánin go hoifigiúil Peter Burke i mí na Samhna 2021 agus rinneadh an t-imeacht seolta a bheoshruthú chuglucht féachana fíorúil. I measc na gcainteoirí ar an bpainéil bhí ionadaithe ón Roinn Tithóchta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, Cathaoirleach an CBCC, Cathaoirleach Chonradh na Gaeilge, Cathaoirleach an Choiste Chorparáidigh CBCC agus leag an GBRÁ amach tábhacht an tionscadail agus an fiúntas a d'fhéadfadh a bheith ag an suíomh gréasánin d'údaráis áitiúla agus don phobal arao.

Cuireadh túis le feachtas sna meáin chun [Services.localgov.ie](https://Services.localgov.ie) a chur i mbéal an phobail ar an lá seolta agus tá sócmhainní poiblíochta, lena n-áirítear físeán gearr faoin suíomh gréasánin, ar fáil ar bhealaí éagsúla meán sóisialta.

Scaipeadh roinnt sócmhainní digiteacha agus clóbhualte ar gach údarás áitiúil chun an suíomh gréasánin nua a chur chun cinn ar ardán áitiúla.

Tá Coiste Bainistíocha na Catalóige Seirbhísí curtha ar bun chun cothabháil a dhéanamh ar shuíomh gréasánin na Catalóige Seirbhísí agus chun an t-eolas air a choinneáil cothrom le dáta. Tagann baill an choiste ó. Coiste Corparáideach CBCC, údaráis áitiúla agus an GBRÁ eile thar ceann na hearnála rialtais áitiúil.

### RÉIMSÍ FEIDHMIÚLA



Tithíocht



Bóithre agus lompar




Páirceanna



Forbairt Eacnamaíochta



Fiontaí Áitiúil



Pleanáil



Ríocht Phoiblí



Pobal agus Spórt



Forbairt Turasóireachta



Comhshaol

## Cumarsáid an LGMA

### Cumarsáid Chorparáideach

Thug an rannóg cumarsáide tacaíocht ar fud GBRÁ lena n-áirítear don Fhoireann Chorparáideach maidir le cumarsáid immheánach agus sheachtrach GBRÁ. I rith 2021, lean an GBRÁ uirthi ó thaobh na Straitéise Cumarsáide Corparáidí agus an phleán gníomhaíochta a chur i bhfeidhm lena n-áirítear díriú ar fheabhas a chur ar chumarsáid immheánach.

### Earnáil na nÚdarás Áitiúil a Chur in iúl agus a Chur Chun Cinn

Is gnéithe tábhachtacha d'obair GBRÁ iad obair an rialtais áitiúil, poist agus daoine a chur in iúl agus cumarsáid a chomhordú trasna na hearnála, i gcomhar leis an gCumann Bainistíochta Contae agus Cathrach (CBCC) agus Meitheal Cumarsáide faoi Fheidhmeannas CBCC.

### COVID-19

I rith 2021, d'oibrigh an GBRÁ i ndlúthchomhar leis an rialtas agus le FSS lena chinntí gur cuireadh teachtaireachtaí comhsheasmhacha in iúl trí údarás áitiúla maidir le feachtais sláinte poiblí, vacsaínithe agus feachtais eile bainteach le COVID-19.

Ina theannta sin, d'oibrigh an GBRÁ i gcomhar le húdarás áitiúla agus leis an rialtas ar fheachtais náisiúnta lena n-áirítear an feachtas 'Fan Folláin' chomh maith le tacaíocht leanúnach a thabhairt ó thaobh comhordú a dhéanamh ar an Fóram Glaonna Pobail agus an Fóram Freagartha Pobail, agus iad i mbun plé le páirtithe leasmhara náisiúnta chomh maith le tacaíocht agus comhairle a thabhairt do chomhordaitheoirí freagartha pobail áitiúla agus d'fhoirne.

Ba thosaíocht chumarsáide eile í béim a leagan ar an obair ríthábhachtach agus an nuálaíocht a bhí ar siúl ag na húdarás áitiúla le linn COVID-19, lena n-áirítear an obair a rinneadh chun tacú le agus éascaíocht a dhéanamh ar ghnó áitiúil agus spásanna sábháilte amuigh faoin aer.

### Na Meáin agus Feachtais

I rith 2021, chuaigh an GBRÁ i mbun plé le teagmhálaithe cumarsáide agus le daoine eile laistigh de ranna rialtais, de na meáin chumarsáide, agus páirtithe leasmhara eile thar ceann na hearnála rialtais áitiúil.

Thacaigh Cumarsáid GBRÁ le coistí agus le foirne CBCC ar fud na Gníomhaireachta maidir le feachtais chumarsáide, plé leis na meáin agus forbairt suíomh gréasáin. I measc seo bhí feachtais agus obair ar an suíomh gréasáin Poist Rialtais Áitiúil, an Chatalóig Seirbhísí, an tionscadal r-Phleanála, an Straitéis Earnála um Ghníomhú ar son na hAeráide, agus Deiseanna Eacnamaíochta ón gcomhdháil Aeráide.

### Straitéis i leith na Meán Sóisialta

Lean an GBRÁ uirthi ó thaobh straitéis meán sóisialta a chur i bhfeidhm don earnáil le linn 2021 ar fud chuntais GBRÁ, Rialtais Áitiúil Éireann, Leabharlanna Éireann, agus an CBCC

### Tacaíocht don Lónra Cumarsáide

Lean an GBRÁ uirthi ó thaobh tacaíochta straitéiseach a thabhairt ó lá go lá don Lónra Cumarsáide, lena n-áirítear iad siúd go léir a oibríonn sa chumarsáid ar fud na hearnála. Mar chuid de seo, reáchtáladh Seimineár Cumarsáide Rialtais Áitiúil le cainteoirí ón earnáil phoiblí agus ón earnáil phríobháideach.

Le linn 2021, dhírig an Fhoireann Cumarsáide agus an Mheitheal Oibre ar thacú le húdarás áitiúla dea-chleachtais chumarsáide a chur i gcroílár a n-eagraíochtaí. Ullmhaíodh foireann uírlisí mar thaca chuige seo agus scaipeadh iad ar gach údarás áitiúil agus bhí an bhéim sin mar théama ag an Seimineár Cumarsáide bliantúil.

### Branda an Rialtais Áitiúil agus Straitéis Dhigiteach

Forbraíodh branda nua Rialtais Áitiúil agus straitéis dhigiteach agus faomhadh iad le linn 2021. Rinne an straitéis forbairt ar chun ar bun bhranda Rialtais Áitiúil Éireann agus leag sí amach conair i dtreo branda aontaithe comhsheasmhach a chruthú don earnáil le cur i bhfeidhm ar ardáin lena n-áirítear suíomhanna gréasáin agus digiteacha, feachtais, na meáin shóisialta agus áiteanna eile.

## Fógraíocht faoi Leabharlanna

Rinne an GBRÁ roinnt feachtas poiblíochta leabharlanna a bhainistiú le linn 2021, lena n-áirítear feachtas Buail Isteach a dhíriugh ar dhaoine a spreagadh chun filleadh ar fhoirgnimh leabharlainne, Feachtas na Leabharlainne Beag chun aird a tharraingt ar mháláí leabhar na Leabharlainne Beag a bheith ar fáil agus an feachtas Éire ag Léamh.

Ba mhórthionscadal é an feachtas Éire ag Léamh, arna mhaioniú faoin gclár Fan Folláin a bhí go mór i mbéal an phobail agus a tharraing go leor cainte. I gcaitheamh an fheachtas, gheall 10,000 duine léamh ar feadh breis agus 900,000 nójiméad. Bhuaigh an feachtas roinnt gradam ag Gradaim Kinsale Sharks agus ag Gradaim na hInstitiúide Fógraíochta Cruthaithí agus Deartha (ICAD).



heol Peter Burke, TD,  
an tAire Rialtais Áitiúil  
agus Brendan McGrath,  
Cathaoirleach CBCC,  
suíomh gréasáin na  
Catalóige Seirbhísí  
services.localgov.ie i mí  
na Samhna 2021.



Simona Mascarucci, Emer O'Gorman, Stiúrthóir Seirbhísí,  
Comhairle Contae Fhine Gall agus AnnMarie Farrelly,  
Príomhfheidhmeannach Fhine Gall sa ghrianghraif le  
haghaidh an Irish Independent chun aird a tharraingt ar an  
obair atá ar bun ag údarás áitiúla chun samhradh amuigh  
faoin aer a éascú le linn 2021.neamhghnácha.



Chabhraigh Daniel agus Eliza Hayes le Lá Éire  
ag Léamh a sheoladh, 25 Feabhra trí léamh a  
dhéanamh in áiteanna neamhghnácha.

## Láirionad Soláthair Straitéisí an Rialtais Áitiúil (LSSRÁ)

### Clár um Sholáthar a Athchóiriú

Rinne an LSSRÁ ionadaíocht thar ceann na hearnála ar Bhord Feidhmiúcháin na hOifige um Sholáthar Rialtais (OSR) agus d'oibrigh sé i gcomhpháirtíocht leis an OSR chun an clár um soláthar a athchóiriú a neadú san earnáil rialtais áitiúil.

D'oibrigh Oifigeach Tacaíochta Tiomnaithe do Sholáthar Beartas i gcomhar le hoifigigh soláthair na n-údarás áitiúil chun tacú le leabú an chláir athchóirithe soláthair agus rinne sé éascaíocht ar thaithí maidir le dea-chleachtas soláthair san earnáil a roinnt. Leanadh leis an bplé le hOifigigh Soláthair le trí chruinniú fforúla de Lónra na nOifigeach Soláthair..

### Méadracht Athchóirithe Soláthairs

Tá ionadaíocht ag an LSSRÁ ar Ghrúpa Oibre Náisiúnta Méadrachta agus Táscairí a bhunaigh an Bord Eatramhach Athchóirithe Soláthair chun feidhmíocht soláthair san earnáil phoiblí a thomhas. Tá cur chuige forbartha ag an ngrúpa oibre náisiúnta maidir le méadracht agus táscairí soláthair bunaithe ar shé chuspóir straitéiseacha:

- Trédhearcacht
- Éifeachtúlacht an Chomórtais um Athchóiriú Láraithe
- Soláthar Poiblí Straitéiseach (Cúinsí Comhshaoil/Sóisialta)
- Rannpháirtíocht gnóthais bheaga agus mheánmhíde
- Caith le hOibreoirí Eacnamaíocha Dúchasacha

### Oiliúint agus Oideachas

D'oibrigh an LSSRÁ i gcomhpháirtíocht leis an OSR chun cabhrú le forbairt clár oliúna chun tionscadail chaipítíl a bhainistíú. Dhírigh an clár oliúna ar fhostaithe na hearnála poiblí a bhí ag déileáil le tionscadail oibreacha caipítíl poiblí ar mhórscála agus chlúdaigh sé pleánáil agus dearadh tionscadal, roghnú agus ceapadh saineolaithe teicniúla agus bainistíocht conartháí. Glacadh le 44 ainmní rialtais áitiúil sa chlár.

Bronnadh sparánachtaí oideachais ar cheathrar Oifigeach Soláthair chun tabhairt faoi oideachas creidiúnaithe soláthair trí áitiúil.

### Soláthar Poiblí atá Neamhdhíobhálach don Chomhshaol

Tá ionadaíocht ag an LSSRÁ agus ag oifigigh soláthair ar ghrúpa oibre CARO chun clár Oiliúna um Sholáthar Poiblí atá Neamhdhíobhálach don Chomhshaol a fhorbairt don earnáil rialtais áitiúil.

Ceapadh speisialtóir oliúna agus chuaigh an LSSRÁ i mbun plé leis an earnáil ar mhaithé le faisnéis, cás-staidéir agus saincheisteanna a bhailí a d'eascair ó Sholáthar Poiblí atá Neamhdhíobhálach don Chomhshaol a chur chun cinn.

### Plé le Socruithe Soláthair Lárnaigh a Chur Chun Cinn

Mar phríomhghhné den chlár athchóirithe soláthair bhí plé ba mhó agus ab fhéidir a dhéanamh le socruithe soláthair lárnaigh seánbhunaithe agus rinne an LSSRÁ éascaíocht ar sheisiún eolais OSR a chur i bhfeidhm ar bhonn céimneach ina raibh plé ar a gcuid socruithe ceannaigh lárnaigh. Reáchtáladh sé sheisiún:

- Creat Seirbhísí Páirceála Carr Bainistithe Creat Cothabhála Flíteanna
- Creat Bainistithe Dramhaíola
- Creat Táirgí Lónra, Réitigh agus Seirbhísí Gaolmhara
- An Fhoireann Dearaidh faoi cheannas Ailtire Creat Seirbhísí Clódóireachta agus Dearaidh DPS

Bunaídhe grúpa oibre OSR le hionadaíocht ón LSSRÁ chun iniúchadh a dhéanamh ar conas a d'fhéadfaí plé le socruithe ceannaigh lárnaigh a uasmhádú. I measc na réimsí a bhí faoi chaibidil bhí cumarsáid, oiliúint agus gairmiúlacht. I measc chuspóirí an ghrúpa bhí feasacht a mhúscaitl, úsáid socruithe ceannaigh lárnaigh a chur chun cinn, agus feidhmiú mar ambasadóirí agus seaimpíní d'athchóiriú an tsoláthair phoiblí.

### Córas Bainistíochta Sonraí Caiteachais

Críochnaíodh Tuairisceáin Bhliantúla Sonraí Caiteachais don bhliain 2021 agus cuireadh ar ais chuig an OSR iad ón gCóras Bainistíochta Sonraí Caiteachais. Baineadh leas as feabhsuithe ar an gcóras lena n-áirítear forbairt 14 thuarascáil chun tacú leis an earnáil i gcomhthiomsú faisnéise caiteachais áitiúil.


## Rannpháirtíocht ó Ghnóthais Bheaga agus Mheánmhéide a chur chun cinn maidir le Deiseanna Soláthair Údarás Áitiúil

Bhunaigh an LSSRÁ grúpa oibre earnála chun athbhreithniú a dhéanamh ar shraith na ndoiciméad tairisceana soláthair fo-thairseach atá in úsáid ag an earnáil chun iad a dhéanamh níos éasca le húsáid agus níos inrochtana. Rinneadh an tsraith de dhoiciméad teimpléid a nuashonrú agus cuireadh ar fáil iad don earnáil iad trí Thairseach na nOifigeach Soláthair.

Bhí ionadaíocht ag an LSSRÁ ar ghrúpa oibre curtha ar bun le déanaí darb ainm Deiseanna Soláthair a Chumasú do Ghnóthais Bheaga agus Mheánmhéide i réigiún Bhaile Átha Cliath.

## an Tionscadal R-thairisceana FéinFhrestail

Thacaigh an LSSRÁ le OSR chun oiliúint a leathadh amach agus a sheachadadh maidir leis an modúl R-thairisceana Féinfhrestail. Chuir an modúl Féinfhrestail ar chumas na n-údarás conarthach a gcuid mionchomórtais féin a bhainistiú ar an ardán r-thairisceana d'fhoinn éifeachtúlachtaí a bhaint amach ó thaobh ama agus acmhainní de. Cuireadh oiliúint ar fáil do bheiris is 80 ceannaitheoir earnála agus oifigeach soláthair.



# 8 | An Earnáil a Chumasú

## Tacaíochtaí don Earnáil chun Comhairle a Chur ar Dhaoine

Lean an Rannóg Chomhairleach Daoine (GBRÁ) uirthi ó thaobh tacú le agus feidhm chomhairleach a thabhairt thar raon réimsí:

- Acmhainní Daonna
- Foghlaim agus Forbairt
- Caidreamh Tionsclaóch
- Sláinte agus Sábháilteacht
- Comhionannas, Míchumas agus ionchuimsitheacht

Chomhordaigh agus thacaigh an Rannóg Chomhairleach Daoine leis na Grúpaí Stiúrtha agus Coiste GBRÁ seo a leanas:

- Coiste Bainistíochta Athruithe An Grúpa Stiúrtha um Straitéis Daoine
- Grúpa Oiliúna Náisiúnta Stiúrtha na nÚdarás Áitiúil (GONSÚÁ)
- Grúpa Stiúrtha um Chosaint Leanaí
- an Coiste Stiúrtha Comhcheardchumainn um Shláinte agus Sábháilteachta a Bhainistiú
- Coiste Oibriúcháin Sláinte agus Sábháilteachta Coiste Sláinte agus Sábháilteachta an Tionscail Uisce

Lean an GBRÁ uirthi ó thaobh tacaíochtaí, tionscnaimh, agus cuir chuige a chomhordú chun cleachtais éifeachtacha acmhainní daonna a éascú ar fud na hearnála agus comhairle a thabhairt ar chúrsaí comhlíonta agus ar shaincheisteanna amhail comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsitheacht.

## Lónra Oifigeach AD

Lean an GBRÁ uirthi ó thaobh treoir a thabhairt do líonra Oifigeach AD na n-údarás áitiúil maidir le treoir agus comhairle a sholáthar d'údarás áitiúla ar an réimse iomlán de shaincheisteanna acmhainní daonna, lena n-áirítear tionchar na reacthaíochta agus cearta fostáiochta

- Reáchtáladh 14 cruinníú líonraithe ar líne mar thacú d'Oifigigh Acmhainní Daonna in 2021.

## Blended Working

Chuir an GBRÁ dréacht-Chreat Oibre Cumaisc earnála le chéile in 2021, mar chuid d'obair an Ghrúpa Oibre na hearnála údarás áitiúil i dtaoibh Todhchaí na hOibre. Chuir an GBRÁ dhá sheimineár gréasáin ar Obair Chumaisc ar fáil do gach Stiúrthóir Seirbhísí san earnáil.

## Earcaíocht agus Roghnúchán Earnála

Chuaigh GBRÁ beo ar shuíomh gréasáin Poist Rialtais Áitiúil i mí lúil 2021. Chuaigh feidhmiúlacht na bhfógraí ríomhphoist beo níos déanaí sa bliain agus postáladh 550 post san earnáil faoi dheireadh na bliana.

## Lónra Saorála Faisnéise (LSF)

Lean an GBRÁ uirthi ó thaobh treoir a thabhairt do líonra Oifigeach um Shaoráil Faisnéise na n-údarás áitiúil maidir le hiarratais a fuarthas. Cuireadh tacaíocht agus treoir ar fáil ar thrí phríomhbhealach i.e.

- Reáchtáladh cruinnithe líonra um Shaoráil Faisnéise faoi thrí in aghaidh na bliana go cianda trí MS Teams, áit ar pléadh saincheisteanna earnála a bhaineann le Shaoráil Faisnéise,
- Treoir a eisiúint do gach Oifigeach um Shaoráil Faisnéise maidir le hiarratais SF a fuair gach údarás áitiúil, agus
- Tacaíocht treoraithe d'Oifigigh um Shaoráil Faisnéise aonair ar iarratais a fuarthas.

## Athbhreithniú Leanúnach ar Sceidil Choinneála Taifead Earnála

Leanadh den athbhreithniú ar bheartas coinneála taifead náisiúnta GBRÁ 2002 (ar fáil ó shuíomh gréasáin GBRÁ) le linn 2021. De réir mar a críochnaíodh an sceideal coinneála do gach feidhm ghnó, scaoileadh chuig an earnáil iad le cur i bhfeidhm mar aon le treoirínt feidhmithe.

Críochnaíodh na sceidil choinneála seo a leanas in 2021, arna bhfaomhadh ag Bord GBRÁ agus scaipthe ar bhainisteoirí sinsearacha sna haonaid ghnó faoi seach, na hOifigigh um Shaoráil Faisnéise agus na OCSanna lena gcur i bhfeidhm.

- Fiontraíocht agus Forbairt Eacnamaíoch
- Seirbhísí Corparáideacha
- Iompar agus Bonneagar

Ina theannta sin, eisíodh athbhreithniú breise ar an Sceideal um Choinneáil Taifead do Sheirbhísí Uisce i mí na Nollag 2021.

## Cosaint Sonraí – Cur i Bhfeidhm RGCS

Lean an GBRÁ uirthi ó thaobh comhordú a dhéanamh ar líonra Oifigeach Cosanta Sonraí na n-údarás áitiúil i rith 2021 agus tionóladh 11 chruinniu le linn na bliana. Reáchtáladh gach cruinniu lónraíthe go cianda trí MS Teams. Le cois na gcruiinnithe sin bhunaigh an líonra lón beag de ghrúpaí oibre tasc-shonracha (i.e.)

- Comhaontuithe sonraí le comhlacthaí seachtracha
- Measúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí (MTCS) a fhorbairt chun cruiinnithe poiblí na Comhairle a thionól go cianda.

## Tuarascálacha Iniúchta CCS ar úsáid TCI agus teicneolaíochtaí nua eile ag Údarás Áitiúla

Ceann de na príomhreímsí tacáiochta a cuireadh ar fáil ba ea an iniúchadh leanúnach ar úsáid TCI agus teicneolaíochtaí nua eile ag Údarás Áitiúla. Ó lár na bliana 2019, thug an CCS roinnt cuarteanna ar an láthair ar lón beag údarás áitiúil. Déanfaidh an CCS cuairt iniúchta ar an láthair i ngach ceann de na 31 údarás áitiúil.

Sainainfódh roinnt saincheisteanna a bhaineann leis na tuarascálacha cinnidh deiridh go léir a d'éisigh an CCS in 2020 agus in 2021 agus leanann an GBRÁ ag obair leis an earnáil agus le Ranna agus gníomhaireseachtaí Rialtais éagsúla chun aghaidh a thabhairt orthu seo:

- Easpa forálacha sonracha leis an reacthafocht reatha um Thruailí Bruscair agus um Bainistíu Dramhaíola chun ceanglais Airteagal 8(2) den Treoir um Fhorfheidhmiú an Dlí (Treoir (AE) 2016/679) a chomhlíonadh.
- Easpa bunús dlí le húsáid TCI i mBainistíocht Trácht Bóthair.

## Athbhreithniú ar Comhaontuite Comhroinnte Sonraí mar a élíonn an tAonad um Rialachas Sonraí (DGU) de DoPER

D'fhógair an tAonad um Rialachas Sonraí (DGU) den DoPER athbhreithniú ar na Comhaontuite Comhroinnte Sonraí go léir idir comhlacthaí poiblí chun na comhaontuite comhroinnte sonraí sin atá i bhfeidhm cheana féin nach bhfuil bunús dleathach le haghaidh comhroinnte ina leith sa reacthafocht a shainaithint agus atá ag brath mar sin ar Alt 38 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018 don bhunús dleathach.

Tugann Alt 38 den Acht um CS, 2018 bunús dleathach chun sonraí pearsanta a chomhroinnt idir comhlacthaí poiblí i gcás ina bhfuil an roinnt á déanamh ar mhaithe le leas an phobail nó i bhfeidhmiú údarás oifigiúil. Tá an cineál próiseála seo dleathach de réir Airteagal 6(1) (e) den RGCS. In 2021, áfach, chuir an DoPER in iúl do gach Ard-Rúnaí sa tSeirbhís Phoiblí, nuair a cuireadh túis le hAilt 6(2) agus 6(3) den Acht um Chomhroinnt Sonraí agus Rialachas 2019 i Mártá 2022, an bunús dlí atá ann faoi láthair chun sonraí a roinnt mar a fhóráiltear in Alt 38 den ACS, chuirfí 2018 ar neamhní. Sa chás go bhfuarthas amach go raibh comhaontú comhroinnte sonraí ag brath go hiomlán ar Alt 38 den Acht um CS, 2018, tháinig ceanglas chun cinn maidir le Comhaontú Comhroinnte Sonraí nua a dhréachtú a chomhlíonfadhbh forálacha an Achta um Chomhroinnt Sonraí agus Rialachas, 2019.

Chomhordaigh an GBRÁ agus chuir siad comhairle ar OCSanna aonair maidir leis an mbealach is fearr lena dtuairisceán a ullmhú agus a chur isteach chuig an DGU nuair a shainaithin an tuairisceán na socruithe comhroinnte sonraí sin a mbeadh gá le comhaontú nua um Chomhroinnt Sonraí a chur i bhfeidhm.

## Oifigigh Oiliúna nó foireann AD atá freagrach as Oiliúint, Foghlaim agus Forbairt Foirne

Lean an GBRÁ ar aghaidh ó thaobh treoir a thabhairt do na hOifigigh Oiliúna agus don foireann AD atá freagrach as Oiliúint agus Foghlaim agus Forbairt Foirne. Cuireadh tacáiocht agus treoir ar fáil ar thrí phríomhbhealach i.e.

- Reáchtáladh dhá cheardlann d'Oifigeach Oiliúna go cianda trí MS Teams, áit ar pléadh saincheisteanna earnála a bhaineann le hOiliúint agus Foghlaim agus Forbairt Foirne,
- Cuireadh treoir agus tacáiocht duine le duine ar fáil ar an ngutháin nó trí ríomhphost d'Oifigigh Oiliúna, d'foireann AD agus do bhainisteoirí na gcúig ionad oiliúna réigiúnacha.

## Oiliúint, Foghlaim agus Forbairt Fostaithe

### Coiste Oiliúna Earnála – an Grúpa Oiliúna Náisiúnta um Sheirbhísí Údarás Áitiúil (GONSÚA)

Lean an GONSÚA, ar fochoiste seasta é a thuairiscíonn don Choiste um Bainistiú Athruithe, de bheith ag teacht le chéile go cianda trí MS Teams le linn 2021. Bhí Iníon Colette Byrne, Príomhfeidhmeannach Chomhairle Contae Chill Chainnigh, ina cathaoirleach ar an GONSÚA.

Thug an GONSÚA aghaidh ar éagsúlacht ábhar agus saincheisteanna thar ceann na hearnála le linn 2021 (i.e.)

- Soláthraíodh treoir maidir le hOiliúint Foirne a sheachadadh go sábhalte le linn na dtréimhsí éagsúla de shrianta éagsúla de bharr Bearta Sláinte Poiblí COVID-19
- Oiliúint ar líne i gCosaint Sonrai faigthe
- Moltaí tosaíochta a shainainthint agus a chur i ngníomh a d'eascair as na Socruthe agus Oibróchtaí a cuireadh isteach i dtuarascáil líonra Oibriú an Ionaid Oiliúna Réigiúnacha
- Thacaigh agus threoraih an GBRÁ maidir le togra a forbairt chun cúrsáí neamhoibríochta/ grúpa oiliúna a sholáthar laistigh den earnáil trí chúrsaí ar líne a sheachadadh
- Soláthraíodh treoir agus aiseolas ar mholtáí éagsúla maidir le hoiliúint foirne agus tionscnaimh foghlama agus forbartha laistigh den earnáil

### Earcaíocht Céimithe

Rinneadh gearrliostú na n-iarratasóirí i mí Eanáir agus i mí Feabhra 2021. Glaodh ar na hiarratasóirí ar eirigh leo áit a bhaint amach ar an ngearrliostú agus cuireadh faoi agallaimh iad ag na príomh-údarás réigiúnacha seo a leanas,

- Teorainn agus Régiún an larthair – Comhairle Contae Mhaigh Eo
- Régiún Bhaile Átha Cliath – Comhairle Cathrach Bhaile Átha
- Cliath Régiún an Oirthir agus Lár na Tíre – údarás áitiúla éagsúla le painéis curtha le chéile arna mbainistiú ag Comhairle Contae Chill Dara
- Régiún an Deiscirt – Comhairle Contae Chorcaí

Bhí Agallaimh Réigiúnacha ar siúl i rith mhí an Mhárta agus Aibreán 2021. Sannadh iarratasóirí cailithe ó na painéis réigiúnacha chuig Údarás Áitiúla aonair i mBealtaine agus Meitheamh 2021.

Reáchtáil réigiúnin, i gcomhar leis an GBRÁ, roinnt comórtas agallaimh bhreise chun folúntais a bhí fágtha gan líonadh ón gcéad bhabhta d'agallaimh réigiúnacha a líonadh. Bhí na comórtais agallaimh bhreise seo ar síúl ag céimeanna éagsúla idir Meitheamh agus Nollaig 2021.

Ghlac 141 duine le fostaocht lena n-údarás áitiúil sannta. Tharla líonadh na bhfolúntas larchéime sa phatrún seo a leanas le linn 2021

Lín nagCéimithe fostaithe	a bhfuil túis curtha lena bhfostaiocht
13	Meitheamh 2021
97	lúil 2021
11	Lúnasa 2021
10	Meán Fómhair 2021
7	Deireadh Fómhair 2021
3	Samhain 2021

**Breakdown of the number of Graduates recruited under each of the seven skills areas**

Réimsí Scileanna	Lín na gCéimithe atá fostaithe
Forbairt Fointair Eacnamaíochta agus Gnó	32
Bainistiú Tionscadal agus Clár	16
Nuálaíocht, Straitéis agus Bainistiú Athruithe	14
Bainistíocht AD	12
Cumarsáid agus Margafócht	29
Anailísíocht Sonrai agus Méadracht Sonrai	19
Gníomhú ar son na hAeráide	19

### Clár Forbartha Céimithe

Leis an gClár Forbartha Céimithe, a chuir an IPA ar fáil, soláthraíodh seisiún lárnacha ionduchtaithe, go cianda, ar an 30 Meán Fómhair agus ar an 7 Nollaig 2021.

## Oiliúint do Bhainisteoirí Líne agus do Mheantóirí a bhí le sannadh do na Céimithe a earcaíodh

D'eagraigh GBRÁ sceideal de sheisiúin oliúna ar líne do bhainisteoirí líne agus do mheantóirí, a cuireadh ar fáil i Meitheamh, in lúil agus i Lúnasa 2021. D'fhreastail 223 ball foirne san iomlán ó 27 de na 31 údarás áitiúil ar na seisiúin oliúna a chuir Coláiste Bhaile an Rí ar fáil.

## Grúpa Oibre Cáilíochtaí

Tháinig an Grúpa Oibre Cáilíochtaí le chéile arís in 2021 le comhaltaí nua, agus rinne sé athbhreithniú ar a théarmaí tagartha.

## Sláinte agus sábháilteacht

Leanadh le cruinnithe Chomhchoiste Stiúrtha Sláinte agus Sábháilteachta an Aontais/na Bainistíochta go cianda i rith na bliana chun a áirithíú go leantar de chur i bhfeidhm agus de phríomhshchruthú an chleachtais is fearr i sláinte agus sábháilteacht ar fud na n-údarás áitiúil. Ina theannta sin, tháinig an Coiste Oibriúcháin Sláinte agus Sábháilteachta le chéile go cianda ar bhonn rialta chun maoirseacht a dhéanamh ar fhobairt na dtacaíochtaí COVID-19 don earnáil, is iad sin an Treoir Ardleibhél Sláinte agus Sábháilteachta um Obair go Sábháilte, na doiciméid chaighdeánacha um Threoir Oibriúcháin, agus an Clár Ionduchtúcháin COVID-19.

## Coiste Sláinte agus Sábháilteachta an Tionscail Uisce

Tháinig Coiste Sláinte agus Sábháilteachta an Tionscail Uisce le chéile go cianda i rith na bliana ar bhonn démhíosúil. Cuireadh an clár oibre chun cinn faoi gach ceann de na sruthanna oibre agus de na grúpaí oibre éagsúla, lena n-áirítear:

- An Grúpa Oibre um Láimhseáil de Láimhe
- Grúpaí Oibre Urlárlaigh Greille agus
- Grátala Grúpa Oibre Rialachán Tógála.

## Uirlis Rianaithe Teagmhas Sláinte agus Sábháilteachta

Ghníomhaigh GBRÁ mar an stór lárnach do thiomsú sonraí teagmhais sláinte agus sábháilteachta. Cuireadh tuarascálacha i láthair agus pléadh iad ag an gCoiste Oibriúcháin Sláinte agus Sábháilteachta agus ag Comhchoiste Stiúrtha Sláinte agus Sábháilteachta an Aontais/na Bainistíochta.

## Lámhleabhar um Bainistiú Tráchta

D'ullmhaigh grúpa oibre LASOG Lámhleabhar Treorach nua um Bainistiú Tráchta agus d'fhormhuinigh an Coiste Oibriúcháin Sláinte agus Sábháilteachta agus Comhchoiste Stiúrtha Sláinte agus Sábháilteachta an Aontais/na Bainistíochta é agus eisíodh chuig an earnáil é i mí Feabhra

2021. Dearadh an lámhleabhar mar dhoiciméad treorach tapa agus éasca le húsáid chun bearta bainistíochta tráchta sealadacha (TTM) a phleanáil agus a chur chun feidhme le haghaidh gnáthoibríochtaí.

## LASOG

Lean Grúpaí Réigiúnacha LASOG lena gcrúinnithe cianda ar bhonn rialta chun tionscadail a chur chun cinn sa Chlár Oibre Bliantúil. Lean GBRÁ ar aghaidh lena tacú leis na grúpaí seo agus ina theannta sin chuir sí comhairle agus treoir ar fáil go minic maidir le COVID-19.

## Grúpa Oibre Folláine

Tháinig an Grúpa Oibre Folláine, arna thacú ag GBRÁ, le chéile roinnt uaireanta i rith 2021. D'fhorbair agus d'fhaomh an Coiste Bainistíochta Athruithe straitéis folláine. Bhuail an Grúpa Oibre freisin le SeeChange maidir le tacaíochtaí meabhairshláinte agus d'fhorbair siad straitéis theimpléid mheabhair-shláinte don earnáil.

## Printíseachtaí

Chuaigh GBRÁ i dteaghmáil leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, maidir lena phlean chun líon na bprintíseach a mhéadú ar fud an gheilleagair agus go háirithe sna húdarás áitiúla. Ar an 1 Nollaig 2021, reáchtáladh seisiún faisnéise do na hÚdarás Áitiúla maidir le printíseachtaí sa tseirbhís phoiblí d'fhoillteach na roghanna a bhunú chun líon na bprintíseach san earnáil a mhéadú agus chun clár printíseachta nua a fhobairt nach bhfuil freastal á dhéanamh air cheana féin ag ceann de na 62 clár atá ann cheana féin. Rinne Colette Byrne Uasal, Príomhfheidhmeannach, Comhairle Contae Chill Chainnigh ionadaíocht don earnáil ar an ngrúpa stiúrtha do phlean Earcaíochta Printíseachta na Seirbhise Poiblí.

Leanadh le tacú le printíseachtaí neamhthraigdisíunta i dTeicneolaíocht Faisnéise agus i dTeicneoir Cuntasáíochta san earnáil.

## Dínit ag an Obair

Rinneadh athbhreithniú ar an mbeartas um Dhínit ag an Obair chun an Cód nua um Chosc agus Réiteach na Bulaíochta san Ionad Oibre, arna fhobairt ag an WRC, a ionchorprú. Cuireadh seisiún faisnéise leis an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta ar fáil don earnáil. Reáchtáladh seisiún feasachta sonrach don earnáil i mí lúil 2021.

## Scéim Sláinte Ceirde

Rinne GBRÁ ionadaíocht don earnáil ar ghrúpa oibre an OGP chun tairiscint a fhobairt do Sheirbhísí Sláinte Ceirde don earnáil phoiblí agus shibhialta. Cuireadh an próiseas tairisceana i gcrích, agus seoladh ancreat i mí na Nollag 2021.

## 9

# Seirbhís Seachadta

## TFC

Lean GBRÁ le seirbhísí TFC a sheacadadh d'údaráis áitiúla agus do ranna agus gníomhaireachtaí eile sa tseirbhís phoiblí. Lean GBRÁ le tacaíocht a thabhairt le Croí-Bhonneagar Párolla, MyPay, Ceadúnú Oibreacha Bóthair MapRoad (MRL), Córas Bainistíochta Rialaithe Tógála (BCMS), CheckTheRegister.ie, Tuairisceáin LG, iPlan, iHouse, iReg, Taisteal agus Cothabháil agus córais Cártáí Ceannáigh ar Luach Íseal. Cuireadh túis le rolladh amach iPlan leagan 4.3 agus leanadh den obair ar bhainistiú, uasghrádú agus chothabháil bhonneagar óstála seirbhísí comhroinnte GBRÁ. Uasghrádaíodh córas Chlár na dToghthóirí freisin chun freastal ar na teicneolaíochtaí is déanaí.




Thug foireann TFC GBRÁ tacaíocht d'údaráis áitiúla agus éascaíodh iad ar raon grúpaí teicniúla agus soláthairtí ceadúnaithe náisiúnta, lena n-áirítear Microsoft Office 365. Thacaigh GBRÁ freisin leis an bhFocchoiste Cibearshlándála, a d'fhormheas roinnt teimpléad beartais slándála TF agus a d'óstáil dhá sheimineár d'fhoirne corporáideacha agus d'fhoirne TF chun tacáfocht bhrefise a sholáthar in aghaidh cibear-ionsaithe féideartha. Ar iarratas ó Bhord GBRÁ, d'fhorbair GBRÁ páipéar Roghanna Cibearshlándála i gcomhairle leis an earnáil.

Leanadh den obair ar sheachadadh na moltaí i dTuarascáil Athraithe TFC GBRÁ, lena n-áirítear infrastruchtúr TFC GBRÁ reatha a dhoiciméadú agus a chobhsú.

Uasghrádaíodh an córas iPlan go dtí leagan 4.3 agus críochnaíodh rolladh amach iDos V3 chuig údaráis áitiúla iDos.

Leanadh ar aghaidh leis an treochlár dhá bhliain a forbraíodh chun cumas a chur ar GBRÁ an tsamhail is fearr a dhearadh d'oibríochtaí seachfhoinsithe an eastáit reatha. Eisíodh larratas ar Thairiscint do sheirbhís bhainistithe le haghaidh óstála.

Lean údaráis áitiúla ar aghaidh leis an aistriú ón bhforaois náisiúnta agus faoi dheireadh 2021 bhí an t-aistriú beagnach críochnaithe.



## Tithíocht

### Coiste Tógála Tithíochta agus Úsáide Talún de chuid CCMA

Thacaigh Coiste Tógála agus Úsáide Talún de chuid CCMA leis na príomhréimsí Tithíochta agus Pleanála le linn 2021, agus aird ar leith ar fhoirmliú an bheartais um Thithíocht do Chách. Foilsíodh é seo i Meán Fómhair 2021 tar éis tréimhse d'idiirphlé suntasach idir an DHLGH agus an coiste. Ba ghné ríthábhachtach de phleán oibre an choiste le linn an chéad leath de 2021 é an tionchar leanúnach a bhí ag an bpaindéim Covid, go háirithe i réimsí na heaspa dídine, iniúchtaí cíosa, sosanna fócaíochta morgáiste, agus athoscailt na hearnála tógála.

Rinne an coiste ionadaíocht ar an earnáil trí chur i láthair a dhéanamh do Chomhchoistí Oireachtas ar na hábhair seo a leanas: Easpa Dídine sa Lucht Siúil, Scéim Ghinearálta an Bhille um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) (Forbairt Chónaithe ar Mhórscála) 2021 agus an Sainghrúpa Athbhreithnithe don Lucht Siúil – athbhreithniú ar chóirfócht.

D'oibrigh an CCMA go forleathan leis an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige chun ceanglais an rialtais áitiúil a chur chun cinn maidir le cur i bhfeidhm an pháipéir bhán ar sholáthar díreach le múnlá leithdháilte comhaontaithe. Leanadh den obair ar an gcás gnó le haghaidh acmhainní údarás áitiúil a theastaíonn chun treoir a thabhairt ar an gclár uaillmhianach seo.

Cuireadh teagmháil rialta ar bun in 2021 le hOifig an Rialtóra Pleanála agus le coiste HBLU de chuid CCMA chun straitéis foghlama agus forbartha a chur chun cinn don fheidhm phleánala. Téann an coiste i gcomhairle freisin leis an OPR maidir le téamaí taighde agus dea-chleachtas don fheidhm phleánala.

Bhí forbairt Bheatas Pleanála sna réimsí de Phleanáil Mhuirí, de phleán forbartha, d'fhuinneamh gaoithe agus de ról athraitheach na n-Údarás áitiúil i gceantair ina bhfuil forbairt chónaithe ar mhórscála ina tábhacht straitéisearch ollmhór d'obair an choiste in 2021. Mar thoradh ar an dúshlán a bhaineann leis an tírdhreach pleanála atá ag éirí níos casta a sheachadadh, bunaíodh grúpa chun scrúdú a dhéanamh ar na hacmhainní a theastaíonn ar fud na hearnála in 2021 agus é mar aidhm aige tuarascáil a tháirgeadh faoi R2 2022. In 2021, chuir an tArd-Aighne túis le hathbhreithniú ar an reachtaocheat phleánala.

Bhí céadán mór den chlár oibre do 2021 caite ar rannpháirtíocht leanúnach leis an DHLGH, le

Comhlacthaí Ceadaithe Tithíochta agus leis an ngníomhaireacht Tithíochta thar raon tionscnamh agus tograí beartais ar fud na bhfeidhmeanna tithíochta agus pleánala araon.

Árachas um Chosaint Morgáiste: Chuaigh GBRÁ chuig an margadh le haghaidh tairiscint oscailte luathaithe do chonradh seirbhísí Árachais Cosanta Morgáiste ÚÁ nua go ceann tréimhse 12 mhí, ag deireadh 2021, toisc go raibh an conradh reatha le dul in éag ar an 31 Nollaig 2021. Ní raibh aon athrú ar na riachtanais reatha, agus bás agus míchumas araon á gclúdach ag an mbeartas. Tá GBRÁ ag gníomhúanois mar an tÚdarás Conarthach don chonradh nua.

### Bord Cláir TFC um Thithíocht Straitéisearch

Leanann Bord Cláir TFC um Thithíocht Straitéisearch ar aghaidh le treo straitéisearch a sholáthar maidir le húsáid TFC san fheidhm Thithíochta d'údarás áitiúla.

Rinneadh dul chun cinn tapa ar an **Tionscadal um Ghlastachán agus Feabhsúchán Sonrai** in 2021 agus baineadh amach na príomháchtaí seo a leanas:

- Cuireadh treoirlínte agus oiliúint ar fáil do na hÚdarás Áitiúla ar fad ar dhá phríomhcheist, 1) lontráil sonraí do chliaint, tionónáí, agus réadmhaoine agus 2) Treoirlínte Bailóchtaithe Sonrai lena áirithíú go gcloítear leo.
- Bhí bainistíocht sonraí ina phríomhspríoc ag na 27 údarás áitiúil a bhaineann úsáid as córas tithíochta iHouse, agus fócas ar Réimsí Rogha a chuichíriú chun freastal ar riachtanais reatha.
- Eagraíodh roinnt seisiún oiliúna agus ceardlann d'údarás áitiúla ar an bpróiseas Achoimre ar Mheasúnú Tithíochta Sóisialta agus ar thuairisceáin NOAC. D'oibrigh GBRÁ go dlúth le grúpa maoirseachta SSHA chun feabhsuithe féideartha ar thuairisceáin bhliantúla a aithint.
- Rinneadh athbhreithnithe aonair le húdarás áitiúla, rud a chuidigh le húdarás áitiúla roinnt príomhcheisteanna a shainainthint chun aghaidh a thabhairt orthu laistigh dá n-Údarás Áitiúla féin le haghaidh sonraí feabhsaithe agus úsáid níos fearr a bhaint as feidhmeanna iHouse.
- Chun tacú leis an Tionscadal um hGlastachán agus Feabhsúchán, rinneadh Power BI a tháistáil laistigh den GBRÁ mar uirlis bhainistíochta / anailíse chun tacú leis an bhfeidhm thithíochta.

Lean an **Grúpa um Chúnamh d'Úsáideoirí iHouse** le maoirseacht a dhéanamh ar thacaíocht agus cothabháil an chórais iHouse. Cuirteadh leagan 3.7 ar fáil go rathúil. Rinneadh dul chun cinn in 2021 maidir le ceanglais a shainiu mar thoradh ar athruithe reacthaíochta, is é sin an fhoirm iarratais ar thithíocht shóisialta nua a thabhairt isteach.

Rinneadh dul chun cinn ar **chás Gnó TFC um Thithíocht Náisiúnta**, chun scrúdú a dhéanamh ar na roghanna maidir le cur chuige TFC sa todhchaí le haghaidh feidhmeanna tithíochta, le ceapadh Grant Thornton go déanach in 2021.

Rinneadh dul chun cinn ar **riachtanais chóras TFC na Bainistíochta** Sócmhainní in 2021, agus leanadh den obair ar an ullmhúchán le dul chun tairisceana do chóras náisiúnta..

## Oifig Bainistíochta Cláir (PMO)

Thug Oifig Bainistíochta Clár (PMO) nua de chuid GBRÁ, a athsheoladh go foirmiúil i mí an Mhárta 2021, nuashonrú do choistí CCMA maidir lena hoibriú, cur chuige agus tacaíocht i ndáil le gach tionscadal atá ar siúl agus a bheidh ar siúl amach anseo.

Leanadh den obair chun uirlísí agus tacaíochtaí breise a fhorbairt chun cur le seachadadh éifeachtach na dtionscadal tríd an eagraíocht.

I measc na dtionscnamh athchóirithe ar a ndearnadh dul chun cinn agus a fuair tacaíocht ón PMO le linn 2021 bhí

- Ceadúnú Substaintí Contúirteacha
- Tionscadal um Bailiú Sonraí agus Anailísfocht Sonraí Localgov.ie
- Catalóg Seirbhíse Rialtais Áitiúil LEO CRM
- Uasghrádú TF WERLA
- Acmhainní Uisce Nádúrtha ÚÁ HDCO – Acmhainní Breise
- Córas TFC Tithíochta agus Tionscadail um Bainistiú Sócmhainní

### Tuarascáil Seirbhísí Comhroinnte

Chríochnaigh agus d'eisigh PMO athbhreithniú a dó ar "Tuarascáil Seirbhísí Comhroinnte an Rialtais Áitiúil" i mí Mheán Fómhair, ag soláthar achoimre ardleibhéal ar stádas, struchtúr, costáil agus pleannanna sa todhchaí do na 39 seirbhís chomhroinnte atá liostaithe sa doiciméad.

### Tús Áite do Lár an Bhaile (TCF)

Thacaigh PMO GBRÁ le grúpa oibre CCMA ar an gclár TCF agus chuir sé leis, ar a raibh Annmarie Farrelly Uasal, Príomhfeidhmeannach - Chomhairle Contae Fine Gall ina cathaoirleach. Le linn fhorbairt an Chláir Náisiúnta chuir an grúpa oibre roinnt ábhar isteach, lena n-áirítear:

- Réamhaighneacht a rinneadh chuig an nGrúpa Idir-Rannach (IDG) i mí an Mhárta, a chuir chun cinn suíomh an údarás áitiúil mar an "príomh-gheallsealbhóir" a d'fhéadfadh ról ceannaireachta a ghlacadh in aon toradh ar an gclár sa deireadh.
- An dara haighneacht a rinneadh i mí na Bealtaine – tóthá ar an réamhaighneacht a chuir an t-údarás áitiúil chun cinn mar an príomh-chomhpháirtí sa chlár. Chuimsigh sé seo trí phríomhréimse fócais:
  - Rinneadh athbhreithniú ar an rath a bhí ar an bpróiseas Glaonna Pobail faoi stiúir an údarás áitiúil
  - Forbraíodh ról féidearthá Oifigigh TCF
  - Cuimsíodh cás-staidéir ó shé bhaile/ shráidbhaile ar leith in Éirinn a thug léargas ar chuid den obair agus den saineolas atá ar siúl faoi láthair ar fud na tíre laistigh d'údarás áitiúla.
- Roinnt pléchéipéisí a bhaineann le struchtúir, róil, agus maoiniú thorthaí deiridh an chlár, atá ailínithe leis an bplean náisiúnta "Tithíocht do Chách" a fógraíodh le déanaí agus an Plean Forbartha Náisiúnta nuashonraithe, agus a fhaigheann tacaíocht uathu.

### Ár Seirbhís Phoiblí 2020/2030

- Foireann nua i bhfeidhm ó Mheitheamh 2021
- D'éascaigh GBRÁ Comhdháil Lónra an Bhainisteora Tionscadail ar an 1 Meitheamh 2021, a dhírigí ar thairbhí a bhaint amach
- Scríobh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chuig GBRÁ ag lorg ionadaí do Bhord Nuálaóchta na Seirbhíse Poiblí.

## Oifig Chomhordaithe Soláthair Tithíochta

Ag tógáil ar a bunú an bhliain roimhe sin, in 2021 leathnaíodh tuilleadh sainchúram na hOifige Comhordaithe um Sheachadadh Tithíochta:

- Tugadh Comhordaitheoir Cláir Cúnta ar iasacht san oifig agus freagrácht shonrach orthu as seachadadh a chomhordú ar fud na gceithre údarás áitiúil i mBaile Átha Cliath. Le linn na bliana rinneadh obair shuntasach leis an nGníomhaireacht Tithíochta maidir le teimpléid a ulmhú d'fhorbairt scéimeanna tithíochta tionachta measctha ar scála mór ag baint úsáide as comhphlé iomaíoch agus modhanna soláthair comhfhiontair, atá ina mhórfoirm seachadta ar fud na Cathrach.
- Chomh maith lena shainchúram maidir le soláthar tithíochta sóisialta, leathnaíodh sainchúram na hoifige freisin chun soláthar tithíochta inacmhainne a chuimsiú agus d'fhaomh an DHLGH bainisteoir tionscadail tithíochta inacmhainne a mhaoiniú agus a earcú.
- Earcaíodh beirt Chomhordaitheoirí Tionscadail chun cabhrú le hÚdarás Áitiúla leis an gclár suntasach iarfheistithe eifeachtúlachta fuinnimh ar thithíocht shóisialta an Údarás Áitiúil agus leis an aistriú maidir le húsáid níos mó a bhaint as cothabháil phleanálte an stoic tithíochta.
- Feabhsaíodh an fhoireann HDCO freisin i rith na bliana nuair a cuireadh bainisteoir tionscadal leis chun cabhrú leis an earnáil maidir le gach gné den soláthar.

Díródh cuid mhór d'fhócas na hoifige i rith na bliana ar chabhrú le foirmiú agus le cur i bhfeidhm tosaigh straitéis tithíochta nua an Rialtais, Tithíocht do Chách, rud a foilsíodh sa dara leath den bhliain. Ar na chéad chéimeanna bhí spriocanna seachadta tithíochta sóisialta ilbhliantúla do 2022 go 2026 san áireamh a chur le chéile agus a eisiúint. Ag leanúint ón obair seo, d'oirbhrigh an HDCO i ndlúthchomhar le hÚdarás Áitiúla agus leis an DHLGH chun teimpléad a fhorbairt do Phleananna Gníomhaithe Seachadta Tithíochta atá le hullmhú ag Údarás Áitiúla chun an "conas, cá háit agus cathain" de sheachadadh tithíochta sóisialta agus inacmhainne sna blianta atá le teacht a shainainthint.

Lean an fhoireann TFC san oifig le forbairt na gcóras faisnéise fíor-ama i rith na bliana. Forbraíodh an córas tuairiscithe "TRABIS" (Réiteach a Bhaineann le Rianaire ar Fhaisnéis Ghnó), rinneadh é a thástáil agus leathadh amach é chuig gach údarás áitiúil agus páirtithe leasmhara eile i rith na bliana, agus soláthraíonn sé faisnéis fíor-ama, ar féidir teacht uirthi go héasca maidir le gach tionscadal seachadta tithíochta, lena n-áirítear tógáil nua, léasú agus éadálacha. Tá TRABIS á úsáidanois ag gach Údarás Áitiúil agus ag DHLGH chun an dul chun cinn agus an seachadadh go léir a rianú. Forbraíodh córas comhchosúil don chlár iarfheistithe fuinnimh agus do sholáthar tithíochta inacmhainne. Críochnaíodh an obair go léir thusa intí gan aon chostais forbartha seachtracha.

Arís eile ba ghá gníomhaíocht tógála a chur ar fionraí go luath in 2021 de bharr srianta COVID-19 agus cuireadh de chúram ar an HDCO measúnú a dhéanamh ar thionchar COVID-19 ar sheachadadh foriomlán na hEarnála.

Le linn 2021, lean an HDCO ar aghaidh lena rannpháirtíocht agus cumarsáid fhairsing le páirtithe leasmhara seachtracha ar nós Uisce Éireann agus ESB Networks chun a áirithíú go réiteofaí aon saincheisteanna a d'fhéadfadh moill a chur ar thabhairt chun críche scéimeanna tithíochta a luaithe agus ab fhéidir.

Bhain gné shuntasach eile d'obair an HDCO le cabhrú le fostaithe údarás áitiúil le fiosrúchán a bhaineann le bainistíocht tionscadal agus leis an bpróiseas formheasta a bhaineann le scéimeanna tithíochta tógála dírí.

## Bóithre

### MapRoad

Aip mhóibíleach MapRoad – fuair 37,872km de bhóthar rátáil riochta PSCI in 2021.

PMS Map 6,003 Tionscadal Críochnaithe, Fad Oibreacha Tionscadail 5,763km agus Costais an Tionscadail €366,328,648

- a. Feabhsú Athchóirithe (Láidriú) – 2,907 Tionscadal Críochnaithe, Fad Oibreacha Tionscadail 2,303km agus Costais an Tionscadail €249,899,469
- b. Cothabháil Athchóirithe (Cothabháil) – 2,306 Tionscadal Críochnaithe, Fad Oibreacha Tionscadail 2,969km agus Costais an Tionscadail €63,522,599
- c. Tionscadail CIS - 239 Tionscadal Críochnaithe, Fad Oibreacha Tionscadail 167km agus Costais an Tionscadail €12,913,665

Córas Ceadúnaithe Oibreacha Bóthair MapRoad - rinneadh níos mó ná 34,000 iarratas ar cheadúnas maidir le bóithre a oscailt.

Leanadh le sonraí ó na córais a roinnt le fóntais agus le ranna agus gníomhaireachtaí rialtais chun tacú lena gcuaspóirí. Lean córais ar líne le tacú le fóntais agus le húdarás ar fud na paindéime agus an bheirt ag obair go cianda.

### Córas Bainistíochta Cosán (PMS)

Seachadadh tacaíocht leanúnach i gcomhar le seirbhís chomhroinnte na hOifige Bainistíochta Bóithre (RMO).

Rinne an RMO agus GBRÁ uasghrádú mór ar an gcóras in 2021 chun urlisí breise a sholáthar do bhainistiú sócmhainní agus chun an córas a chomhtháthú leis an gcóras Ceadúnaithe um Bóithre a Oscailt.

Is tábhachtach iad na rialacha bailíochtaithe córais a éilíonn sainmhíniú beacht ar idirghabháil chun tionscadal a chur ar aghaidh trí na céimeanna córasacha ón bpleanáil go dtí an críochnú. Forbraíodh tuarascáil chlabhsúir bhliantúil don Roinn lompair maidir leis na hoibreacha go léir a taifeadadh sa chórás.

Baineadh úsáid as an gcóras chun na staitisticí a tháirgeadh do thuarascáil Táscairí Seirbhíse NOAC chomh maith leis na tuarascálacha míosúla a riarrann an RMO.



## Córas Ceadúnaithe Oibreacha Bóthair MapRoad

Rinneadh os cionn 34,000 iarratas ar cheadúnas oscailte bóithre. Tháinig méadú suntasach ar iarratais leathanbhanda trí an bpaindéim agus bhainistigh an córas MRL na hiarratais oscailte bóithre seo.

Bhainistigh 30 údarás áitiúil agus TII a gceadúnú oscailte bóithre go léir trí chóras Ceadúnaithe Oibreacha Bóthair MapRoad (MRL). Tá Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ar an gcóras freisin.

Chláraigh breis is 2,000 eagraíocht iarrthóra ar an gcóras MRL faoi dheireadh na bliana. Áiritheonn an RMO nach féidir ach leo siúd a chuir fianaise ar Árachais, Slánaíochtaí agus Oiliúint Athchóirithe iarratais isteach ar cheadúnais.

Cláraíonn RMO Deimhnitheoirí Formheasta ar an gcóras MRL chun a áirithíú nach féidir ach le pearsanra oilte ról an deimhnitheora ceadaithe a chomhlíonadh. Coinníonn RMO clár díobh siúd go léir a chríochnaigh bunoiliúint agus ardoiliúint athchóirithe.

Tá an Scéim Náisiúnta Taiscí ag feidhmiú go rathúil i gcónaí maidir le hiarratais nua ar cheadúnais a chuir na hocht bpriomhfhóntas isteach ó thus na bliana 2019, arb ionann iad agus 86% de na hiarratais go léir ar cheadúnais: Eir, ENET, BSL, Lónraí Gáis Éireann, Uisce Éireann, NBI, Siro agus Virgin Media.

Lean an RMO ar aghaidh le Billeáil Mhíosúil Láraithe Náisiúnta (NCMB) a chur i bhfeidhm, rud a chríochnaítear go náisiúnta le haghaidh sé fhóntas. Cuirtear NCMB Uisce Éireann i bhfeidhm i 25 údarás. Tá >€500,000 in aghaidh na míosa a shonrascadh agus á bhailíú ag RMO d'údarás trí an NCMB.

## Soláthar Céimneach Náisiúnta Leathanbhanda

Mar chuid den Phlean Náisiúnta Leathanbhanda, chuir an CCMA treoir ar fáil i ndáil le rannpháirtíocht NBI le húdarás áitiúla agus baineadh úsáid as an gcóras MRL chun iarratais ar cheadúnais Alt 254 a thaifeadadh maidir le cuailí agus snáithíní a chur suas ar bhóithre poiblí.

- Deonaíodh 195 Ceadúnas Alt 254 in 2021 a bhí comhdhéanta de 4,733 cuaille nua agus 7,000 km de shnáithín.
- Deonaíodh 1490 Ceadúnas Oscailte Bóithre in 2021.

## Soilsiú Poiblí

Cuireadh an tionscadal iarfheistithe LED ar aghaidh chuig soláthar seirbhísí don iarfheistiú. Chun cur leis sin, sheachaid GBRÁ agus RMO tairseach GIS agus Aip mhóibíleach bhailithe sonrai le haghaidh clár sócmhainní de shoilse poiblí a úsáidfear chun iarfheistiú 205,000 solas le LEDanna a thaifeadadh thar 21 údarás áitiúil mar chuid de thascanna gníomhaithé ar son na haeráide sna blianta atá amach romhainn.

## Forbairt Leabharlann

### Réamhrá

Lean GBRÁ lena obair le húdarás áitiúla agus leis an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail (DRCD) chun an Straitéis Leabharlainne Poiblí 2018-2022 a chur i bhfeidhm – Ár Leabharlanna Poiblí 2022 – Pobail a Spreatadh, a Nasadh agus a Chumasú.

### Ár Leabharlanna Poiblí 2022

Lean srianta COVID-19 de bheith ag cur isteach ar gach gné d'obair Fhorbairt Leabharlann, ach leanadh le cláir agus le gníomhaíochtaí rathúla a chur ar fáil ar líne agus ar an láthair nuair ab fhéidir. Rinneadh athnuachan ar bhallaíochta na gCoistí um Straitéis Earnála chun obair a chur ar aghaidh don tréimhse 2021-2023, agus leathnaíodh coistí chun rannpháirtíocht níos mó Leabharlannaithe Cathrach agus Contae agus Leabharlannaithe Sinsearacha Feidhmiúcháin a éascú.

Chonacthas próifíl ardaithe don earnáil sa bhliain trí fheachtas náisiúnta ard-infheictheachta ar nós Léann Éire agus Grow It Forward, le clúdach suntasach sna meáin agus rannpháirtíocht na gcéadta míle úsáideoirí leabharlainne in imeachtaí agus gníomhaíochtaí gaolmhara.

### Freagra COVID

Lean Forbairt Leabharlann ar aghaidh ag tacú leis an earnáil chun seirbhísí a sholáthar trí na srianta COVID.

Bhí an-tóir ar sheirbhísí digiteacha i gcónaí agus méadú 26% tagtha ar líon na n-úsáideoirí den tseirbhís ríomhiasachta Borrowbox le linn 2021, agus méadaíodh faoi dhó líon na n-iasachtaí ríomhleabhair ó bhí 2019 ann.

Sheachaid Forbairt Leabharlann dhá mhórthionscnamh náisiúnta le linn 2021 faoi chlár Coinnígh Follán an rialtais. Feachtas léitheoireachta a bhí in Léann Éire inar gheall 10,000 léitheoir níos mó ná 900,000 nóiméad ama chun léamh ar an lá náisiúnta léitheoireachta ar an 25 Feabhra. Bhí sé mar aidhm ag Grow It Forward, i gcomhpháirtfacht le Grow It Yourself, an náisiún a spreagadh chun bia a fhás, le leabharlanna ag dáileadh 25,000 pacá síolta ar ranpháirtithe. Ghlac níos mó ná 217,500 duine páirt sa chlár.

Seachadadh clár oiliúna forbortha fórsa saothair ar líne d'fhoireann leabharlainne mar chuid de thacaíocht COVID don earnáil in 2021. Ghlac 875 ball fairne páirt i 24 ceardlann oiliúna idirghníomhacha, agus fócas ar scileanna bainistíochta, ceannaireacht, na meáin shóisialta, cumarsáid, seachadadh seirbhísé ar líne, promóisean, forbairt comhpháirtfocha, catalógú leabharlainne, agus seachadadh athruithe. Bunaíodh acmhainn ar líne nua um Fhorbairt Scileanna Foirne Leabharlainne in 2021, a thugann rochtain do gach ball fairne leabharlainne ar 26 físeán oiliúna, cur i láthair agus ábhar tacáiochta.

### **Ceart chun Léamh**

Lean údarás áitiúla ar aghaidh leis an gclár bliantúil Ceart chun Léamh a sheachadadh chun tacú leis an léitheoireachta agus leis an litearthacht in 2021 a mhéid

ab fhéidir faoi shrianta Covid-19, agus rinne Forbairt Leabharlann, GBRÁ comhordú ar bhainistíochta na gclár agus mhaoirsigh Coiste na gClár Straitéiseach earnálach agus Grúpa Stiúrtha náisiúnta faoi chathaoirleacht an DRCD é. D'fheidhmigh gach tionscnamh faoin gclár ar bhealach níos láidre ná mar a bhí in 2020, agus líon méadaithe gníomhaíochtaí curtha ar fáil ag údarás áitiúla agus leibhéal mhéadaithe ranpháirtfocha ag an bpobal i rith na bliana.

Thacaigh cómhaoiniú ón Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Imeascha agus Óige agus an DRCD le tabhairt isteach chlár An Leabharlann Bheag le haghaidh tacáiochtaí leabharlainne do shuíomhanna Luathfhoghlama agus Cúram (ELC) agus do leanáí réamhscoile. Cuireadh dhá thionscnamh ar siúl in 2021 san earrach agus san fhómhar, ag bunú caidreamh idir leabharlanna trí mhálaí leabhar téamacha agus ábhair thacaíochta a chur ar fáil do leabharlanna do ELCanna.

### **Work Matters**

Rinneadh athbhreithniú inmheánach ar an gclár Work Matters in 2021, ar clár é a thacaíonn le fostáocht agus gnó. Mar thoradh air seo rinneadh athmheasúnú ar an tseirbhís, chun cur chuige srathach a sholáthar maidir le seachadadh seirbhísé ar fud na mbrainsi agus fócas nua ar thacú le réamhchéimeanna chun fostáochta agus gnó. Tá cruinnithe déthaobhacha le comhpháirtithe náisiúnta atá ar siúl ríthábhachtach freisin sa chur chuige nua chun deiseanna nua comhoibrithe a sa timpeallacht athraithe a fhiosrú.

### **Éire Shláintíúil**

Cuireadh deireadh le Céim 3 den chlár Éire Shláintíúil ag Do Leabharlann ag deireadh mhí na Nollag 2021. Cuirtear an clár ar fáil thar gach seirbhís leabharlainne údarás áitiúil agus déanann Forbairt Leabharlann, GBRÁ é a chomhordú, agus déanann Coiste na gClár Straitéiseach earnála agus Grúpa Stiúrtha náisiúnta faoi chathaoirleacht na Roinne Sláinte maoirseacht air. Cuireadh túis le Céim 3 i mí lúil 2019 agus cuireadh thart ar 1,300 imeacht ar siúl i mbrainsi nó ar líne chuig 73,000 ranpháirtí agus bhí os cionn 135,000 eagrán de leabhair chlóite agus ar líne ar fáil, in ainneoin na srianta COVID-19 a bhí i bhfeidhm don chuid is mó den chéim.

### **Tionscadail Mhaoinithe**

Agus iad ag baint leasa as maoiniú ón DRCD, ghlaic deich n-údarás leabharlainne páirt i dtionscadal píolótach chun cur chuige Smaointeoireacht Dearaidh a úsáid chun seirbhísí nua a fhorbairt. Ghlaic foireann leabharlainne páirt in ocht gceardlann a mhair 3 huairé a chloig ó Acadamh na Smaointeoí Dearaidh, Amstardam, agus fuair siad seisiúin oiliúna aonair ar fhorbairt a gcuid dtionscadal áitiúil. Fuarhas amach sa mheastóireacht ar an tionscadal píolótach gur fhorbair an foireann ranpháirteach tuiscint níos fearr ar riachtanais an phobail áitiúil trí úsáid a bhaint as an gcur chuige Smaointeoireacht Dearaidh, gur thacaigh an cur chuige le comhoibriú níos éifeachtaí le príomhpháirtithe leasmhara i gceantair áitiúla agus gur eascraig sé forbairt seirbhísí atá níos dírithe ar an gcuistaiméir agus atá níos freagrúla laistigh de phobail áitiúla. Thug gach ranpháirtí sa tionscadal smaointeoireachta dearaidh le fios go láidir go n-úsáidfí an cur chuige ar bhonn leanúnach chun seirbhísí agus cláir a fhorbairt amach anseo.

Thacaigh maoiniú DRCD freisin le hathbhreithniú ar sheirbhísí leabharlainne príosúin, a rinneadh in 2021 le Scoil an Oideachais in Ollscoil Uladh. Leag an t-athbhreithniú amach deich bprionsabal uileghabhálacha a léiríonn an gá atá le soláthar atá bunaithe ar bheartas agus atá dírithe ar an úsáideoir agus gairmiúlacht ag tiomáint an tsoláthair. Leagadh amach moltaí maidir le soláthar seirbhísí leabharlainne príosúin faoi ocht réimse: beartais; rochtain uilfoch; comhpháirtíocht agus comhoibriú; foireann, oiliúint, agus lónrú; raon agus scóip an tsoláthair; an leabharlann mar thaca agus an duine sa phríosúin; an leabharlann mar chéim chun athfhilleadh ar an tsochaí; agus athbhreithniú agus meastóireacht. Ní dhearnadh athbhreithniú cuimsitheach dá leithéid ar sheirbhísí leabharlainne príosúin riagh roimhe seo, rud a chuir Éire chun tosaigh ar a piaraí idirnáisiúnta. Tionscnóidh grúpa stiúrtha do sheirbhísí leabharlainne príosúin na chéad chéimeanna eile chun tosaíochtaí straitéisearcha a chomhaontú agus chun seirbhísí a fhorbairt.

I gcomhpháirtíocht leis an nGníomhaireacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh (NALA), Facebook agus Media Literacy Ireland, rinneadh thionscadal píolótach um litearthacht na meán a thríail le baill foirne i Seirbhís Leabharlainne na Mí. Dhírig an clár píolótach ar ról na leabharlann poiblí i ndáil le tacú le forbairt scileanna litearthachta na meán i measc daoine fásta. Dhear Scoil an Léinn Faisnéise agus Cumarsáide in COBÁC modúl foghlama agus cuireadh ar fáil é trí chúig cheardlann oiliúna a mhair dhá uair an chloig chun scileanna fhoireann na leabharlainne a fhorbairt maidir le tacaíocht litearthachta meán agus oiliúint a chur ar fáil d'úsáideoirí leabharlainne aosaidh. Tar éis na hoiliúna, thuairiscigh na rannpháirtithe go raibh forbairt shuntasach déanta ar a gcuid scileanna i litearthacht agus tacaíocht na meán, ar féidir leo iad a thairiscint d'úsáideoirí leabharlainne. Cuirfear oiliúint agus acmhainní tacaíochta breise ar fáil don fhoireann in am tráthá ar fud na seirbhísí leabharlainne go léir chun scileanna a fhorbairt chun tacú le húsáideoirí i litearthacht na meán agus chun go mbeidh pobail áitiúla rannpháirteach i saincheisteanna a bhaineann le litearthacht na meán.

## Leabharlanna san Eoraip agus Thairsti

D'éirigh le GBRÁ, i gcomhpháirtíocht le seacht leabharlann phoiblí, an conradh a choinneáil chun gníomhafochtaí Europe Direct a dhéanamh in Éirinn ó 2021 – 2025, tar éis glao ar thograí ón gCoimisiún Eorpach. Cuireadh túis leis an gconradh nua seo i mí na Bealtaine 2021.

Reáchtáladh an tArdán Cainte Europe Direct bliantúil, arna eagrú ag GBRÁ agus Ionaid Europe Direct, ar líne i mí na Nollag 2021. Mheall an comórtas cainte poiblí seo breis agus 80 rannpháirtí sna babhtaí réigiúnacha, ar roghnaodh 12 acu le dul san iomaíocht sa bhabhta ceannais náisiúnta. Rinne Ionadaíocht an Choimisiúin Eorpaidh in Éirinn agus an FPE Maria Walsh urraíocht ar na duaiseanna..

Le linn 2021 choinnigh leabharlanna poiblí na hÉireann próifíl idirnáisiúnta láidir. Cuireadh ár dtionscadail i láthair ag ceardlanna agus comhdhálacha idirnáisiúnta iolracha lena n-áirítear Comhdháil Dhomhanda Leabharlainne agus Faisnéise Chónaidhm Idirnáisiúnta na gCumann agus Institiúidí Leabharlainne (IFLA) agus Fóram na nÚdarás Náisiúnta um Leabharlanna Poiblí san Eoraip (NAPLE). Bhuaigh feachtas cumarsáide Take a Closer Look 2020 bonn ag Dámhachtainí Margaíochta Idirnáisiúnta IFLA/Pressreader, agus toghadh an Ceannaire Forbartha Leabharlann mar Chathaoirleach ar Choiste Réigiúnach Eorpach IFLA nuabhunaithe. Ghnóthaigh GBRÁ maoiniú €330,000 freisin do thionscadal oiliúna Erasmus+.

## NPPR

Ba muirear bliantúil é an Muirear NPPR a tugadh isteach in 2009. Ba í 2013 an bhliain dheireanach ina raibh sé dlite. Próiseáladh €724.2 milliún san ionlán go dtí deireadh mhí na Nollag 2021.

Próiseáladh €28.4 milliún san ionlán in 2021 maidir leis an Muirear NPPR. Is ionann é sin agus méadú 8.7% ar an méid a próiseáladh in 2019, is é sin €26.1 milliún.

In ainneoin na ndúshlán leanúnach suntasach a bhaineann le COVID-19, phróiseáil an Biúró breis agus €24.9 milliún.

Is ionann é sin agus 88.7% den ionlán a próiseáladh in 2021 agus rinne líon beag údarás áitiúil, agus claint ar líne, an t-iarmhéid a phróiseáil.

## Tionscadal na Tairsí Ríomhphleanála Ar Líne

Leanadh ar aghaidh le Tionscadal na Tairsí Ríomhphleanála Ar Líne i rith na bliana 2021. Chuaigh larratais Ar Líne beo sna hÚdarás Áitiúla Phíolótacha, is iad sin Tiobraid Árann agus Comhairle Contae na Gaillimhe, sa ráithe dheiridh den bhliain. Is féidir le gníomhairí sna contaetha sin clárú anois ar an tairseach ag <http://planning.localgov.ie> agus ionchur a dhéanamh agus íoc as iarratais phleanála. Faigheann gníomhairí nuashonruithe ar dhul chun cinn a n-iarratas trí ríomhphost agus féadfaidh siad logál isteach ar an tairseach chun Tuilleadh Faisnéise a uaslódáil, má iarrann an tÚdarás Áitiúil amhlaidh. Fuarthas aiseolas an-dearfach ó iarratasóirí, ó ghníomhairí agus ó bhaill foirne pleanála.

Leanadh den obair le hÚdarás Áitiúla APAS agus Odyssey chun an Tairseach Ríomhphleanála Ar Líne a chomhtháthú lena gcórais phleanála.


Tá cumarsáid déanta le liosta iomlán na gComhlacthaí Forordaithe (mar atá sainmhínithe ag an Roinn) agus tá seoltaí ríomhphoist curtha ar fáil acu go léir, atá le húsáid le haghaidh atreoruithe leictreonacha amach anseo.

Tá Comhaontú Próiseála Sonraí dréachtaithe chun sonraí pleanála na nÚdarás Áitiúil a phróiseáil, ag GBRÁ don Tairseach Náisiúnta Pleanála, do ePlan agus do thionscadail DHLGH PACE agus NPAD. Bhí sé sin faofa ag an líonra DPO agus síníthe ag na hÚdarás Áitiúla Phíolótacha

Leanadh ar aghaidh le glacadh na gCaighdeán um Chatagóiriú Doiciméad ar fud na nÚdarás Áitiúil. Tá gach freastalaí iDocsWeb uasghrádaithe go dtí 2019 anois.

Lean an DHLGH le forbairt na tairsí a mhaoiniú agus lean na hÚdarás Áitiúla le costais tacafochta a mhaoiniú ar bhonn bliantúil.

Críochnaíodh feidhmiú céimneach iPlan 4.3 in 2021. Tá suíomhanna píolótacha i bhfeidhm chun an leagan is nua de iPlan 5.0 a tháistáil.



10

# Ár nlmeachtaí – Daoine a Thabhairt le Chéile chun Líonrú agus Foghlaim

## Seimineár Cumarsáide 2021

### Cur síos

Dhírigh Seimineár Cumarsáide Rialtais Áitiúil GBRÁ ar thacú le húdarás áitiúla chun cumarsáid éifeachtach a bhunú agus a leabú trasna a n-eagraíochtaí. D'fhreastail Oifigigh Chumarsáide na n-údarás áitiúil ar an imeacht chomh maith le baill foirne ó gach stiúrthóireacht a d'éist le raon cainteoirí ón earnáil phoiblí agus ón earnáil phríobháideach araoen.

- Dul i gcomhairle agus cumarsáid a dhéanamh ar thionscadail bhunathraithe
- Brandáil éifeachtach ar thionscadail údarás áitiúil



- Oifig chumarsáide a bhunú agus caidreamh a chothú le comhghleacaithe
- Comhoibriú le haghaidh cumarsáide

## Comhdháil Acmhainní Daonna 2021 - Aistriú go Samhail Oibre nua - an ról atá ag teacht chun cinn agus an deis don AD

Bhí Seimineár Gréasáin AD GBRÁ 2021 ar siúl ar an 30 Samhain 2021 trí Microsoft Teams.

D'fhreastail 144 Stiúrthóir Seirbhísé údarás áitiúil, Oifigeach Acmhainní Daonna agus baill foirne atá ag obair i ranna AD ar an Seimineár Gréasáin. Bhí sé mar aidhm ag an Seimineár Gréasáin díriú ar na deiseanna a chuirfidh an timpeallacht oibre nua ar fáil dár bhfostaithe, dár n-eagraíochtaí agus do na saoránaigh agus na pobail ar a bhfreastalaímid.

Chuimsigh an Clár na téamaí seo a leanas:

- An saol oibre atá ag athrú agus na himpleachtaí a bheidh aige sin ar eagraíochtaí, ar bhainisteoirí, ar fhostaithe agus ar an bhfeidhm AD.
- Lúfaireacht na heagraíochta agus Acmhainní Daonna Lúfar – céard é seo agus conas is féidir leis cabhrú linn.
- Na chéad chéimeanna eile maidir le hobair chumaisc agus le haghaidh AD.

Ina theannta sin, chuir ceardlann roinnt uirlisí praiticiúla agus teimpléad ar fáil chun cabhrú le hoiriúnú do chleachtas oibre níos hibrídeacha agus níos solúbtha.

## Seimineár Gréasáin Sláinte agus Sábháilteachta 2021

Reáchtáladh seimineár gréasáin d'Oifigigh Sláinte agus Sábháilteachta ar an 25 Bealtaine 2021 trí MS Teams. Dhírigh an seimineár gréasáin ar cheannaireacht éifeachtach sábháilteachta, ar fholláine mheabhrach a bhainistiú ag an obair, agus ar fhórsa saothair atá ag dul in aois a bhainistiú go sábhálte.

Bhí nuashonrú freisin ón bPríomhfheidhmeannach Cúnta, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta, ar Chlár Oibre an Údaráis.

## Leanaí a Chosaint

**Oiliúint um Chosaint Leanaí do Leas-Oifigigh  
Idirchaidrimh Ainmnithe um Chosaint Leanaí agus do  
Dhaoine Sainordaithe:**

Reáchtáladh dhá cheardlann, arna gcomhordú ag an Rannóg Chomhairleach Daoine in 2021 do 38 Leas-Oifigeach Idirchaidrimh Ainmnithe um Chosaint Leanaí agus do Dhaoine Sainordaithe. Lean GBRÁ ar aghaidh le treoir agus tacaíocht a sholáthar ar bheartas don earnáil.



# Gluais

---

<b>ARC</b>	Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca	<b>EPA</b>	An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil
<b>ASP</b>	Plean Seirbhíse Bliantúil	<b>FMS</b>	Córas Bainistíochta Airgeadais
<b>BEIWER</b>	An Coiste Gnó, Fointair, Nuálaíochta agus Athnuachana Eacnamaíochta na mBailte Uirbeacha	<b>FSAI</b>	Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann
<b>BCMS</b>	Córas Bainistíochta um Rialú Foirgníochta	<b>GDPR</b>	Rialachán um Chosaint Ghinearálta Sonraí
<b>CARO</b>	Oifigí Réigiúnacha um Ghníomhaithe ar son na hAeráide	<b>GPP</b>	Soláthar Poiblí Glas
<b>CATN</b>	An Coiste um Aeráid, Gníomhú, lompar agus Líonraí	<b>HAP</b>	Íocaíochta Cúnamh Tithíochta
<b>CCMA</b>	Comhlachas um Bainistiú Contaetha agus Cathracha	<b>HBLU</b>	Coiste Tithíochta, Foirgníochta agus Úsáide Talún
<b>CE</b>	Príomhfheidhmeannach	<b>HIS</b>	Ceann na gCóras Faisnéise
<b>POF</b>	Príomhoifigeach Feidhmiúcháin	<b>HoF</b>	Ceann Airgeadais
<b>CRM</b>	Bainistíocht Caidreamh Custaiméirí	<b>ADPA</b>	Acmhainní Daonna, Párolla, Aoisiúntas
<b>CRU</b>	An Coimisiún um Rialáil Fóntas	<b>AD</b>	Acmhainní Daonna
<b>CSSC</b>	An Fochoiste Cibearshlándála	<b>TFC</b>	Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide
<b>DCCAE</b>	An Roinn Cumarsáide, Athrú Aeráide agus Comhshaoil	<b>IHREC</b>	Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas
<b>OCBÁC</b>	Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath	<b>IMPEL</b>	Líonra an Aontais Eorpaigh um Chur i nGníomh agus um Fhorfheidhmiú Dhí na Timpeallachta
<b>DAFM</b>	An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara	<b>InfoSec</b>	Slándáil Faisnéise
<b>DCEDIY</b>	An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige	<b>FR</b>	An Foras Riarracháin
<b>DOD</b>	An Roinn Cosanta	<b>IPB</b>	Comhlachtaí Poiblí na hÉireann
<b>DEASP</b>	An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí	<b>IR</b>	Caidreamh Tionsclaíoch
<b>DECC</b>	An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide	<b>ICSH</b>	Comhairle na hÉireann um Thithíocht Shóisialta
<b>RFTF</b>	An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta:	<b>IPAS</b>	Seirbhísí Cóiríochta um Chosaint Idirnáisiúnta
<b>RTRAO</b>	An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta	<b>UÉ</b>	Uisce Éireann
<b>DPER</b>	An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóiriithe	<b>IWCG</b>	Grúpa Comhairliúcháin Uisce Éireann
<b>RFTP</b>	An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail	<b>IWMA</b>	Cumann Bainistíochta Uisce Éireann
<b>DSP</b>	An Roinn Coimirce Sóisialaí	<b>ÚÁ</b>	Údarás Áitiúil
<b>DTCAGSM</b>	An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaón, Gaeltachta, Spóirt agus Meán	<b>LDA</b>	Gníomhaireacht Forbartha Talún
		<b>LASOG</b>	Grúpa Oifigeach Sábháilteachta na nÚdarás Áitiúil
		<b>LAWPRO</b>	Oifig Chlár Uiscí na nÚdarás Áitiúil
		<b>LEO</b>	Oifig Fiontair Áitiúil

<b>LG</b>	Rialtas Áitiúil	<b>SLA</b>	Comhaontú Leibhéal Seirbhíse
<b>LGSPC</b>	Ionad Soláthair Straitéisigh Rialtais Áitiúil	<b>SME</b>	Fiontar Beag, Meánmhéide
<b>MFA</b>	Fíordheimhniú Ilfhachtóra	<b>SMS</b>	Córas Bainistíochta Sábhálteachta
<b>MRL</b>	Ceadúnú Oibreacha Bóthair MapRoad	<b>SORUM</b>	Measúnú agus Bainistíocht Riosca Ciontóirí Gnéis
<b>NBCMP</b>	Oifig Náisiúnta an Tionscadail um Rialú Foirgníochta	<b>TRABIS</b>	Réiteach Faisnéise Gnó Rianaire
<b>NDFEM</b>	An Stiúrthóireacht Náisiúnta um Bainistíocht Dóiteáin agus Éigeandála	<b>WWEEP</b>	An Coiste Uisce, Bainistíocha Dramaíola, Comhshaoil agus Pleanála Éigeandála
<b>NESC</b>	An Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialach	<b>WIOF</b>	Creat Oibriúcháin an Tionscail Uisce
<b>NOSP</b>	An Oifig Náisiúnta um Fhéinmharú a Chosc	<b>WRC</b>	An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre
<b>NOAC</b>	Coimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iníúchta	<b>WSTO</b>	Oifig Aistrithe Seirbhísí Uisce
<b>NPPR</b>	Áit Chónaithe Phríobháideach Neamhphríomha		
<b>NSC</b>	An Coiste um Chaighdeáin Náisiúnta		
<b>OGP</b>	Oifig Soláthair Rialtais		
<b>OCIO</b>	Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais		
<b>OPW</b>	Oifig na nOibreacha Poiblí		
<b>OSI</b>	Suirbhéireacht Ordanáis Éireann		
<b>PID</b>	Doiciméad Tionscnaimh		
<b>PLR</b>	Luach Saothair ó lasachtaí leis an bPobal		
<b>PMDS</b>	Córas Forbartha um Bainistiú Feidhmíochta		
<b>PMO</b>	Oifig Bainistíochta Cláir		
<b>PMS</b>	Córas Bainistíochta Cosán		
<b>PSROG</b>	Grúpa Maoirseachta Athchóirithe na hEarnála Poiblí		
<b>RDCTCH</b>	An Coiste Forbartha Tuaithe, Pobail, Turasóireachta, Cultúir agus Oidhreachta		
<b>SEAI</b>	Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann		
<b>SICAP</b>	An Clár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail		
<b>SIPD</b>	An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifig Poiblí		

# Aguisín 1

## **Scéim um Luach Saothair ó lasachtaí leis an bPobal an Tríú Tuarascáil Déag**

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021

# Clár Ábhair

<b>1.</b>	<b>Réamhrá</b>	<b>59</b>
1.1	Bunús Reachtaíochta	59
1.2	Ionstraim Reachtúil	59
1.3	Bainistiú na Scéime PLR	59
<b>2.</b>	<b>An Próiseas PLR</b>	<b>59</b>
<b>3.</b>	<b>Bailiú Sonraí lasachtaí</b>	<b>59</b>
<b>4.</b>	<b>Clárúcháin Údair</b>	<b>60</b>
<b>5.</b>	<b>Íocaíochtaí PLR 2021</b>	<b>60</b>
<b>6.</b>	<b>Leabharlann na Breataine, Ceart lasachta Poiblí RA</b>	<b>60</b>
<b>7.</b>	<b>Cumarsáid agus Poiblíocht</b>	<b>60</b>
<b>8.</b>	<b>Airgeadas</b>	<b>60</b>
<b>9.</b>	<b>Buiochas</b>	<b>60</b>
<b>10.</b>	<b>Aguisíní</b>	<b>61</b>
10.1	Achoimre ar Íocaíochtaí	61
10.2	Achoimre ar Mhodhanna Íocaíochtaí	61
10.3	Íocaíocht na Tíre Cónaithe	62
10.4	Scaipeadh méideanna íocaíochta	62

## 1. Réamhrá

### 1.1 Bunús Reachtaíochta

Is ceart eisiach é Ceart lasactha Poiblí atá ag údar a leabhar a thabhairt ar iasacht, agus tugadh isteach i ndlí na hÉireann é leis an Acht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar (Leasú) 2007. Thug an tAcht comhlíontacht le dlí na hEorpa do reachtaíocht na hÉireann.<sup>1</sup> Sonraíonn an tAcht go bhfuil feidhm ag an gceart iasachtaithe seachas go bhfuil scéim luach saothair i bhfeidhm agus leis an Acht rinneadh foráil do scéim luach saothair a bhunú ag an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

### 1.2 Statutory Instrument

Eisíodh na rialacháin lena mbunaítar an scéim, na Rialacháin um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara (Scéim Luach Saothair lasactha Poiblí) 2008 ar an 31 Nollaig 2008.<sup>2</sup> (I.R. Uimh. 597 de 2008). Faoin scéim Luach Saothair lasactha Poiblí (PLR), déantar íocaíocht le húdair, le maisitheoirí etc. a dtugtar a gcuid leabhar ar iasacht ó leabharlanna poiblí. Síníodh na Rialacháin um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara (Scéim Luach Saothair lasactha Poiblí (Leasú)), 2013, I.R. Uimh. 221 de 2013 ar an 20 Meitheamh 2013.<sup>3</sup>

### 1.3 Bainistiú na Scéime PLR

Faoi na rialacháin ainmníodh Príomhoifigeach Feidhmiúchán na Gníomhaireachta Bainistíocha Rialtais Áitiúil mar Chláraitheoir ar Luach Saothair lasactha Poiblí. Bainistíonn Forbairt Leabharlann an scéim PLR, a fhaigheann maoniu ón Rinn Forbartha Tuaithe agus Pobail.

Tá córais forbartha ag an Oifig PLR, ag obair i gcomhar le Leabharlann na Breataine, Ceart lasactha Poiblí RA chun seirbhísí feabhsaithe a chur ar fáil, rud a fhágann go bhfuil clárúchán níos cuíchóirithe agus níos éifeachtaí ann, agus seirbhísí PLR goaolmhara d'údair.

## 2. An Próiseas PLR

Faoi PLR, déanfar íocaíocht le húdair chláraithe, atá ina saoránaigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) nó a bhfuil cónaí orthu sa LEE, i leith leabhar atá cláraithe leis an PLR agus arna dtabhairt ar iasacht ag údaráis leabharlainne poiblí.

Ceanglaítear ar údair clárú leis an Oifig PLR, ag tabhairt sonraí faoi na leabhair ar mian leo luach saothair a éileamh ina leith.

Soláthraíonn údarás leabharlainne poiblí sonraí faoina n-iasacthaí don Oifig PLR, lena n-áirítear an líon uaireanta a eisítear gach leabhar ina gcuid bailiúcháin i rith na bliana.

Ag deireadh na tréimhse PLR, déantar sonraí na n-iasacthaí ó gach údarás a mheatseáil leis na sonraí údair/teidil agus táirgtear liosta de na húdair ar tugadh a gcuid leabhar ar iasacht, mar aon le líon na n-eisiúintí de gach ceann acu. Ríomhtar an méid a gheobhaidh gach údar cálitheach agus déantar íocaíochtaí.

## 3. Bailiú Sonraí lasacthaí

Tá modúl iasacthaí PLR suiteáilte ar chóras bainistíocha na leabharlainne agus déantar na sonraí lena dtugtar mionsonraí faoin líon uaireanta a eisítear gach leabhar le linn tréimhse sonraithe a tharchur go huathoibríoch chuig an Oifig PLR.

<sup>1</sup> Treoir 2006/115/CE, IO L376, 27.12.2006, lgh. 28–35.

<sup>2</sup> I.R. Uimh. 597 de 2008.

<sup>3</sup> I.R. Uimh. 221 de 2013.

## 4. Clárúcháin Údair

Cláraíodh 29,382 údar don chóras PLR ag deireadh na bliana PLR 2021.

## 5. Íocaíochtaí PLR 2021

Chuir an Roinn Forbartha Tuaithé agus Pobail €200,000 ar fáil le haghaidh íocaíochtaí do na húdair ar tugadh a saothar ar iasachta do phobal na hÉireann.

Déantar íocaíochtaí go bliantúil agus bunaítear iad ar iasachtaí ón mbliaín féilire roimhe sin. Bhí údair i dteideal íocaíochta má shroich a dtuilleamh PLR íosmhéid de €2, agus bhí íocaíocht uasta €1,000 do na húdair is mó a dtugadh a gcuid leabhar ar iasacht. Ríomhadh an Ráta in aghaidh na hiasachta (RPL) ag 11.29 cent. Bhí ríomh íocaíochta PLR 2021 bunaithe ar 5,564,809 iasachta incháilithe san iomlán.

Cháiligh 6,291 údar san iomlán ó 31 tír le haghaidh íocaíochta in 2021, agus fuair 9 n-údar an íocaíochta uasta.

## 6. Leabharlann na Breataine, Ceart lasachta Poiblí RA

Aistríodh an Fhreagracht as PLR RA chuig Leabharlann na Breataine i mí Dheireadh Fómhair 2013. Phléigh foireann PLR na Breataine agus na hÉireann comhchur chuige don PLR amach anseo chun úsáid acmhainní a uasmhéadú agus chun seirbhísí feabhsaithe a sholáthar d'údair.

Is mór ag an Oifig PLR an cúnamh suntasach a thug an foireann PLR maidir lena tacú leis an gcóras PLR.

## 7. Cumarsáid agus Poiblíocht

Tá an Oifig PLR freagrach as an suíomh gréasáin [www.plr.ie](http://www.plr.ie). Ceadaíonn bailiú sonraí iasachtaí ó gach údarás leabharlainne anailís a dhéanamh ar iasachtaí leabharlainne poiblí ar bhonn náisiúnta. Soláthraíonn an Oifig PLR faisnéis ar iasachtaí leabharlainne poiblí do na meáin ar iarratas.

## 8. Airgeadas

Tá an Scéim Luach Saothair lasachta Poiblí maoinithe go díreach ag an Aire Forbartha Tuaithé agus Pobail agus ní ghearrtar na costais ar na húdaráis áitiúla.

## 9. Buíochas

Ba mhian leis an nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil buíochas a ghabháil leis an Aire Forbartha Tuaithé agus Pobail, leis an Aire Stáit, agus lena n-oifigigh as a dtacaíocht leanúnach, le húdaráis leabharlainne poiblí as a gcomhoibriú in oibriú leanúnach na scéime PLR, leis an bhfoireann PLR ag Leabharlann na Breataine mar gheall ar an gcomhairle, tacaíocht agus cúnamh teicniúil a thugann siad.



19 Bealtaine 2022

Cláraitheoir PLR \_\_\_\_\_ Dáta \_\_\_\_\_

## 10. Aguisíní

### 10.1 Achoimre ar Íocaíochtaí

Achoimre ar Íocaíochtaí	2021
Líon na n-údar atá cláraithe le haghaidh PLR ag deireadh 2021	29,382
Líon na n-údar atá i dteideal íocaíochta	6,291
Caiteachas iomlán (maoiniú Roinne agus méideanna tugtha anonn ó 2020)	200,171.73
Líon na n-údar a fhaigheann an íocaíocht uasta	9
Ráta in aghaidh na hiasachta (RPL)	11.29 cents
<b>Líon iomlán na n-iasachtaí incháilithe</b>	<b>5,564,809</b>

### 10.2 Achoimre ar Mhodhanna Íocaíochtaí

Modh Íocaíochta	Líon na nÚdar 2021	Méid iomlán 2021 €
Ríomhíocaíocht dhíreach isteach i gCuntais Euro/ Neamh-Steirlinge	574	26,662.10
Ríomhíocaíocht dhíreach isteach i gCuntais Steirlinge RA	5,649	172,153.28
Íocaíochtaí Ar Feitheamh	68	1,356.35
<b>iomlán</b>	<b>6,291</b>	<b>200,171.73</b>

### 10.3 Íocaíocht na Tíre Cónaithe

Tír	Méid €	Tír	Méid €
RA	171,076.72	An Bheilg	66.44
Éire	24,992.13	An Astráil	142.22
An Fhrainc	826.11	An Danmhairg	20.09
An Ghearmáin	546.90	An Íoslainn	64.69
An Iodáil	639.22	An Iorua	30.26
An Eilvéis	4.96	An tSeapán	88.35
An Ísiltír	234.73	An Ghréig	71.47
An Spáinn	417.46	An Ungáir	5.53
Ceanada	390.83	An Bhulgáir	59.7
An Chróit	67.92	An Romáin	7.67
Stáit Aontaithe Mheiriceá	141.93	An Nua Shéalainn	22.9
An tSualainn	75.97	An Afraic Theas	14.68
An tSlóvaic	81.06	Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha	12.42
Lucsamburg	39.40	An Téalainn	6.66
An Chipir	5.97	An Bhrasaíl	3.49
An Pholainn	2.48	Anaithnid	11.37
			<b>IOMLÁN €200,171.73</b>

### 10.4 Scaipeadh Méideanna Íocaíochtas

Mhéid €	Go Méid €	Líon na nÍocaíochtaí 2021	Méid € in 2021
0.01	5	1,981	6,457.98
5.01	10	1,277	9,097.45
10.01	50	2,093	48,265.92
50.01	100	489	34,094.02
100.01	300	363	57,611.61
300.01	500	57	21,874.66
500.01	1000	31	22,770.09
<b>IOMLÁN</b>		<b>6,291</b>	<b>200,171.73</b>

# Aguisín 2

## Ráitis Airgeadais Iníúchta

Don bhliain go dtí 31 Nollaig 2021

### Clár Ábhair

Tuarascáil ó Iníúchóir an Rialtais Áitiúil	64
Ráiteas ar an gCóras um Rialú Inmheánach	65
Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird	68
Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach	69
Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais (Clár Comhardaithe)	70
Ráiteas ar Shreafaí Airgeadais	71
Nótaí a ghabhann leis na Cuntais agus atá mar chuid de na Cuntais	72

# Tuarascáil ó Iníúchóir an Rialtais Áitiúil do Bhord Gníomhaireacht Bainistíochta an Rialtais Áitiúil

## Réamhrá

Tá iníúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais na Gníomhaireachta Bainistíochta Rialtais Áitiúil don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021. Cuimsíonn na ráitis airgeadais, a ullmháodh faoi na beartais chuntasaíochta atá leagtha amach iontu, an Ráiteas ar loncam Cuimsitheach, an Ráiteas ar an Staid Airgeadais, an Ráiteas ar Shreafáil Airgid agus na nótáí a ghabhann leis na Cuntais agus atá mar chuid de na Cuntais.

## Freagrachtaí an Bhoird agus an Iníúchóra Rialtais Áitiúil faoi seach

Tá Bord na Gníomhaireachta freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú de réir Ordú um Gníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (Bunú) 2012 agus as rialtacht na n-idirbheart a áirithíu.

Tá freagrachtaí cuntasáíochta Chomhaltaí an Bhoird leagtha amach sa Ráiteas ar Fhreagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird.

Is í an fhreagracht atá orm ná na ráitis airgeadais a iníúchadh de réir na gceanglas ábhartha, dlíthíúil agus rialála agus de réir an Chóid Chleachtais Iniúchóireachta.

Tuairiscímo thuairim maidir le cibé an dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom, de réir an chleachtais chuntasaíochta a nglactar leis go ginearálta. Tuairiscímo freisin cibé, i mo thuairim, ar coimeádadh leabhair chuntais chearta. Ina theannta sin, luaim cibé an dtugann na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntais.

Tuairiscímo freisin ar cibé an bhfuair nó nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na míniúcháin go léir atá riachtanach chun críocha m'iniúchta.

Athbhreithním cibé an Léiríonn an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais comhlíonadh an Bhoird leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit agus tuairiscímo ar aon chás ábhartha nach ndéanann sé amhlaidh nó má tá an ráiteas míthreorach nó ar neamhréir le faisnéis eile faoina bhfuilim feasach ó m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais.

Ní cheangláitear orm a bhreithniú cibé an gclúdaíonn an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais gach priacal agus rialú airgeadais, ná teacht ar thuairim maidir le héifeachtacht na nósanna imeachta riosca agus rialaithe.

## Bunús na Tuairime Iniúchóireachta

Rinne mé m'iniúchadh de réir an Chóid Chleachtais Iniúchóireachta. Áiríonn iníúchadh scrúdú ar bhonn tástala ar fhianaise a bhaineann leis na méideanna agus na noctuithe sna ráitis airgeadais.

Áiríonn sé freisin measúnú ar na meastacháin agus breithiúnaísh shuntasacha a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú agus cibé an bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach d'imthosca na Gníomhaireachta, an raibh siad curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach agus an raibh siad nochtaithe go himleor.

Phleanáil mé agus rinne mé m'iniúchadh chun an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a fháil, a mheas mé a bheith riachtanach chun dóthain fianaise a sholáthar chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu trí chalais nó trí neamhrialtacht nó earráid eile. Le teacht ar mo thuairim, rinne mé meastóireacht freisin ar leordhóthanacht iomlán chur i láthair na fainiséise sna ráitis airgeadais.

Tuairiscíom trí eisceacht sna cásanna seo a leanas:

- I gcás nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a theastaíonn uaim do m'iniúchadh, nó
- I gcás nach léiríonn an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais comhlíonadh na Gníomhaireachta leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, nó
- I gcás go dtagaim ar chúrsaí ábhartha eile a bhaineann leis an dóigh inar stiúradh an gnó poiblí.

## Tuairim ar na Ráitis Airgeadais

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom ar staid ghnóthaí na Gníomhaireachta amhail an 31 Nollaig 2021 agus ar a hioncam agus ar a caiteachas don bhliain dar críoch an dáta sin.

Fuir mé an fhaisnéis agus na míniúcháin go léir a mheasaim a bheith riachtanach chun críocha m'iniúchta. Is é mo thuairim gur choimeád an Gníomhaireacht leabhair chuntais chearta. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

Sínithe

Dáta

25/05/2022

**Paul Mullen (Tithíocht)**  
Iniúchóir Rialtais Áitiúil

# Ráiteas ar an gCóras um Rialú Inmheánach

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021

## Raon Feidhme na Freagrachta

Thar ceann Bhord na Gníomhaireachta Bainistíochta Rialtais Áitiúil, admhaím freagrácht an Bhoird as a áirithíú go ndéantar córas éifeachtach um rialú inmheánach a chothabháil agus a fheidhmiú. Cuireann an fhreagrácht seo ceanglais an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016 san áireamh.

## An Cuspóir leis an gCóras um Rialú Inmheánach

Tá an córas um rialú inmheánach deartha chun riosca a bainistiú go leibhéal is féidir a ghlacadh leis seachas deireadh a chur leis. Ní féidir leis an gcóras, dá bhrí sin, ach rátháiocht réasúnta seachas rátháiocht iomlán a thabhairt go ndéantar sócmhainní a chosaint, idirbhhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath ar bhealach tráthúil. Tá an córas um rialú inmheánach, a thagann le treoir a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm sa Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021 agus suas go dtí dárta faofa na ráiteas airgeadais.

## An Cumas Riosca a Láimhseáil

Tá Bord GBRÁ freagrácht as a áirithíú go bhfuil córas éifeachtach um rialú inmheánach i bhfeidhm ag GBRÁ. Cuidíonn an Coiste Iniúchta agus Riosca (ARC) leis an mBord ina chuid oibre, ar a bhfuil comhalta Boird (a bhíonn ina chathaoirleach ar an gcoiste), agus 4 chomhalta eile a bhfuil taithí airgeadais agus iniúchta acu.

Bhual an ARC le chéile ceithre huaire in 2021.

Tá údarás feidhmiúcháin tarmligthe ag an mBord chug an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin a feidhmíonn creat bainistíochta riosca GBRÁ agus a thuairiscíonn ar riosca ag gach cruinníú Boird, cruinníú den Choiste Airgeadais agus cruinníú den ARC, i dteannta leis an bhfoireann bainistíochta shinsearach.

Tá soláthraí iniúchta inmheánaigh seachfhoinsithe ag GBRÁ a reáchtáil ann clár oibre arna chomhaontú leis an ARC. In 2021 rinneadh trí iniúchadh inmheánacha. Is éard atá iontu ná iniúchadh ar Chóras Rialaithe Inmheánach GBRÁ, iniúchadh ar Chianrochtain agus Aistriú Sonrai agus Athbhreithniú ar Chomhlíonadh an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit.

Tá beartas bainistíochta riosca forbartha ag an ARC a leagann amach na próisis bainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus a shonraíonn róil agus freagráchtai na foirne maidir le riosca.

Eisíodh an beartas chuig gach ball foirne a bhfuiltear ag súil go n-oibreoidh siad

le beartais bainistithe riosca GBRÁ, chun an lucht bainistíochta a chur ar an airdeall maidir le laige riosca agus rialaithe atá ag teacht chun cinn agus freagrácht a ghlacadh as riosca agus rialuithe laistigh dá réimse oibre féin.

## Creat Riosca agus Rialaithe

Tá córas bainistithe riosca curtha i bhfeidhm ag GBRÁ, rud a shainaithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus na bearta bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár riosca corporáide i bhfeidhm a shainaithníonn na príomhrioscaí atá roimh GBRÁ agus rinneadh na rioscaí sin a aithint, a mheasúnú agus a ghrádú de réir na tábhactha a bhaineann leo. Ullmháíonn an bainistíocht an clár agus déanann an Bord agus an ARC athbhreithniú air ag gach cruinniú.

Úsáidtear toradh na measúnuithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a áirithíú go ndéantar rioscaí a bainistiú go leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha is gá chun rioscaí a mhaolú agus freagrácht as feidhmiú na rialuithe a shantar do bhaill foirne ar leith. Deimhníم go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na heilmintí seo a leanas:

## Rinneadh nósanna imeachta maidir le gach príomhphróiseas gnó a dhoiciméadú.

- Sannadh freagráctaí airgeadais ar leibhéal na bainistíochta agus tá cuntasacht chomhfhreagrach ann:
- Tá córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag an mbainistíochta shinsearach:
- Tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a áirithíú:
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

## Rialú Inmheánach

Tá córas um rialú inmheánach agus um bainistiú riosca ag GBRÁ atá deartha chun príomhrioscaí a aithint agus a thuairisciú agus na bearta bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt orthu agus, nuair is féidir, chun iad a mhaolú. Is iad seo a leanas príomhghnéisithe an chórais:

- Struchtúr eagraíochtúil atá sainmhínithe go soiléir le leithscaradh cuí dualgas agus teorainneacha údarás arna n-ainmniú ag an mBord:
- Plean Corparáideach, arna fhaomhadh ag an mBord, a threoraíonn an plean bliantúil foirne agus an buiséad:
- Buiséad bliantúil arna fhaomhadh ag an mBord:
- Beartais agus nósanna imeachta doiciméadaithe a chlúdaíonn príomhréimsí riosca a ndéanann an Bord athbhreithniú agus faomhadh orthu go tréimhsíúil:
- Teorainneacha agus údarás sainithe do chaiteachas airgeadais lena n-áirítear soláthar earraí agus seirbhísí agus caiteachas caipítill, arna fhaomhadh ag an mBord:
- Cuntas bhainistíochta ráithiúla ullmhaithe agus curtha faoi bhráid an Choiste Airgeadais:
- ARC a sholáthraíonn maoirseacht agus treoir i réimsí na bainistíochta riosca, an athbhreithnithe ar an gclár riosca, an tuairiscithe riosca agus na forbartha beartais:
- Roinnt coistí eile an bhoird a thacaíonn leis an mBord ina ról maoirseachta. Tá siad seo liostaithe sa Ráiteas Rialachais:
- Beartais a chlúdaíonn calaois, sláinte agus sábháilteach agus príomhréimsí riosca eile chomh maith le Cód lompair don Bhord, d'Oifigigh agus don fhoireann
- Beartais agus nósanna imeachta a chlúdaíonn feidhmíocht foirne, oiliúint agus oideachas leanúnach:
- Beartas agus plean soláthair atá athbhreithnithe agus faofa ag an mBord:
- Feidhm iniúchta inmheánaigh a athbhreithníonn próisis, córais agus rialuithe aitheanta agus a thuairiscíonn ar a chuid oibre don ARC:
- An ARC a dhéileálann le haon saincheisteanna rialaithe suntasacha a ardaítear san iniúchadh inmheánach, a ardaíonn an tInnleúchóir Rialtais Áitiúil nó a ardaítear in athbhreithnithe seachtracha eile:

- Clár riosca corparáide atá ullmhaithe ag an mbainistíocht agus atá athbhreithnithe go rialta ag an ARC agus ag an mBord.
- Córais agus bogearraí i bhfeidhm chun ár dtimpeallacht TFC a chosaint ó bhagairtí agus chun slándáil na faisnéise atá againn a áirithíú.

## Coistí an Bhoird

Faigheann an Bord cúnamh ina ról maoirseachta ó roinnt Coistí an Bhoird ar a bhfuil comhaltaí Boird agus comhaltaí seachtracha a bhfuil saineolas ábhair acu i réimsí freagrachta faoi seach na gCoistí. Tugann an Bord cúram do na Coistí as mionbhreithniú a dhéanamh ar ábhair áirithe, agus cuireann siad comhairle ar fáil chun cabhrú le cinnteoireacht an Bhoird. Cuirtear nuashonrú ar fáil ó gach Coiste do chruinníú an Bhoird. Tá sonraí na gCoistí a bhí i bhfeidhm le linn 2021 san áireamh sa Ráiteas Rialachais agus i dTuarascáil Chomhaltaí an Bhoird.

## Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmíula bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd a bhfuil freagracht acu as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don bhainistíocht agus don Bhord, nuair is cuí, ar bhealach tráthúil. Deimhním go bhfuil na córais leanúnacha monatóireachta seo a leanas i bhfeidhm:

- Aithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar oibriú na bpriomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh a aithníodh a thuairisciú. Bunaíodh socrúithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais, agus
- Déanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha feidhmíochta agus airgeadais tréimhsíúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht i gcoinne buiséad/réamhaisnéisi.

## Soláthar

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag GBRÁ chun comhlíonadh na rialacha agus na dtreoiríntí reatha soláthair a áirithíú agus gur chomhlíon GBRÁ na nósanna imeachta sin i rith 2021.

### Athbhreithniú ar Éifeachtacht


Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag GBRÁ chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta um bainistíocht riosca agus rialú. Tá monatóireacht agus athbhreithniú GBRÁ ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais bunaithe ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, an Choiste Iniúchóireachta agus Ríosca a dhéanann maoiriú ar a gcuid oibre, agus tá an bhainistíocht shinsearach laistigh de GBRÁ freagrach as an gcreat um rialú inmheánach airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

Deimhním go ndearna an Ghníomhaireacht athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht an rialaithe inmheánaigh do 2021. Deimhním nár aithníodh aon laigí ábhartha sna rialuithe inmheánacha maidir le 2021 ar gá iad a noctadadh sna ráitis airgeadais.

### Fadhbanna maidir le Rialú Inmheánach

Níor sainaithníodh aon laigí sna rialuithe inmheánacha maidir le 2021 ar gá iad a noctadadh sna ráitis airgeadais.

Thar ceann an Bhoird:



Jackie Maguire  
Cathaoirleach GBRÁ  
Dáta: 23 Bealtaine 2022

## Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021

Bunaíodh Gníomhaireacht Bainistíochta an Rialtais Áitiúil (GBRÁ) leis an Ordú um Gníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (Bunú 2012 (IR Uimh. 290 de 2012).


Is comhlacht reachtúil é atá freagrach as raon seirbhísí a sholáthar don earnáil Rialtais Áitiúil.

Ceanglaíonn Alt 18 den Ordú um Gníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (Bunú 2012 ar Bhord an GBRÁ cuntas chearta a choimeád ar ioncam agus caiteachas uile na Gníomhaireachta, agus ar fhoinsí an ioncaim sin agus ar ábhar an chaiteachais sin, agus ar mhaoin, creidmheasanna agus dliteanais na Gníomhaireachta.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, tá ceanglas ar GBRÁ:

- Beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus ansin iad a chur i
- bhfeidhm go comhsheasmhach Breithiúnais agus meastachán a dhéanamh atá réasúnach agus stuama
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin má tá sé míchuí a thoimhdiú go leanfaidh GBRÁ de bheith ag feidhmiú
- Aon imeachtaí ábhartha ó na caighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe a noctadh agus a mhíniú.

Tá an Bord freagrach as leabhair chuntais chearta a choinneáil, a noctann le cruinneas réasúnta ag am ar bith staid airgeadais GBRÁ agus a chuireann ar a chumas a áirithíú go gcomhlíonann an ráiteas airgeadais Alt 18 den Ordú um Gníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (Bunú 2012. Tá an Bord freagrach freisin as a shócmhainní a chosaint agus mar sin as céimeanna réasúnta a ghlagadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.



Cathaoirleach GBRÁ

Dáta: 23rd May 2022



Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Dáta: 23rd May 2022

# Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach


Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021

	Nótaí	Seirbhísí Gníom- haireacha Gníom- haireacha	Seirbhísí Biúró	Seirbhísí Roinnte	2021	2020	Seirbhísí Gníom- haireacha	Seirbhísí Biúró	Seirbhísí Roinnte
<b>IONCAM</b>									
Ranníocaíochtaí Údarás Áitiúil		11,141,473			<b>11,141,473</b>	<b>11,141,470</b>	11,141,470		
Ioncam tionscadail	3.1	23,054,729	54,811		<b>23,109,540</b>	<b>19,326,808</b>	19,267,884	58,924	
Cláir a fhraigheann maoiniú	3.2			3,651,327	<b>3,651,327</b>	<b>2,961,059</b>			2,961,059
Ioncam eile	3.3	5,720			<b>5,720</b>	<b>10,777</b>	10,777		
Seirbhísí Biúró - bailiúcháin	3.4		29,209,131		<b>29,209,131</b>	<b>26,849,320</b>			26,849,320
Aoisliúntas coinnithe		300,037			<b>300,037</b>	<b>273,282</b>	273,282		
Ranníocaíochtaí an chiste fiachmhúchta		228,910			<b>228,910</b>	<b>228,909</b>	228,909		
Ús infhaighte agus ioncam comhchosúil		47,192			<b>47,192</b>	<b>40,517</b>	40,517		
Ioncam lomlán		<b>34,778,061</b>	<b>29,263,942</b>	<b>3,651,327</b>	<b>67,693,330</b>	<b>60,832,142</b>	<b>30,962,839</b>	<b>26,908,244</b>	<b>2,961,059</b>
<b>CAITEACHAS</b>									
Costais na mball foirne	4	8,170,260	101,239	1,553,122	<b>9,824,621</b>	<b>8,655,948</b>	<b>7,516,934</b>	<b>176,683</b>	<b>962,331</b>
Costais oibriúcháin agus forchostais	5	23,920,172	428,992	981,886	<b>25,331,050</b>	<b>21,591,100</b>	<b>20,753,486</b>	<b>195,125</b>	<b>642,489</b>
Íocaíochtaí Amach	6	1,279,501	28,733,711	1,116,318	<b>31,129,530</b>	<b>28,587,795</b>	<b>695,120</b>	<b>26,536,435</b>	<b>1,356,239</b>
Dímheas	7	785,226			<b>785,226</b>	<b>396,837</b>	<b>396,837</b>		
Caiteachas lomlán		<b>34,155,158</b>	<b>29,263,941</b>	<b>3,651,326</b>	<b>67,070,427</b>	<b>59,231,679</b>	<b>29,362,376</b>	<b>26,908,244</b>	<b>2,961,059</b>
Barrachas don bhliain roimh leithreasuithe		<b>622,903</b>	<b>0</b>	<b>0</b>	<b>622,903</b>	<b>1,600,463</b>	<b>1,600,463</b>	<b>0</b>	<b>0</b>
Aistriú chuig cúlchiste speisialta		<b>(228,910)</b>			<b>(228,910)</b>	<b>(228,909)</b>	<b>(228,909)</b>		
Barrachas don bhliain i ndiaidh leithreasuithe		<b>393,993</b>	<b>0</b>	<b>0</b>	<b>393,993</b>	<b>1,371,554</b>	<b>1,371,554</b>	<b>0</b>	<b>0</b>

# Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais (Clár Comhardaithe)

amhail an 31 Nollaig 2021

	Nótaí	2021 €	2020 €
<b>Sócmhainní Neamh-Reatha</b>			
Sócmhainní Inláimhsithe	7	<b>18,135,877</b>	<b>17,924,496</b>
<b>Sócmhainní Reatha</b>			
Infhláitais	9	6,380,907	5,297,294
Airgead Tirim agus Coibhéis Airgid Thirim	8	4,278,552	4,679,398
Infheistíochtaí		25,009,656	21,702,052
Infheistíochtaí - Cúlchiste Speisialta		3,511,786	3,660,092
		<b>39,180,901</b>	<b>35,338,836</b>
<b>Dliteanais Reatha</b> (méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin)			
Suimeanna infíoctha	10	16,394,375	12,746,112
<b>Glansócmhainní Reatha</b>		<b>22,786,527</b>	<b>22,592,724</b>
<b>Creidiúnaithe:</b> (Méideanna a bheidh dlite tar éis bliana)			
Lasachtaí Iníochta	11	2,702,880	2,543,384
lomlán na nGlansócmhainní		38,219,524	37,973,836
<b>Ag léiriú</b>			
Cúlchiste Coinnithe loncaim	12	20,536,038	19,705,492
Cúlchiste Athluachála	12	14,171,699	14,608,252
Cúlchiste Speisialta	12	3,511,787	3,660,092
		38,219,524	37,973,836



Cathaoirleach GBRÁ

Dáta: 23rd May 2022




Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Dáta: 23rd May 2022

# Ráiteas ar Shreafaí Airgeadais

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021

	2021 €	2020 €
<b>Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin</b>		
Ioncam Barrachais thar Chaiteachas	393,993	1,371,554
Ús Bainc a fuarthas	(47,192)	(40,517)
Dímheas	785,226	396,837
(Méadú) ar Infháltais	(1,083,613)	(1,313,693)
Méadú ar Shuimeanna Iníochta	3,584,465	1,884,206
<b>Glan-insreabhadh/(Eis-Sreabhadh) Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin</b>	<b>3,632,880</b>	<b>2,298,387</b>
<b>Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíocha</b>		
Ceannach Sócmhainní Inláimhsithe	(996,606)	(121,007)
<b>Glan-eis-sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíocha</b>	<b>(996,606)</b>	<b>(121,007)</b>
<b>Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe</b>		
Fáltais ó iasacht bhainc	555,000	730,000
Aisíoc iasachta bainc	(331,708)	(274,057)
(Laghdú)/Méadú ar infheistíocht ciste fiachmhúchta	(148,305)	152,070
Ús Bainc a fuarthas	47,192	40,517
<b>Glan-insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe</b>	<b>122,179</b>	<b>648,530</b>
<b>Glanmhéadú ar airgead agus ar choibhéisí airgid</b>		
Airgead agus coibhéis airgid amhail an 1 Eanáir	2,758,453	2,825,910
<b>Airgead agus coibhéis airgid amhail an 31 Nollaig</b>	<b>30,041,542</b>	<b>27,215,632</b>
	32,799,995	30,041,542



Cathaoirleach GBRÁ

Dáta: 23rd May 2022



Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Dáta: 23rd May 2022

# Nótaí a ghabhann leis na Cuntas

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021

## 1 Eolas Ginearálta

Bunaodh Gníomhaireacht Bainistóchta an Rialtais Áitiúil (GBRÁ) leis an Ordú um Gníomhaireacht Bainistóchta Rialtais Áitiúil (Bunú 2012 (IR Uimh. 290 de 2012). Is gníomhaireacht stát de chuid na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta í GBRÁ a bunaodh chun raon seirbhísí a sholáthar don Earnáil Rialtais Áitiúil. Cruthaíodh an Gníomhaireacht trí chumasc an Bhoird Seirbhísí Ríomhaire Rialtais Áitiúil, an Bhiord Seirbhísí Bainistóchta Rialtais Áitiúil agus na Comhairle Leabharlanna.

Is iad seo a leanas seoltaí GBRÁ:

Teach Rialtas Áitiúil  
35-39 Cé Uiséir  
Baile Átha Cliath 8

Teach an Phionnusce  
27 Bóthar Conyngham  
Baile Átha Cliath 8

## 2 Achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasáiochta

### 2.1 Bunús an ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil agus ullmhaíodh iad ar bhonn fabhraithe, ach amháin mar a shonraítear ag 2.3 agus 2.5 thíos, agus de réir Chleachtas Cuntasáiochta a nGlahtar go Coitianta Leo. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme sa RA agus in Éirinn arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais (FRC), arna fhogaírt ag Cuntasóirí Caire Eireann. Éilíonn ullmhú na ráiteas airgeadais ar an mbainistócht a breithíunas a fheidhmiú agus beartais chuntasáiochta á gcur i bhfeidhm. Níl aon chodanna de na ráitis airgeadais a éilíonn breithíunas bainistóchta nó meastacháin atá thíobhachtach do na luachanna tuairiscithe.

### 2.2 Airgeadra Eachtrach

Is é an Euro (€) an t-airgeadra feidhmiúil agus an t-airgeadra tuairiscithe.

Aistrítear idirbhearta airgeadra eachtraigh go Euro ag spórátaí malartaithe ar dhátaí na n-idirbheart. Tugtar gnóthacháin agus caillteanais malaire a eascraíonn as socrú na n-idirbheart seo ag ráta difriúil chuig an gcontas ioncaim agus caiteachais.

### 2.3 Foinsí ioncaim agus aitheantas

Soláthraítear príomhfhoinse ioncaim an GBRÁ trí rannfocaíochtaí ó údarás áitiúla. Is trí leithdháileadh comhaontaithe bhuiséad blantúil GBRÁ a bhunaítear na rannfocaíochtaí. Faigheann GBRÁ ioncam freisin ó údarás áitiúla agus ó chomhlachtaí stát eile as tabhairt faoi thionscadail ar leith thar ceann na hearnála rialtais Áitiúil. Sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach, cuirtear an dá chatagóir thusas le chéile faoi Sheirbhísí Gníomhaireachta.

Faoi reachtaíocht ábhartha lena dtugtar isteach an muirear nó an táille clárúcháin, ba í GBRÁ an gníomhaireacht a raibh sé de chúram uirthi na nithe seo a leanas a bhailiú agus a bhainistiú:

- Muirear cónaithe príobháideach neamhphríomha (NPPR)
- Muirear Teaghlaigh
- Táille clárúcháin Protect our Water

Déantar bailiúcháin ón bpobal a dhéantar faoi na ceannteidil thusas a thaifeadadh sna ráitis airgeadais ar bhonn airgead tirim faichte. Léirítear na bailiúcháin seo sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach mar Sheirbhísí Biúró.

Faigheann GBRÁ cistí lárnacha i leith costas a thabhaítear do thionscadail seirbhísí comhroinnté áirithe. Léirítear ioncam maidir leis na tionscadail seo sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach mar Sheirbhísí Comhroinnté.

## 2.4 Maoin, gléasra & trealamh agus dímheas

Luaitear maoin, gléasra & trealamh ag costas stairiúil lúide dímheas carntha, seachas Áitreabh Ruílse, a léirítear ag luacháil agus costas breisithe.

Aistrítear an difríocht idir dímheas ar an gcostas measta agus an bunchostas ón gcúlchiste athluachála go dtí an cúlchiste coinnithe. Gearrtar dímheas chun costas nó luacháil na sócmhainní a dhíscríobh go luach iarmharach ag baint úsáide as modh an mhéid chothroim thar a saolta measta ar na boinn seo a leanas:

Áitreabh Ruílse	2%
Daingneáin & Feistis	10%
Trealamh Ríomhairesreachta agus Coimhdeach	33.33%
Troscán agus Trealamh Oifige	10%
Trealamh Oiliúna	20%

Ní ghearrtar aon dímheas sa bláthain diúscartha agus gearrtar dímheas bliana ionláine sa bláthain éadála.

Rinne luachálaithe idirnáisiúnta Colliers luacháil neamhspleáach ar áitreabh ruílse ar an 21 Deireadh Fómhair 2020.

	Luacháil 2020	Costas
Teach Rialtais Áitiúil, 35/39 Cé Uiséir, Baile Átha Cliath 8	€9,850,000	€2,385,323
Teach an Phionnusce, 27 Bóthar Conyngham, Baile Átha Cliath 8	€8,000,000	€3,186,625

## 2.5 Aoisliúntas

Tá GBRÁ ina ball de Scéim Aoisliúntais an Rialtais Áitiúil (LGSS). Gearrtar íocaíochtaí maidir le pinsin ar an gCuntas loncaim & Caiteachais sa tréimhse ina ndéantar íocaíochtaí. Áirítear i gcostas tuarastal sna cuntas asbhaintí maidir le sochair aoisliúntais (lena n-áirítear sochair do Bhaintreacha agus do Dhílléachtaí). Cuirtear asbhaintí den sórt sin chun sochair mar fháltais chuig an Ráiteas loncaim & Caiteachais. Maoinítear cnapschuimeanna ar scor ó Chúlchiste Speisialta na Gníomhairesreachta, a bunaíodh chun na críche sin. Tá GBRÁ ina ball freisin den Scéim Pinsin Seirbhís Poiblí Aonair ("Scéim Aonair") ar cuireadh túis léi le héifeacht ón 1 Eanáir 2013. Leanann an GBRÁ de ranníocaíochtaí fostaithe don Scéim Aonair a asbhaint ach tarchuirtear iad go lárnach chuig DPER. Níor cuireadh Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 17 i bhfeidhm ar na cuntas seo. Tá riachtanais na gcaighdeán cuntasáíochta reatha a bhaineann le pinsin agus a gcur i bhfeidhm i gcuntasáíocht údarás áitiúil á mbreithniú faoi láthair.

## 2.6 Tionscadail seirbhísí comhroinnte i Rialtais Áitiúil

Tugadh isteach roinnt tionscnámh tionscadail um sheirbhísí comhroinnte le linn 2013, mar aon le cruthú Oifig Bainistíochta Clár (PMO), chun na tionscadail a chomhordú agus a stiúradh. Aithníodh seirbhísí comhroinnte san Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht an Rialtais Áitiúil mar sheirbhísí atá in ann éifeachtúlachtaí agus coigileas costais a bhaint amach. Bhain na tionscadail le seirbhísí comhroinnte párolla (MyPay) agus le haoisliúntas agus soláthar. Chomh maith le seirbhísí TF agus seirbhísí eile a sholáthar do chuid de na tionscnáimh seo dóibh go léir, tá maoirseacht ag GBRÁ ar an PMO áit a gcuirtear maoiniú ar fáil go lárnach trí an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (DHLGH). In 2014 fuair an GBRÁ ceadú do shaoráid iasachta €7m le téarma 10 bliana, chun feidhmiú céimneach na saoráide MyPay chuig gach údarás áitiúil a éascú. Íocatar luach na híostarraingthe iasachta leis an ionad seirbhísí comhroinnte MyPay agus aithnítear é mar fhiach uathu don GBRÁ.

## 2.7 Cúlchistí

Aicmítear Cúlchistí GBRÁ mar seo a leanas:

<b>Cúlchistí Coinnithe oibriúcháin</b>	- Na barrachais charntha a eascraíonn as gnáthghníomhaíochtaí oibriúcháin an GBRÁ, agus sular cruthaíodh GBRÁ, cúlchistí carntha oibriúcháin an Bhoird Seirbhísí Ríomhaires Rialtais Áitiúil agus an Bhoird Seirbhísí Bainistíochta Rialtais Áitiúil.
<b>Cúlchiste Speisialta</b>	- Cúlchiste cruthaithe chun íocaíocht méideanna na cnapschuime scoir a dhéanamh. Léirítear an cúlchiste seo ag an gCuntas Infheistíochta, léirithe faoi Shócmhainní Reatha ar an gClár Comhardaithe.
<b>Cúlchiste Athluachála</b>	- Cúlchiste cruthaithe d'áitreabh Ruílse.

### 3 Ioncam lomlán

	2021 €	2020 €
Déantar anailís bhreise ar ioncam mar seo a leanas:		
<b>3.1) Ioncam Tionscadail</b>		
Na príomhthionscadail (os cionn €100,000) a fuair maoiniú i rith na bliana:		
Aonad Forbartha Leabharlainne	6,147,112	3,867,753
Tionscadail Bóithre	1,648,328	2,451,465
AD, Párolla & Aoisliúntas	4,197,358	3,750,034
Córas Bainistíochta Airgeadais (FMS)	1,365,193	1,411,081
Láirionad Sonraí an Rialtais	749,172	1,085,563
Tithíocht	590,946	433,517
Pleanáil	994,181	350,725
Ceadúnú TFC	7,102, 336	5,791,531
Tionscadail eile	260,103	126,215
 Iomlán do Sheirbhísí Gníomhaireachta	 23,054,729	 19,267,884
Maoiniú maidir le costais Bhailithe an Mhuirir Teaghlaigh	Nóta 3.4.c	54,811
 Ioncam lomlán Tionscadail	 23,109,540	 19,326,808

### 3.2) Cláir a fhaigheann maoiniú

Fuair seirbhísí comhroinnte agus cláir athchóirithe maoiniú ó:

An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta	3,212,418	2,928,586
Foinsí eile cistí	438,909	32,473
	3,651,327	2,961,059

### 3.3) Ioncam Eile

Ioncam eile a fuarthas sa bhliain:

Maoiniú do bhaill forne GBRÁ ar iasacht chuig tionscadail eile	-	-
Cistí Leasa Shóisialaigh a fuarthas	5,580	7,757
Cíos	-	3,000
Eile	140	20
	5,720	10,777

### 3.4) Seirbhísí Biúró - Ioncam a bailíodh

Muirear Cónaithe Príobháideach Neamhphríomha (NPPR)	See 3.4.a	28,935,505	26,642,190
Táille clárúcháin Protect our Water	See 3.4.b	273,626	207,360
Aisíocaíochtaí Muirir Teaghlaigh	See 3.4.c	-	(230)
		29,209,131	26,849,320

### 3.4.a) Muirear Cónaithe Príobháideach Neamhphríomha (NPPR)

Chuir an tAcht Rialtais Áitiúil (Muirir) 2009 muirear bliantúil i bhfeidhm i leith maoine cónaithe áirithe. Bhí an muirear bliantúil €200 i bhfeidhm idir 2009 agus 2013. Bhí ar úinéirí réadmhaoine aon mhaoin a thagann faoin muirear a chlárú agus an muirear a foc mar aon le haon phionós a bhaineann le híocaíocht dhéanach. Is é GBRÁ an bord ainmnithe a shainaithnítear chun an muirear bliantúil a bhailiú thar ceann na n-údarás áitiúil. Cé gurbh í 2013 bliain deiridh an mhuiirir, lean GBRÁ ag bailiú riaráistí a bhí dlite faoin reachtaíocht.

	2021 €	2020 €
Bailiúcháin chomhlána	28,935,505	26,642,190
Costais forbartha agus oibriúcháin	(322,910)	(223,024)
Glanbhailiúcháin	28,612,596	26,419,166
Íocaíochtaí Amach chuig Údarás Áitiúla	28,612,596	26,419,166

### 3.4.b) Táille clárúcháin Protect our Water:

Leasaigh an tAcht um Sheirbhísí Uisce (Leasú) 2012 an tAcht um Sheirbhísí Uisce 2007 trí phróiseas clárúcháin a thabhairt isteach do chórais cóireála fuíolluisce thí. Cuireadh túis leis an bpróiseas clárúcháin ar an 26 Meitheamh 2012. Ar feadh tréimhse tosaigh a mhair trí mhí, b'ionann an táille clárúcháin agus €5, ag ardú go €50 ina dhiadair sin. Eisítear Deimhniú Clárúcháin d'úinéirí a chláraíonn. Tá an clárú bailí ar feadh tréimhse cúig bliana.

Ceapadh GBRÁ mar an ghníomhaireacht chun an próiseas clárúcháin, ar a dtugtar Protect our Water, a riar.

	2021 €	2020 €
Bailiúcháin chomhlána	273,626	207,360
Costais forbartha agus oibriúcháin	152,510	(90,090)
Glanbhailiúcháin	121,115	117,270
Íocaíochtaí Amach chuig Údarás Áitiúla	-	-
Ar fáil le híoc amach	121,115	117,270

### 3.4.c) Muirear Teaghlaigh

Ba mhuirear €100 é an Muirear Teaghlaigh ar gach maoín chónaithe sa Stát, rud a tugadh isteach leis an Acht Rialtais Áitiúil (Muirear Teaghlaigh) 2011. Ní raibh feidhm leis an muirear ach le haghaidh 2012 agus cuireadh deireadh leis nuair a tugadh isteach an Cháin Mhaoine Áitiúil in 2013.

Ba é GBRÁ an bord ábhartha a ainmníodh chun an Muirear Teaghlaigh a bhailiú agus a riar thar ceann na n-údarás áitiúil. Tá na Coimisinéirí loncaim freagrach as an gCáin Mhaoine Áitiúil (LPT) a riar agus as aon riaráistí a bhaineann leis an Muirear Teaghlaigh. Leanann GBRÁ leis an mbonneagar TF a chothabháil agus fiosruite ó chustaiméirí ar an muirear a bhainistiú. Íocann an DHLGH glanchostas na seirbhíse seo.

	2021 €	2020 €
Aisíocaíochtaí le linn na bliana	-	(230)
Costais forbartha agus oibriúcháin	(54,811)	(58,694)
Glanhostas ar GBRÁ	(54,811)	(58,924)
Éilithe/Inéilithe ó DHPCLG	54,811	58,924

## 4 Costais na mBall Foirne

	2021 €	2020 €
<b>a) Tá costais na foirne comhdhéanta de na nithe seo a leanas:</b>		
Pá agus tuarastail	6,984,413	5,948,035
Costais leasa shóisialaigh	579,656	499,554
Fabhrú Pá Saoire - athrú sa bhliain	(43,769)	76,078
Costais pinsin (baill foirne ar iasacht amháin)	227,937	141,341
Costas na foirne fostaithe	7,748,237	6,665,008
Íocaíochtaí le pinsinéirí	2,076,384	1,990,940
Costais iomlána na foirne	9,824,621	8,655,948

Ba é líon coibhéiseach lánamseartha na bhfostaithe do 2021 ná 115

Seo a leanas líon na bhfostaithe a raibh sochair iomlána os cionn €60,000 acu:

	2021	2020
€60,000-€70,000	11	17
€70,001-€80,000	15	7
€80,001-€90,000	12	9
€90,001-€100,000	4	5
€100,001-€110,000	2	1
€110,001-€120,000	2	2
€120,001-€130,000	0	0
€130,001-€140,000	0	0
€140,001-€150,000	1	0
€150,001-€160,000	0	0
€160,001-€170,000	1	1

### b) Tuarastal agus sochair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin

Is iad seo a leanas an tuarastal agus na sochair a bhí i bhfeidhm don POF in 2021:

	€	€
Tuarastal íoctha sa bhliain (liúntais san áireamh)	166,802	164,507
Ranníocaíochtaí Pinsin (os cionn na scéime caighdeánaí)	Náid	Náid
Bónas nó pá a bhaineann le feidhmíocht	Náid	Náid
Íocaíocht foirceanta	Náid	Náid

### c) Cúiteamh Príomhbhainistíochta

Ba é costas tuarastail na príomhbhainistíochta in 2021 ná €726,171 (2020 €724,918). Tá an phríomhbhainistíocht comhdhéanta den fhoireann bainistíocha feidhmiúcháin. Tá GBRÁ ina ball den Scéim Aoisliúntais Rialtais Áitiúil (LGSS) agus tá gach ball fairne GBRÁ ina mbaill den scéim seo nó den scéim pinsin aonair seirbhíse poiblí.

Ní fhagheann comhaltaí Boird aon táillí nó luach saothair eile ón GBRÁ as a gcuid oibre.

## 5 Costais oibriúcháin agus forchostais

	2021 €	2020 €
Anailísithe mar seo a leanas:		
Taisteal agus cothú	5.1	25,102
Oiliúint	281,070	117,230
Oibriúcháin	5.2	23,006,719
Áitreabh	5.3	654,560
Riaracháin	5.4	1,363,599
	25,331,050	21,591,100

### 5.1 Tá Taisteal agus Cothú comhdhéanta den mhéid seo a leanas:

	2021 €	2020 €
Costais tí - Seirbhísí Gníomhaireachta	14,135	29,565
Costais tí - Seirbhísí Biúró	1,732	413
Costais tí - Seirbhísí Comhroinnte	9,235	19,543
Costais iomlána Tí	25,102	49,521
Costais idirnáisiúnta - Seirbhísí Gníomhaireachta	-	-
Costais iomlána idirnáisiúnta	-	-
Costais iomlána Taistil agus Cothaithe	25,102	49,521

## 5.2 Costais oibriúcháin

Is costais iad seo a bhaineann le seachadadh tionscadal ar mhaith le hearnáil na nÚdarás Áitiúil. Baineann a bhformhór le forbairt, le cur i bhfeidhm agus le cothabháil réiteach TF don earnáil i ndáil leis na tionscadail seo a leanas:

	2021 €	2020 €
Córas Bainistíochta Airgeadais	1,363,354	1,409,404
Tionscadail Bóithre	1,645,898	2,471,614
AD, Párola & Aoisliúntas	4,146,304	3,693,969
Lónra, córais agus seirbhísí óstáilte GBRÁ	941,142	1,378,348
Aonad Forbartha Leabharlainne	4,296,915	2,537,437
Seirbhísí Roinnte	652,288	464,728
Athchóiriú ar Theach an Fhionnusce	116,174	-
Tithíocht	574,079	497,926
Seirbhísí Biúró	378,795	151,378
i-Reg	194,153	140,387
Pleanáil	1,097,153	519,417
Tuairisceáin LG	88,117	37,577
Ceadúnú TFC	7,102,480	5,791,539
Taighde	-	42,768
Nuálaíocht earnála & Tacaíocht Gnó	-	52,199
Cumarsáid Earnála	12,046	9,838
Tionscadail eile agus bainistiú clár	397,821	312,343
	<b>23,006,719</b>	<b>19,510,872</b>

## 5.3 Costais áitribh

Baineann siad seo le costais reatha áitribh GBRÁ ag Teach Rialtais Áitiúil, 35-39 Cé Uiséir, Baile Átha Cliath 2 agus ag Teach an Fhionnusce, 27 Bóthar Conyngham, Baile Átha Cliath 8.

	2021 €	2020 €
Cíos agus Rátaí & Muirir Sheirbhíse	205,122	196,775
Solas agus teas	101,935	139,715
Cothabháil, deisiúcháin, glantachán agus slándáil	347,504	358,060
	<b>654,560</b>	<b>694,550</b>

## 5.4 Costais riarracháin

Cuimsíonn siad seo costais oifige, árachas, earcú foirne, táillí gairmiúla etc. Áirítear leo:

	2021 €	2020 €
Costais phearsanra, earcú san áireamh	365,560	479,287
Teileafóin, postas agus páipéarachas	389,832	208,300
Muirir Bhainc agus Táillí Ceannaithe	53,375	44,550
Táillí Iniúchóireachta, iniúchadh inmheánach san áireamh	44,542	39,559
Táillí gairmiúla, táillí dlí san áireamh	441,671	374,013
Árachais	59,687	59,072
Ilghnéitheach	8,932	14,146
	<b>1,363,599</b>	<b>1,218,927</b>

## 5.5 Táillí gairmiúla agus costais eile

Áirítear iad seo a leanas faoi chostais oibriúcháin agus forchostais:

Costas iniúchta reachtúil	14,461	15,000
Costas Iníúchta Inmheánaigh	30,081	24,559
Ús agus muirir a bhaineann le híocaíocht phras	358	717

Táillí dlí níos mó ná €10,000 do na gníomhaíochtaí seo a leanas:

Comhairle ar shaincheisteanna earnála agus ar chonarthaí	145,926	26,610
Costais chorparáide GBRÁ	25,335	-

Bhí socrú €25,000 ann agus d'foc GBRÁ costais dlí maidir le próiseas tairisceana. Táillí comhairliúcháin agus dlí níos mó ná €10,000 do na gníomhaíochtaí seo a leanas:

Comhairle ar shaincheisteanna na hearnála Rialtais Áitiúil**	782,451	563,493
Caidreamh poiblí	31,258	29,295
Costais chorparáide GBRÁ	152,427	47,265

\*\* Áirítear leis seo comhairle ar Theicneolaíocht Faisnéise, Bonneagar Uisce, Tithíocht, Leabharlann agus taighde.

Ba é costas iomlán na ranníocaíochtaí do ghníomhaíochtaí agus imeachtaí sóisialta na forgne in 2021 ná €1,266 (2020 €2,845).

## 6 Íocaíochtaí amach bailiúchán agus clár maoinithe

Le linn 2013, tháinig GBRÁ chun bheith ina chomhlacht atá freagrach as bailiú costas a riad agus élimh chistithe a dhéanamh chuig an rialtas láir, an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta faoi láthair (DHLGH), thar ceann na n-údarás áitiúil sin atá ina bpriomhúdaráis le haghaidh seirbhísí comhroinnte.

Ón GBRÁ a aisíocatar costais cheadaithe a thabhaíonn údaráis áitiúla chun seirbhísí comhroinnte a sholáthar, agus faigheann GBRÁ maoiniú ón DHLGH dá réir sin.

Ina theannta sin, is í GBRÁ an ghníomhaireacht ainmnithe chun NPPR, Muirir Teaghlaigh agus táillí Protect our Water a bhailiú mar a thuairiscítear i nóta 3, agus glanfháltais á fóic amach le hÚdaráis Áitiúla.

Is iad seo a leanas na príomhbhailiúcháin agus maoiniú deontais le híoc amach:

	2021 €	2020 €
Seirbhísí Leabharlainne*	1,279,501	695,120
Glanfháltais NPPR íoctha amach	28,612,595	26,419,166
Glanfháltais Protect our Water	121,116	117,270
Cistí seirbhísí comhroinnte	1116,318	1,356,239
	<hr/> 31,129,530	<hr/> 28,587,795

\*Áirítear le seirbhísí leabharlainne suim de €200,000 a íocatar le húdair, le maisitheoirí etc. a dtugtar a gcuide leabhar ar iasachta ó leabharlanna poiblí, faoin Scéim Luach Saothair Iasachta Poiblí.

## 7 Sócmhainní Neamh-Reatha - Sócmhainní Inláimhsithe Sceideal maoine, gléasra agus trealmimh

	Áitribh	Daingneán & Feistis	Trealamh Ríomhaire	Trealamh Oifige & Troscán	Trealamh Ríomhaire	lomlán
COSTAS	€	€	€	€	€	€
Costas Carnach amhail an						
01/01/2021	17,850,000	1,809,326	3,115,066	617,423	20,902	23,412,717
Diúscairtí	-	-	-	-	-	-
Breisithe	928,047	-	68,559	-	-	996,606
Athluacháil	-	-	-	-	-	-
Costas Carnach amhail an						
31/12/2021	18,778,047	1,809,326	3,183,625	617,423	20,902	24,409,323

## DÍMHEAS

Dímheas Carnach amhail an

01/01/2021	84,330	1,809,326	2,969,737	603,926	20,902	5,488,221
Diúscairtí	-	-	-	-	-	-
Muirear don Bhliaín	654,565	-	127,848	2,812	-	785,225
Athluacháil	-	-	-	-	-	-

Dímheas Carnach amhail an

31/12/2021	738,895	1,809,326	3,097,585	606,738	20,902	6,273,446
------------	---------	-----------	-----------	---------	--------	-----------

Glanluach Leabhar amhail an

31/12/2021	18,039,152	-	86,040	10,685	-	18,135,877
31/12/2020	17,765,669	-	145,329	13,497	-	17,924,496

## 8 Airgead Tirim agus Coibhéis Airgid Thirim

	2021	2020
	€	€
Cuntas oibriúcháin GBRÁ	518,847	735,983
Cuntas bhainc NPPR	2,262,129	2,663,558
Muirear Teaghlaigh	15,943	16,056
Protect our Water	1,481,633	1,263,801
	4,278,552	4,679,398

## 9 Infháltais

		€	€
Féichiúnaithe		691,794	340,686
Iasacht infhála do sheirbhísí comhroinnte	Nóta 11	2,702,880	2,454,590
Réamhíocaíochtaí & ioncam fabhraithe		2,986,233	1,188,325
		<b>6,380,907</b>	<b>3,983,601</b>

## 10 Suimeanna iníochta

		2021 €	2020 €
Creidiúnaithe trádála		883,737	776,371
Iasacht chistithe dlite taobh istigh de bhliain amháin	Nóta 11	430,944	367,148
Cáin agus slándáil shóisialach		306,211	281,758
Creidiúnaithe eile, fabhruithe*** agus ioncam réamhíoctha		14,773,483	11,320,835
		<b>16,394,375</b>	<b>12,746,112</b>

\*\*\*Áirítear le fabhruithe soláthar chun seirbhísí TFC GBRÁ de €271,643 (2020; €661,774) a athstruchtúrú.

Tá an clár oibre chun dul i gneileac le saincheisteanna agus rioscaí bunúsacha a bhaineann le feidhmiú an eastáit TFC reatha ar siúl.

## 11 Creidiúnaithe: méideanna a bheidh dlite tar éis bliana amháin ar a laghad

Iasacht chistithe iníochta	2,702,880	2,543,384
	<b>2,702,880</b>	<b>2,543,384</b>

In 2014 fuair GBRÁ cead, thar ceann an ionaid seirbhísí comhroinnte MyPay, maidir le saoráid iasachta €7m chun tacú le feidhmiú céimneach tionscnaimh seirbhísí comhroinnte, an tseirbhís chomhroinnte MyPay, do gach údarás áitiúil. Comhaontaíodh saoráid iasachta leis an nGníomhaireacht Airgeadais do Thithe in 2014 ag ráta úis 1.75%, téarma 10 mbliana agus le tréimhsí aisíocaíochta leathbhliantúla.

Rinneadh íostarraingtí €4,315,000 go dtí seo. Aistrítear cistí íostarraingthe chuig an ionad seirbhísí comhroinnte MyPay a léiríonn an dliteanas don GBRÁ ina gcontaíns. Tá aisíocaíochtaí iasachta agus costais úis maoinithe ag an ionad seirbhísí comhroinnte MyPay de réir mar a thagann siad chun cinn.

## 12 Anailís ar Chúlchistí

	<b>Athluacháil Cúlchiste</b>	<b>Cúlchiste Coinnithe</b>	<b>Ioncam</b>		
			<b>Coinnithe Cuir in áirithe</b>	<b>Speisialta</b>	<b>lomlán</b>
	<b>€</b>	<b>€</b>	<b>€</b>	<b>€</b>	<b>€</b>
Iarmhéid tosaigh ar an 1 Eanáir 2020	14,608,252	19,705,492	34,313,744	3,660,092	37,973,836
Ranníocaíochtaí Údarás Áitiúil sa tréimhse	-	-	-	228,910	228,910
Ús tuillte	-	-	-	11,194	11,194
Pinsin chnapshuime íoctha le linn na bliana	-	-	-	(388,409)	(388,409)
Barrachas / (Easnamh) don bhliain	-	393,993	393,993	-	393,993
Dímheas ar átribh athluachálte	(436,553)	436,553	-	-	-
Athluacháil maoine	-	-	-	-	-
Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2020	14,171,699	20,536,038	34,707,737	3,511,787	38,219,524

Baineann an Cúlchiste Athluachála le Teach Rialtais Áitiúil, 35-39 Cé Uiséir, Baile Átha Cliath 8 agus le Teach an Fhionnusisce, 27 Bóthar Conyngham, Baile Átha Cliath 8.

Tá rún ag Bord GBRÁ an ghníomhaireacht a astriú amach as an spás oifige atá aige faoi láthair agus foirgneamh amháin níos mó a cheannach ina mbeadh an fhoireann ar fad agus a shásódh riachtanais saoráidí. Tá sé seo deacair sa mhargadh reatha; mar sin féin, leanfaimid le Cúlchistí Ginearálta a charnadh chun an cuspóir seo a mhaoiniú.

Cruthaíodh an Cúlchiste Speisialta chun fócaíocht méideanna na cnapschuime scoir a dhéanamh. Léirítear an cúlchiste seo ag an gCuntas Infheistíochta, léirithe faoi Shócmhainní Reatha ar an gClár Comhardaithe.

## 13 Dliteanas Theagmhasacha

Tá gach dliteanas ionchasach de chuid GBRÁ léirithe sna cuntais. Níl an Bord ar an eolas faoi aon dliteanas teagmhasacha ábhartha ag an dáta tuairiscithe.

## 14 Ceangaltais - caipiteal

Ní raibh aon cheangaltais chaipitil ann ag deireadh na bliana.

## 15 Teagmhais tar éis an dáta tuairiscithe

Ní raibh aon teagmhais tar éis an dáta tuairiscithe a d'éileodh coigeartú nó nochtadh sna Ráitis Airgeadais..

## 16 Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh an Bord na Ráitis Airgeadais ar an 26 Bealtaine 2022.

## Notaí

---

## Notaí

---





**LGMA**

An Ghníomhaireacht  
Bainistíochta Rialtais Áitiúil

Local Government  
Management Agency

